www.gaelsceal.ie

Micheál Ó Muircheartaigh ag éirí as - labhraíonn sé le Gaelscéal

L. 31

Laoch Litríochta na nGael

L. 7

Crann Beag na nEalaíon

L. 22

ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 26

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

17.09.2010

Gaeilge ag 30% de pháistí na Gaeltachta

Anailís le Donncha Ó hÉallaithe

D'ÉIRIGH le 2,326 (70%) den 3,355 teaghlach Gaeltachta a rinne iarratas faoi Scéim Labhairt na Gaeilge, an deontas iomlán a fháil anuraidh agus tugadh an deontas laghdaithe do 449 (13%) eile.

Nuair a deirtear ar an gcaoi sin é, tá an chuma air go bhfuil líofacht Ghaeilge ag formhór na ndaltaí scoile sa Ghaeltacht.

Dar leis Aire Gaeltachta Pádraig Ó Ciardha go léiríonn figiúirí Scéim Labhairt na Gaeilge go bhfuil an teanga "á labhairt go forleathan sa Ghaeltacht i gcónaí agus ar a dtoil ag lear mór den dream óg."

Ní mar sin atá, áfach.

Thart ar 10,000 teaghlach le páistí scoile atá sa Ghaeltacht oifigiúil. 6,500 acu, ní bhacann siad le hiarratas a dhéanamh, mar go dtuigeann a bhformhór nach bhfuil a ndóthain Gaeilge ag a gcuid gasúr le cur isteach ar an scéim.

Is é fírinne an scéil go léiríonn na figiúirí ón SLG 2009/10 go bhfuil líofacht mhaith Ghaeilge ag thart ar 25% de na teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu sa Ghaeltacht oifigiúil agus go bhfuil Gaeilge maith go leor ag páistí ó 4.5% teaghlach eile. Tá 60 iarratas nach bhfuil scrúdaithe fós. Is beag athrú a chuirfidís ar an scéal.

Anailís iomlán ar leathanach 6.

Chloie Nic Dhonnacha (2) agus a hathair, Joe ón Máimín, Conamara, ag baint taitnimh as na báid seoil ag Oíche na nDeich Seol ag Céibh Ghlais na nUan, Ceantar na nOileán. Taispeánadh beochana cruthaithe ag páistí áitiúla ar sheoltaí báid a bhí ar ancaire sa chuan.

PIC: SEAN O MAINNIN

IDIRNÁISIÚNTA

Athraithe Móra i ndán do SAM

Seán Ó Curraighín, in Minnesota, SAM

TÁ cuma ar chúrsaí go mbeidh athruithe móra ar leagan amach na cumhachta sna Stáit Aontaithe sa toghchán lár téarma ag tús Samhna. Tá na Poblachtaigh ar ríocht cumhacht a bhaint amach i dTeach na nIonadaithe agus iad gar don éacht céanna sa Seanad, dar le pobalbhreith *Washington Post-ABC*.

In agallamh le Gaelscéal, dúirt an tOllamh le hEolaíocht Pholaitiúil i UST, Minnesota, Nancy Zingale, go gcaillfidh na Daonlathaigh cumhacht an tromlaigh i dTeach na nIonadaithe. "Reifreann a mbeidh ann ar thréimhse Oifige Obama. Tá sé dosheachanta go gcaillfidh na Daonlathaigh suíocháin. Tá siad ag iarraidh an sléacht a dhéanfar orthu a shrianadh," arsa an tOllamh.

Ar lean ar leathanach 5

Nuacht na nÓg

AN tseachtain seo chugainn cuirfimid tús le **forlíonadh speisialta oideachasúil in Gaelscéal - 'Nuacht na nÓg'**. Beidh sé leagtha amach mar a bheadh gnáthnuachtán ann agus beidh meascán ann de scéalta nuachta dírithe ar an aos óg, a mbeidh gluais ag dul leo, ábhar bunaithe ar an gcuraclam iarbhunscoile agus bunscoile, ailt spórt, 'Scéalta na Réaltaí' agus comórtas iriseoireachta. Beidh fócas faoi leith againn ar ábhair scoile áirithe, ina measc an Ghaeilge, Tíreolas, OSPS agus an OSSP. Beidh 'Nuacht na nÓg' thar a bheith feiliúnach le húsáid sa seomra ranga agus beidh ábhar breise tacaíochta don mhúinteoir le fáil i bhfoirm nótaí, físeán, podchraoltaí agus ábhar ilmheáin ar www.gaelsceal.ie.

Ar lean ar leathanach 2

Nós*

TÁ lúcháir orainn a fhógairt go mbeidh **Gaelscéal** agus **nós*** ag comhoibriú le chéile as seo amach agus go mbeidh an iris **nós*** á foilsiú mar fhorlíonadh neamhspleách le Gaelscéal san eagrán deiridh den mhí as seo amach.

Nuair a tháinig **nós*** amach den chéad uair i mí an Mhárta 2008, d'athraigh an iris spreagúil, spraíúil, shiamsúil seo na meáin Ghaeilge clóite go deo, ag leagan síos caighdeán úr lena leathanaigh lándaite lán le scéalta suimiúla. Arsa Tomaí Ó Conghaile ó nós*, "tá lúcháir ar nós* tabhairt faoin pháirtnéireacht úr seo a dhéanfaidh cinnte go mbeidh scoth an ábhair ar fáil do léitheoirí na Gaeilge."

"Ní bhfuair nós* aon mhaoiniú riamh agus tugann sé seo deis don iris leanúint ar aghaidh agus cur le forbairt Gaelscéal ag an am céanna," arsa Tomaí.

RÉIGIÚNACH 8
TUAIRIMÍ 12
CÚRSAI SAOIL 16
GNÓ 18
COMHSHAOL 20
BEATHA 22
OIDEACHAS 26
I measc an phobail 28
SPÓRT 29

1 NUACHT NÁISIÚNTA

Nuacht na nÓg

Ar lean ó leathanach a haon
Beidh fáilte roimh ailt nuachta, físeáin agus podchraoltaí ó dhaltaí chomh maith, ag insint faoi imeachtaí, ócáidí agus eachtraí atá ag tarlú timpeall na tíre. Roghnófar na cinn is fearr le foilsiú agus beidh duaiseanna maithe á mbronnadh againn ar na hiarrachtaí is fearr. Le bheith san iomaíocht, is féidir ábhar a sheoladh chugainn ag **eolas@gaelsceal.ie**.

Tá an fhorbairt seo ar siúl mar chuid den fhís níos leithne atá againn mar Gaelscéal, is é sin 'Ag Cothú Phobal na Gaeilge'. Teastaíonn uainn an t-aos óg a ghríosú le suim a chur i gcúrsaí reatha agus nuachta agus chun dul i mbun scéalaíochta iad féin.

Bígí linn ar an aistear!

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Trevor Ó Clochartaigh
Bainisteoir Tionscadail
trevor.oclochartaigh@gaelsceal.ie

Treasa Bhreathnach
Soláthróir Ábhair
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

Meadhbh Ní Eadhra
Soláthróir Ábhair
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Uimhir Oifige :
00353-91-897766
00353-91-536201
nuacht@gaelsceal.ie

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

"Tá seans an-mhaith agam": Higgins

Meadhbh Ní Eadhra

"CEAPAIM go bhfuil seans ann na seacht mbliana d'Uachtaránacht a úsáid chun aird a dhíriú ar na nithe atá tábhachtach, mar shampla díospóireacht faoi cén sórt tír atá ag teastáil uainn, cén sórt saoránacht atá i ndán don ghlúin atá ann agus le teacht, ábhair mar sin," a deir an tUasal Higgins. " Ar bhealach, táim ag iarraidh an díospóireacht a thosaigh mé i mo leabhar *Causes for Concern* a leathnú amach ar bhonn náisiúnta."

Deir sé go bhfuil "géarghá" le hanailís cheart a dhéanamh ar na roghanna atá againn agus ar céard is féidir a dhéanamh sa tsochaí ina maireann muid.

"An bhfuil aon éalú as an sórt tuairimíocht agus polaitíocht theoiriciúil atá againn faoi láthair? Sin an cheist," ar sé.

Maíonn sé go bhfuil an taithí aige tabhairt faoi ról an Uachtaráin agus go bhfuil a lán ama caite aige sna hoifigí sa tír seo, ón gComhairle Contae suas go dtí an tAontas Eorpach.

"Beidh mé in ann an post a líonadh i gceart agus cumas intleachtach a thabhairt leis," ar sé. Tá Fergus Finlay ag lorg ainmniúcháin ó Pháirtí an Lucht Oibre freisin, ach ceapann Michael D. Higgins go bhfuil an chuid is mó díobh siúd a dhéanfaidh an rogha báúil dó féin.

"Ceapaim go bhfuil seans an-mhaith agam," ar sé.

Deir sé go bhfuil sé "fíorthábhachtach" go mbeadh Gaeilge ag an Uachtarán.

"Bhí an Ghaeilge an-tábhachtach i gcónaí dom féin," ar sé. "Ceapaim go mbeadh mé in ann i bhfad níos mó a dhéanamh ar son na Gaeilge ná mar atá déanta ag Uachtaráin eile. Tá meon cúnaigeanta ann faoin nGaeilge. Cuimhním go minic ar an bhfeachtas uafásach a cuireadh i mo choinne nuair a bhunaigh mé TG4, mar shampla. Bhí sin uafásach. Bhí cúpla foinse laistigh den Ghaeltacht féin ag cur i mo choinne fiú."

Níl tús curtha aige leis an stocaireacht go fóill mar nach bhfuil an rogha déanta go fóill cé a bheidh á ainmniú ag Páirtí an Lucht Oibre.

"Tá mé sásta glacadh leis an dúshlán atá ann a bheith roghnaithe le rith don Uachtaránacht agus táim dóchasach faoin toradh," ar sé. "Bhí mé ag smaoineamh air seo i rith an tSamhraidh agus rinne a lán eagraíochtaí agus daoine taobh amuigh de Pháirtí an Lucht Oibre teagmháil liom agus d'iarr siad orm seasamh. Sin an fáth go bhfuilim á dhéanamh is dócha. Ceapaim go bhfuil sé tábhachtach cuimhniú gurb é seo an t-aon seans a bheidh ann agus táim chun an tseans sin a thógáil." Fógraíodh an tseachtain seo freisin, ag comhdháil Pháirtí an Lucht Oibre i Ros Comáin, nach mbeidh Michael D. Higgins ag rith do thoghcheantar na Gaillimhe Thiar sa chéad olltoghchán eile, má thagann sé roimh thoghchán na hUachtaránachta.



Paisley i mbun agóide faoi chuairt an Phápa

Meadhbh Ní Eadhra

THUIRLING an Pápa Beinidict XVI in Aerfort Dhún Éideann maidin inné ag tús a chuairte ceithre lá go hAlbain. I measc na ndaoine atá i mbun agóide faoi chuairt an Phápa, tá Ian Paisley, a deir go ndearna roinnt mhór Caitliceach teagmháil leis agus iad buartha faoi ghníomhaíochtaí na Róimhe maidir le mí-úsáid páistí. Ach thaistil thart ar 240 duine ó Chontae an Dúin agus ó Chontae Aontroma go Glaschú inné agus iad ag iarraidh an Pápa a fheiceáil. Táthar ag súil go mbeidh máirseáil ag tarlú i Londain amárach, eagraithe ag an bhfeachtas Protest the Pope, bailiúchán de ghrúpaí éagsúla cosúil le feachtasóirí cearta daonna.

"An cúinne casta ag Éirinn"

Treasa Bhreathnach

BHÍ an Taoiseach Brian Cowan sa Bhruiséil inné ag freastal ar chruinniú de cheannairí na hEorpa. Mar chuid den ábhar a pléadh, phléigh siad cén bealach is fearr le fíneáil a chuir ar na tíortha a sháraíonn rialacha a bhaineann le fiacha agus easnamh. Ní raibh *Anglo Irish Bank* ar an gclár oifigiúil. Deir an Banc *Morgan Stanley* faoi eacnamaíocht na hÉireann go bhfuil an cúinne casta ag Éirinn tar éis don chinneadh a bheith déanta faoi thodhchaí Anglo an tseachtain seo caite.

Tá sé i gceist ag an rialtas an banc a scoilteadh ina dhá leath, banc maoinithe agus banc aisghabháil sócmhainní. Is iad *Morgan Stanley* ceann de na bainc is mó infheistíocht sa domhan agus tá sé ráite acu go gcabhróidh pleananna an rialtais i leith *Anglo Irish Bank* le deireadh a chur le roinnt den bhuairt, cé nach bhfuil an bille deireanach cinntithe go fóill. I dtuarascáil a d'eisigh an banc d'aontaigh siad go raibh dúshláin na hÉireann mórán níos mó ná áiteanna eile. Ach, deir siad chomh maith gur féidir le hÉirinn na dúshláin sin a shárú agus d'úsáid siad fás olltáirgeacht intíre de 2.7% sa chéad cheathrú den bhliain mar dhea-shampla.

Vacsaíniú Náisiúnta i gcoinne ailse cheirbheacs

Treasa Bhreathnach

THOSAIGH an vacsaíniú náisiúnta de chailíní meánscoile i gcoinne ailse cheirbheacs inné.

Deir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) go gcabhróidh an vacsaín le os cionn 57,000 cailín scoile cosaint in aghaidh na hailse a fháil mar dhaoine fásta. Beifear á thairiscint do chailíní sa chéad agus sa dara bliain ar scoil. Meastar go gcabhróidh an vacsaín le níos mó ná 60 duine a shábháil ón mbás gach bliain. Is í ailse cheirbheacs an dara hailse is coitianta in Éirinn i mná idir 15 agus 44 bliain d'aois.

Tá nasc cruthaithe idir HPV nó *Human Papillomavirus* agus ailse cheirbheacs agus meastar go mbeidh an víreas ag timpeall 80% de dhaoine ina saol. Is é Gardasil an vacsaín atá ar fáil agus é saor in aisce.

Faigheann timpeall 250 bean ailse cheirbheacs gach bliain agus faigheann timpeall ochtó bás.

Deir an FSS gur cheart go gcuirfeadh an vacsaín cosc ar 70% de na cásanna seo ar a laghad.

Tugtar eolas cuimsitheach do thuismitheoirí na gcailíní atá chun an vacsaín a fháil agus iarrann an FSS ar thuismitheoirí dul chuig a suíomh idirlín www.hpv.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Ní raibh an suíomh céanna ag obair inné nuair a rinne mé féin iarracht dul air.

Soiléiriú

MAIDIR le halt a foilsíodh in Gaelscéal na seachtaine seo caite dar teideal 'Naíonraí faoi bhrú sna breac-Ghaeltachtaí', ba mhaith linn a shoiléiriú gur i nGaeilge amháin a labhraíonn Stiúrthóir Naíonra San Prionsias i dTír Oileáin i nGaillimh leis na páistí sa naíonra. Má úsáideann páistí sa naíonra focail Bhéarla is é polasaí an naíonra athrá a dhéanamh, i nGaeilge, ar an méid a dúradh le go bhfoghlaimeoidh an páiste an Ghaeilge ar an mbealach sin.

Cowan Caoch ar Carlsberg?

Bhí go leor conspóide ann an tseachtain seo faoi agallamh a thug an Taoiseach Brian Cowen ar RTÉ Raidió 1 maidin Dé Máirt, agus é i nGaillimh mar chuid de chomhdháil Fhianna Fáil. Dúradh go raibh póit air nó go raibh sé fós ar meisce, agus cé gur shéan an Taoiseach é seo, ghabh sé leithscéal Dé Céadaoin as caighdeán an agallaimh a thug sé. Labhair **Treasa Bhreathnach** agus **Meadhbh Ní Eadhra** le meascán daoine ar shráideanna na Gaillimhe chun a gcuid tuairimí a fháil faoi.

Rónán Ó Cuinn, Gaillimh

"Ceapaim gur raiméis é an rud ar fad, ní bhacaim le rudaí mar sin. Níor chuala mé ar an raidió é, agus ní raibh a fhios agam go ndearna sé agallamh ar an raidió fiú. Cheap mé go raibh sé ag teacht as teach tábhairne nó rud éigin go dtí go ndúirt duine éigin liom faoi. Maidir leis na páipéir agus na meáin ag déanamh a mhór den scéal, ceapaim gur raiméis é go léir agus níor cheart aird a thabhairt air."

Lorcan McGinty (14) – dalta i gColáiste Sheosaimh i nGaillimh

"Chuala mé faoin scéal seo agus faoin póit a bhí ar an Taoiseach agus é ag déanamh agallamh ar an raidió. Ceapaim gur cheart go scaoilfear as a phost Brian Cowen, mar gheall ar an rud a tharla. Creidim go raibh sé ar meisce agus níor cheart go mbeadh sé. Ní deá-shampla é sin don chuid eile den tír."

Derek Speed, Learpholl (I nGaillimh ar chúrsaí gnó)

"Is é Brian Cowen atá ag déanamh ionadaíocht ar bhur dtír, agus ní bhreathnaíonn sé rómhaith ar an gcuid eile den tír má tá póit ar Cheann an Stáit. De réir dealraimh bhí sé amuigh ag ól go dtí a trí a chlog ar maidin.

Tá sé féaráilte go leor má bhíonn cúpla beoir aige agus é i nGaillimh, tuigim sin, ach a bheith ciallmhar faoi. Ach más rud é go raibh sé ar meisce nó go raibh póit air, ba cheart dó an t-agallamh a chur ar ceal, agus a rá gur tháinig rud éigin práinneach aníos. Ba cheart dó leithscéal éigin a chumadh.

Níl a fhios agam i ndáiríre cé chomh maith agus atá sé ag déanamh ina phost, ach má tá ag éirí go maith leis, táim cinnte go ndéanfaidh daoine dearmad air seo. Cáineann daoine a chéile go tapaidh agus go héasca ach ag deireadh an lae níl ann ach gur ól sé an iomarca."

Kaylem Ruane (14) Coláiste Íosaf, Gaillimh

"Tá cead aige sult a bhaint as a shaol sóisialta féin ach má bhí a fhios aige go raibh agallamh mór aige an lá dár gcionn b'fhéidir nach é an smaoineamh is fearr. Tá cead ag daoine fásta dul ar an piss, tá saol sóisialta acu. Ach, ritheann sé Éire agus ba cheart go mbeadh a fhios aige gan a bheith ag ól chomh deireanach. Fan ag ól go dtí meán oíche agus bheadh an dóthain uaireanta codladh aige ach ní cheapaim go raibh a dhóthain aige i gceithre huaire a chloig."

Michael St. George, Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.

"Níor chuala mé an t-agallamh ach ní cheapaim gur ceannaire maith é. Tá sé ar fud an domhain anois de réir dealraimh. Léigh mé sa pháipéar inniu go raibh sé amuigh i Taiwan agus tá sé sin fada go leor ar shiúl. Má tá sé imithe ar fud an domhain agus má tá muid ag dul ag cuardach airgead ó na tíortha sin, níl sé sin go maith."

Theresa Fitzgerald, Inis, Co. an Chláir

"Is teachtaireacht uafásach é do dhaoine óga na tíre. Tá meabhairshláinte na n-óg an-dona sa tír seo mar gheall nach bhfuil aon obair acu. Agus ansin, amach le Cowan agus é ólta nó cibé cén rud, cén fáth a bhfuil airgead aige le fáil ólta agus tá daoine sa tír agus iad ocrach agus gan a bheith in ann morgáiste nó billí a íoc."

'Northern Ireland Union of the Unemployed'

Anton Mac Cába

DÉ Sathairn, tá dhá mórshiúl le bheith ag an cheardchumann nua do dhaoine dífhostaithe sa Tuaisceart, an *'Northern Ireland Union of the Unemployed'*. Fágfaidh mórshiúl amháin Machaire Fíolta i gCo. Doire, an ceann eile Dún Geanainn, agus tiocfaidh siad lena chéile ar na Corra Críocha i dTír Eoghain. Dúirt Michael Craig, urlabhraí an cheardchumainn, go bhfuil siad le hiarraidh ar na hoifigigh sa Roinn Forbartha Sóisialta agus sa Gníomhaireacht Slándála Sóisialta gan iachall a chur ar dhaoine dífhostaithe foirmeacha a líonadh le cruthú go bhfuil siad sa tóir ar phostanna – nach ann do na postanna céanna.

Dar leis an cheardchumann nach bhfuil an rialtas ag caitheamh leis an mhuintir dhífhostaithe ar bhonn daonnachtúil. "Má tá orainn maireachtáil faoi chóras caipitleach, ar a laghad bíodh an margadh is fearr againn," arsa Craig.

Dar leis go bhfuil sé tábhachtach daoine dífhostaithe a eagrú: "Ceann de na rudaí a spreag sinn ná nár eagraíodh an mhuintir dhífhostaithe sna tríochaidí. Bhí an ghluaiseacht Fhaisisteach ann san Eoraip, maraíodh 30 milliún duine."

Tá súil ag an cheardchumann nua picéidí agus a leithéidí a eagrú. Beidh siad ag déanamh beart amháin roimh dheireadh na míosa: "Táimid ag caint leis na ceannairí ceardchumainn, ar phlean gníomhaíochta don Lá Gníomhaíochta Eorpach ar an 29 Meán Fómhair. Cibé líon daoine go mbeimid ábalta a thabhairt lena chéile, déanfaidh siad a ndícheall ar an lá."

Tá sé de rún ag an cheardchumann comhcheangail a dhéanamh le Ceardchumann Neamhspleách na nOibrithe. "Cheana, tá Ceardchumann Neamhspleách na nOibrithe ag tabhairt lán-tacaíochta dúinn," arsa Craig.

Greim na Sainte
Dráma Grinn Úrscríofa
le Proinsias Ó Cuilinn
á léiriú ag
Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh, Tír Chonaill
ag Club na Múinteoirí,
36 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath
Satharn 18 Meán Fómhair Tosnú: 7.30pm

An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta
Camas, Co. na Gaillimhe.
091 574146 eolas@drama-gaeilge.com
www.drama-gaeilge.com

Foras na Gaeilge

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 17 Meán Fómhair, 2010

Easaontas ann ó thuaidh mar gheall ar chiorruithe beartaithe sa bhuiséad

Anton Mac Cába

TÁ easaontas poiblí idir Sinn Féin agus an DUP ó thuaidh maidir le ciorruithe. Ainneoin sin, séanann urlabhraithe thar ceann na bpáirtithe go léir go bhfuil aon bhagairt ann do sheasmhacht an Fheidhmeannais.

D'fhógair an tAire Airgeadais agus Pearsanra, Sammy Wilson ón DUP, go raibh iallach ar na polaiteoirí uile bheith "réalaíoch," cé go raibh sé in amhras nach raibh siad "toilteanach tabhairt faoi na ceisteanna tromchúiseacha airgeadais atá dá gcur. Bímis soiléir: ní thig linn cinní deacra a sheachaint agus muid ag ceapadh buiséad nua."

A mhalairt de phort a bhí ag ball sinsearach de Choiste Airgeadais agus Pearsanra an Tionóil, Mitchel McLaughlin ó Shinn Féin. Dar le McLaughlin gur cheart an fód a sheasamh in éadan ciorruithe ar bith a mholann rialtas na Breataine, nó

a chuireann sé i bhfeidhm. Is é an t-éileamh poiblí atá ag Sinn Féin ná go seasfadh na cúig pháirtí sa bhFeidhmeannas le chéile in éadan na gciorruithe.

San feidhmeannas, tá easaontas ach go háirithe idir Conor Murphy, Aire Forbartha Réigiúnaí, agus Wilson. Mhol Murphy ath-náisiúnú a dhéanamh ar Uisce Thuaisceart Éireann, comhlacht atá faoi úinéireacht an rialtais.

Dé Luain sa Tionól, dúirt Murphy go raibh sé mar aidhm fhadtéarmach aige, "seirbhísí uisce agus séarachais bheith curtha ar fáil ag foras, go bhfuil sé soiléir gur sa tseirbhís phoiblí atá, é curtha faoi smacht agus coinníollacha na seirbhíse poiblí, agus nár bunaíodh le táillí uisce faoi leith a thabhairt isteach do líonta tí, ná le príobháidiú."

Dúirt Wilson go raibh ar mhol Murphy "idir dhaor agus neamhréalaíoch."

Ní idir Sinn Féin agus an DUP amháin atá easaontas. Tá an tAire Sláinte, Michael McGimpsey, Aontachtóir Ultach, ag éileamh go ndéanfaí cosaint iomlán ar bhuiséad roinne s'aige. Tá sin ag tarlú sa Bhreatain, ach ní ó thuaidh.

Is é an cúlra atá leis seo ná na ciorruithe atá le cur i bhfeidhm. Faigheann an Feidhmeannas Blocdheontas £10 mbilliún sa bhliain ó rialtas na Breataine. Meastar go bhfuil suas le £1.5 billiún le ciorrú ón mBlocdheontas. Foilseofar an Léirmheas Cuimsitheach ar an Chaiteachas Poiblí ar an 23 Deireadh Fómhair. Táthar ag caint ar chiorruithe £2 bhilliún san iomlán, nó idir 20% agus 25% i ngach roinn.

Bheadh impleachtaí móra aige seo don Tuaisceart. Téann an leath-chuid den chaiteachas poiblí ar phá. Tá 32% orthu siúd atá ag obair fostaithe san earnáil phoiblí. Níorbh fhéidir ciorruithe ar an leibhéal seo a chur i bhfeidhm gan líon suntasach post a chiorrú.

Dealraíonn sé gur sin a bhí i gceist ag an Chéad-Aire Peter Robinson nuair a dúirt sé go raibh an méid a bhí i ndán tubaisteach, ach go raibh na ciorruithe dosheachanta agus meathlú fada i ndán. Dar leis gur gá an bhéim a chur ar chaiteachas poiblí a bheadh ar leas an fháis sa gheilleagar.

Ní cluiche iomlán oscailte atá ar siúl ag an DUP ach an oiread. Dúirt foinse go raibh siad ag déanamh réidh do na féidearthachtaí ba mheasa, ach go raibh súil acu nach mbeadh orthu ciorruithe chomh mór a chur i bhfeidhm.

Leis, cuireann an DUP i leith Shinn Féin go bhfuil airí an pháirtí sin ag ullmhú ciorruithe ina gcuid rannóg féin.

Chuir Caitríona Ruane, an tAire Oideachais, litir go raibh dáta an 14 Eanáir air chuig coiste roinne s'aici. Dar léi go raibh coigiltis shuntasacha de dhíth, go mbeadh "pian" ann, agus "ní féidir a sheachaint go mbeidh laghdú ar an mhaoiniú atá ag dul go díreach chuig an seomra ranga."

Ach shéan urlabhraí de chuid Shinn Féin go raibh airí an pháirtí ag ullmhú ciorruithe nua: "Níl duine ar bith ag séanadh go mbeidh an t-am amach romhainn deacair. Sin mar a fheicimid. Níor chóir go luífeadh daoine síos roimh rialtas na Breataine."

Tá Peter Robinson agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness, chun bualadh le George Osborne, Stát-Chisteoir na Breataine, le cás an Tuaiscirt a phlé.

Níl Stormont ach 87% Daonlathach

Ciarán Dunbar agus Oisín Mac Donnacha

AS 108 Ball Tionóil ó thuaidh, tá 12 ball tionóil ceaptha gan údarás daonlathach agus tá gach cuma ar an scéal go rachaidh an líon sin in airde go luath.

Den 12 ball ceaptha, is as an DUP ochtar acu.

Tá an DUP ach go háirithe ag cur deireadh le 'Double-jobbing' mar a thugtar air go measartha tapa, is é sin suíochán a bheith ag duine sa Tionól agus i bParlaimint Westminster ag an am céanna.

Bhí an DUP faoi bhrú ar leith chun seo a dhéanamh mar gheall ar chonspóidí a bhain le costais agus eile.

D'éirigh Nigel Dodds, an Ball Parlaiminte do Bhéal Feirste Thuaidh, as a shuíochán Tionóil Dé hAoine seo caite.

Is é William Humphrey, "oibrí pobail" i dtuaisceart Bhéal Feirste, a bheas ag glacadh a shuíocháin.

Tuigtear do Gaelscéal go bhfuil sé ar intinn ag Gregory Campbell éirí as a shuíochán tionóil go luath ach nach bhfuil aon dáta socraithe go fóill.

Is cosúil áfach go bhfanfaidh Sammy Wilson sa Tionól ar feadh tamall eile agus nach bhfuil aon rún ag Peter Robinson éirí as a ról mar Chéad-Aire.

Dar leis an DUP, cé go n-éireoidh Sammy Wilson as a shuíochán amach anseo, ní féidir leis sin a dhéanamh faoi láthair de bhrí go bhfuil sé ina Aire Airgeadais agus go bhfuil sé "ag maoirsiú an bhuiséid."

Mar sin de, beidh níos mó daoine ceaptha sa tionól sa bhreis ar an 13% de lucht déanta dlíthe atá neamh-thofa faoi láthair.

Is beag aithne atá ag an phobal ar na polaiteoirí ceaptha agus tá buaireamh á léiriú go mbainfear úsáid as polaiteoirí aitheanta chun suíocháin a bhaint ach go mbronnfar na suíocháin seo ar dhaoine atá ar bheagán taithí ina dhiaidh sin.

Deir an DUP áfach go bhfuil siad sásta leis an méid taithí atá ag na hionadaithe atá acu, "má amharcann tú ar Paul Givan a thóg post Jeffery Donaldson, tá neart taithí aige mar chomhairleoir cathrach agus mar gheall ar na poist eile a bhí aige," a dúirt urlabhra.

Tharla an toghchán deireanach don Tionól ar 7 Márta 2007 agus tá sé beartaithe toghchán a bheith ann i mí na Bealtaine 2011.

TÁ SAOIRE FÓMHAIR IONTACH LE BUACHAN LE LYNCH HOTELS!!



Seo an duais iontach atá le buachan: Saoire Fómhair dhá oíche in áiteanna éagsúla in Iarthar na hÉireann. Fanfaidh sibh i gceann de na hóstáin de chuid Lynch Hotels sa Chlár, i Luimneach nó i Maigh Eo agus beidh dhá oíche leaba agus bricfeasta agaibh chomh maith le dinnéar tráthnóna amháin, é sin ar fad do theaghlach beirt daoine fásta agus beirt pháistí. Beidh sibh in ann na hionaid iontacha fóillíochta agus uisce a úsáid saor in aisce, beidh siamsaíocht bheoga agaibh, clubanna den scoth do na páistí, gníomhaíochtaí spraoi agus a lán eile!!

Tá Lynch Hotels ag tairiscint sosanna dhá oíche den scoth ó phraghas chomh híseal le €99 (in aghaidh an duine agus iad ag roinnt seomra) le haghaidh pacáistí dhá oíche. Mar chuid de sin gheobhaidh sibh lóistín dhá oíche, bricfeasta Éireannach iomlán gach maidin agus béile tráthnóna amháin...ní bheidh sé ar fáil ach ar feadh seal beag, mar sin cuir in áirithe anois é.

Cuir do shaoire in áirithe anois ar www.lynchotels.com. Tá a lán tairiscintí iontacha eile ar fáil freisin an Fómhar seo agus tá rogha 7 n-óstán agaibh, sa Chlár, i Luimneach agus i Maigh Eo. Íosghlao 1890669900"

Chun seans a fháil le buachan, níl le déanamh agat ach an cheist seo a fhreagairt: Tá Luimneach i gCúige Mumhan.....an bhfuil an ráiteas seo Fíor nó Bréagach?
Glaoigh ar 1517 999 392 nó is féidir téacs a sheoladh leis an fhocal BUA chuig 57272

1517 calls cost €2 per call. Calls from mobiles may cost more. 57272 messages cost €2. SMS entry requires one message to be delivered. Standard network charges apply. 18+. Calls are recorded. Lines close Wednesday, September 29th 2010. The winners will be contacted by phone on Thursday, September 30th 2010. The prize is as stated and there is no cash alternative.There is one prize to be given away. SP: BDC 0818286600. PO Box 10144, D.2.

Rinneadh neamart ach ní claonpháirtíocht

Danny Brown

SCAOIL triúr ball den INLA Billy 'King Rat' Wright, ceannaire an ghrúpa dílseach LVF, nuair a bhí sé taobh istigh de veain ar a bhealach le bualadh lena pháirtí a bhí ar cuairt chuige.

Dúirt an tuarascáil go ndearna an tSeirbhís Príosúnachta neamart sa chás seo agus mhol an binse fiosraithe athruithe móra sa chóras ar fud an chórais príosúnachta ó thuaidh.

Cháin siad fosta an easpa teagmhála idir na seirbhísí slándála, an Brainse Speisialta, an PSNI agus an tseirbhís príosúnachta. Ach, cé go ndúirt siad go ndearnadh neamart, ní raibh siad sásta rá go raibh claonpháirtíocht ann.

Tá an cinneadh sin cáinte go láidir ag athair Wright, a chuir feachtas ar bun go díreach i ndiaidh dhúnmharú a mhic.

Dúirt sé Dé Máirt, nuair a foilsíodh an tuarascáil, go raibh sé dearfa de anois go raibh claonpháirtíocht ar bun sa chás.

"Má tá cuma lachan air, má tá fuaim lachan leis agus má shiúlann sé ar nós lachan, is lacha é," a dúirt sé i bpreasagallamh. Tá sé deacair gan admháil go bhfuil pointe láidir le déanamh aige.

Níor thug an tuarascáil míniú ar bith ar caidé mar a tharla sé go raibh triúr de chuid an INLA ábalta dhá ghunna a thabhairt isteach sa phríosún, poll mór a dhéanamh sa sconsa thart ar cheathrú na gcimí poblachtacha, dreapadóireacht suas ar dhíon an fhoirgnimh agus a mbealach a dhéanamh fhad leis an veain ag an bhomaite díreach ceart nuair a bhí Wright ar fáil acu le marú.

Tá dhá thuarascáil eile le foilsiú ar ball, ag éirí as moltaí Peter Cory, breitheamh as Ceanada, a d'amharc ar roinnt cásanna conspóideacha sé bliana ó shin agus a mhol fiosrúcháin úra.

Ní fios go fóill cén uair a fhoilseofar tuarascálacha Robert Hamill agus Rosemary Nelson ach ní raibh clann Pat Finucane sásta leis na cumhachtaí teoranta a mhol ag an rialtas.

Seo an dara huair i mbliana gurbh éigin d'Aire de chuid rialtas na Breataine seasamh sa Pharlaimint agus leithscéal a ghabháil as mí-iompar na bhfórsaí slándála sna Sé Chontae agus tá an chuma air nach é an uair dheireanach é.

Athraithe Móra i ndán do SAM

Ar lean ó leathanach a haon

Deir an tOllamh nach bhfuil mórán dóchais sa tír. "Chuir Obama a lámh ar an dóchas ó 2008, ba ghníomh tábhachtach é sin. In oifig, áfach, fágadh é le réaltacht na gcogaí san Iaráic agus san Afganastáin. Tá sé deacair teachtaireacht an dóchais a iompú nuair atá tú ag iomrascáil leis na fadhbanna achrannacha seo."

Lean sí, "ceapaim go bhfuil an Afganastáin ina praiseach. Cheap daoine roimh an toghchán i '08 gur bhotún é an cogadh san Iaráic ach gurbh fhiú troid san Afganastáin. Is é an meon i leith na hAfganastáine anois gur cogadh é nach féidir a bhuachan. Is deacair é seo a mhíniú [don phobal]," arsa an tOllamh.

Tá an tOllamh Zingale den bharúil go bhfuil tacaíocht na mionlach ag Obama ó 2008 ach nach mbeidh sé le feiceáil ar lá na cinniúna..."In 2008 bhí vóta ard aige i measc mná gorma agus i measc na nEaspáinneach. Chuaigh sé sin, dar ndóigh, chun leasa Obama. Is é an cheist, 'an rachaidh siad chun vóta a chaitheamh?' Ní fheicim é, tá an tacaíocht ann, ach níl ní bheidh a gcuid ainmneacha ar na cártaí vótála."

De réir thuar an tSaineolaí Polaitíochta, Larry Sabato, "éireoidh leis na Poblachtaigh easnamh 18 suíochán a laghdú ó 59-41 agus miontromlach a bhaint sa Seanad." Ní leor é sin chun cur isteach ar an bhille sláinte. Tá tacaíocht 60% de dhíth sa Seanad chun achomharc a iompú.

Tá 435 suíochán i dTeach na nIonadaithe agus 218 suíochán ag teastáil chun cumhacht an tromlaigh a bhaint amach. I láthair na huaire, tá 256 suíochán ag na Daonlathaigh agus 178 ag na Poblachtaigh. De réir na pobalbhreithe thall, beidh timpeall is 40 suíochán ag dul i dtreo na heite deise.

Tá an 'Tea Party' ag fáil tacaíochta ón eite dheis. "Tá baol ann go bhfuil a gcuid idéeolaíochtaí thar a bheith antoisceach don chuid eile de na toghthóirí. Ní féidir tomhas a dhéanamh ar a thionchar dá bharr sin," arsa an tOllamh Zingale.

Léirigh an tOllamh Zingale stát Nevada mar shampla: stát coimeádach leis an ráta dífhostaíochta is airde sa tír. Sé mhí ó shin, níor thug aon duine seans dá laghad don

Seanadóir reatha, Harry Reid, é ina thacadóir láidir le Obama. Thogh na Poblachtaigh duine antoisceach den eite dheis, Sharron Angle, ón 'Tea Party'. Dá bharr seo, tá seans ag Reid nach raibh aige cheana agus é chun tosaigh sna pobalbreitheanna faoi láthair.

Beidh polasaithe cánach lárnach sa toghchán mar go bhfuil na dlíthe a chuir George W Bush i bhfeidhm ina chéad tréimhse le críochnú ag deireadh na bliana. Tá sé ráite ag John Boehner, ceannaire na bPoblachtach sa Seanad, go mbeadh sé sásta dul i mbun cainte le Obama. Comhartha go bhfuil comhoibriú ar intinn aige.

"Tá baol ann go bhfuil a gcuid idéeolaíochtaí thar a bheith antoisceach don chuid eile de na toghthóirí. Ní féidir tomhas a dhéanamh ar a thionchar dá bharr sin"

Níl misneach caillte ag an Ollamh Zingale in Obama, áfach. "Cuirim i gcuimhne do dhaoine go raibh Ronald Regan i gcás cosúil leis seo in 1982, go leor mhíshástachta i measc toghthóirí.

Drochbhliain a bhí ann do na Poblachtaigh. Bhuaigh sé gan aon stró in 1984. Is féidir le go leor tarlú laistigh de dhá bhliain."

Foras na Gaeilge

Is mian le Foras na Gaeilge, an comhlacht forfheidhmithe atá freagrach as an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann, na ceapacháin a leanas a dhéanamh. Beidh na poist lonnaithe in oifigí éagsúla An Fhorais.

EAGARTHÓIR
(BAILE ÁTHA CLIATH / GAOTH DOBHAIR) TAGAIRT: EAG/0910

chun téacsanna a fhaomhadh agus a thabhairt chun críche sula dtabharfar don chlódóir iad agus an obair eagarthóireachta a chomhordú agus a phróiseáil i gcomhar leis na baill foirne eile.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis na cáilíochtaí bunriachtanacha seo a leanas:

> Bunchéim onóracha sa Ghaeilge, nó a hiontamhail, ó institiúid aitheanta tríú leibhéal.
> Ardchaighdeán Gaeilge, idir scríofa agus labhartha lena n-áirítear ardtuiscint agus mioneolas ar ghramadach na Gaeilge agus ar an Chaighdeán Oifigiúil.
> Ardtuiscint ar phríomhchanúintí na Gaeilge.
> Eolas maith ar na háiseanna tagartha agus eagarthóireachta a bheadh in úsáid ag Eagarthóir Gaeilge.
> Taithí chuimsitheach ghairmiúil ar obair eagarthóireachta.
> Taithí ar thionscadail foilsitheoireachta a riar.
> Ardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa agus ardscileanna idirphearsanta.
> Taithí ar chaidreamh éifeachtach a dhéanamh le daoine.
> Scileanna oiriúnacha ríomhaireachta agus teicneolaíocht faisnéise.

Is é an raon tuarastail don phost thuas ná: €55,863 – €69,132

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise agus cuireann muid fáilte roimh iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu beag beann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar stádas pósta, ar chlaonadh gnéis nó cé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe acu. De réir fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas.
Proficiency in the Irish language, both written and verbal, is an essential requirement for the above posts.

ARDOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN – AN EARNÁIL PHOIBLÍ & NA hEALAÍONA
(GAOTH DOBHAIR) TAGAIRT: AOFEPE/0911

chun bheith freagrach as cláir agus tionscnaimh Ghaeilge a bheidh dírithe ar an Earnáil Phoiblí agus na hEalaíona a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus as a bheith ag obair i ndlúthchomhar le baill foirne eile ar thionscadail agus thionscnaimh uile-oileánda chuí eile.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis na cáilíochtaí bunriachtanacha seo a leanas:

> Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa mar aon le tiomantas don teanga agus do na hEalaíona Gaeilge.
> Ardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa agus ardscileanna idirphearsanta.
> Taithí ar chaidreamh éifeachtach a dhéanamh le daoine.
> Taithí ar chláir agus thionsnaimh Ghaeilge a fhorbairt agus a chur i gcrích san Earnáil Phoiblí agus sna hEalaíona.
> Ábalta clár oibre a eagrú agus a chur i gcrích as a stuaim féin.
> Ceadúnas tiomána reatha agus teacht láithreach ar mhodh taistil pearsanta.

Is é an raon tuarastail don phost thuas ná: €43,816 – €55,415

FÁILTEOIR
(AN CEANNÁRAS) TAGAIRT: F/0912

chun seirbhís fáilteora a sholáthar d'Fhoras na Gaeilge.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis na cáilíochtaí bunriachtanacha seo a leanas:

> Ardchumas sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, idir labhartha agus scríofa, mar aon le tiomantas don teanga.
> Ardscileanna cumarsáide, idir labhartha agus scríofa, mar aon le hardscileanna idirphearsanta.
> Taithí ar chaidreamh éifeachtach a dhéanamh le daoine ag gach leibhéal.
> Eolas ar chórais TF, agus taithí ar phróiseáil focal.

Is é an raon tuarastail don phost thuas ná: €22,015 – €35,515

FOIRM IARRATAIS & DEASCÁN EOLAIS
T: (003531) 639 8434 R: poist@forasnagaeilge.ie *Nó is féidir scríobh chuig an seoladh thíosluaite agus an uimhir thagartha chuí a lua.*

SPRIOCDHÁTA *Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a bheith faighte ag an seoladh thíosluaite roimh* **1.00 p.m. Dé hAoine, 01 Deireadh Fómhair 2010.**

Poist, Foras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 17 Meán Fómhair, 2010

Scéim Labhairt na Gaeilge – an tAthrú le Deich mBliana anuas

An Mháirt seo caite eisíodh torthaí Scéim Labhairt na Gaeilge don scoilbhliain 2009/10: tugadh líon na n-iarratas faoin scéim i gcás gach ceann den 164 toghroinn ceantair (DED) atá aitheanta a bheith taobh istigh de na limistéir Ghaeltachta chomh maith le briseadh síos de réir DED idir líon na dteaghlach lenar íocadh (i) an deontas iomlán, (ii) an deontas laghdaithe nó (iii) a diúltaíodh. San alt seo déanann an taighdeoir ***Donncha Ó hÉallaithe*** *anailís ar na figiúirí do Gaelscéal. Tá dea-scéal ann i gcuid de roinnt Gaeltachtaí beaga ar nós Mhúscraí agus na Rinne, ach tá drochscéal i gcuid de na Gaeltachtaí is láidre agus tá tubaist ar fad i nGaeltachtaí Mhaigh Eo.*

Tá ceithre thábla déanta amach san anailís seo, a léiríonn cén t-athrú atá tagtha ar líon na dteaghlach a fhaigheann an deontas iomlán, le deich mbliana anuas, i gceantracha Gaeltachta éagsúla. Tá grúpáil déanta ar chuid de na toghranna ceantair isteach i gceantracha tíreolaíochta aitheanta mar Acaill, ina bhfuil 3 DED - Acaill, Corrán Acla agus Dumhach Éige nó Ceantar an Spidéil ina bhfuil dhá DED, Cill Aithninn agus an Spidéal féin.

Gaeltachtaí na Mumhan

Ceantar	Líon Teaghlach a Thuill an Deontas Iomlán (1999/00)	Líon Teaghlach a Thuill an Deontas Iomlán (2009/2010)	An tAthrú ar líon na dteaghlach a thuill an deontas iomlán le 10 mbliana anuas.
Múscraí	30	104	+79
Oileán Chléire	5	6	+1
Iarthar Dhuibhneach	157	126	-31
Ceantar an Daingin	44	46	+2
Oirthir Dhuibhneach	16	51	+35
Uíbh Ráthach	8	21	+13
Ceantar na Rinne	14	65	+51

Gaeltacht Mhúscraí: Tháinig méadú thar cuimse le deich mbliana anuas ar líon na dteaghlach a fuair an deontas iomlán - ó 30 deich mbliana ó shin go 104 anuraidh agus laghdú dá réir tagtha ar an líon deontas laghdaithe sa gceantar seo. Cé gur dea-scéal é, fós féin níl ach thart ar 30% de na teaghlaigh a bheadh i dteideal cur isteach ar an ndeontas ag fáil an deontais iomláin.

Gaeltacht na Rinne: Tá an dea-scéal céanna i nGaeltacht bheag na nDéise, le líon na ndeontas iomlán méadaithe ó 14 go 65. Roinnt de na teaghlaigh a fuair an deontas laghdaithe roimhe seo fuair siad an deontas iomlán anuraidh.

Uíbh Ráthach: Deich mbliana ó shin ní raibh ach 8 dteaghlach ag fáil an deontais iomláin i nGaeltacht Uíbh Ráthach. Tá cuid mhaith den cheantar gan oiread is teaghlach amháin i dteideal an deontais iomláin ná laghdaithe. Tá feabhas tagtha ar an scéal, le líon na ndeontas iomlán méadaithe go 21 teaghlach anuraidh.

Iarthar Dhuibhneach: Ba é an ceantar seo taobh thiar den Daingean an t-aon cheantar fíor-Ghaeltachta a bhí fágtha i gCúige Mumhan ach más fíor do na figiúirí seo. tá creimeadh teanga leanúnach ag tarlú in Iarthar Dhuibhneach le 10 mbliana anuas. 126 teaghlach a fuair an deontas iomlán taobh thiar den Daingean anuraidh i gcomparáid le 157 teaghlach 10 mbliana ó shin.

Oirthear Dhuibhneach: Ar an taobh eile den scéal, le deich mbliana anuas, tá méadú suntasach tarlaithe sa líon teaghlach a fhaigheann an deontas iomlán sa gceantar Gaeltachta a shíneann soir ón Daingean. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an Ghaeilge níos láidre anois i Mináird áit a fuair 47% an deontas iomlán ná mar atá i Márthainn in aice Bhaile an Fheirtéaraigh, áit nach raibh ach 43% de na teaghlaigh le páistí scoile ina theideal.

Gaeltachtaí na Mí agus Mhaigh Eo

Ceantar	Líon Teaghlach a Thuill an Deontas Iomlán (1999/00)	Líon Teaghlach a Thuill an Deontas Iomlán (2009/2010)	An tAthrú ar líon na dteaghlach a thuill an deontas iomlán le 10 mblianan anuas.
Baile Ghib	0	4	+4
Ráth Chairn	16	34	+18
Ceathrú Thaidhg/ Ros Dubhach	30	7	-23
Eachléim/An Fód Dubh	40	9	-31
Béal a' Mhuirthead	3	1	-2
Ceantar Acla	11	9	-2
Ceantar Thuar Mhic Éadaigh	3	8	+5

Gaeltachtaí na Mí: Tháinig méadú suntasach le deich mbliana anuas ar líon na dteaghlach a fuair an deontas iomlán i Ráth Chairn - ó 16 in 1999/00 go 34 anuraidh. Ní bhíodh teaghlach ar bit ag fáil an deontais iomláin i mBaile Ghib leis na blianta ach fuair ceathrar (3%) an deontas iomlán anuraidh.

Béal a' Mhuirthead: Níl aon fheabhas ag teacht ar Bhéal a' Mhuirthead in ainneoin a bhfuil d'infheistíocht déanta ag Údarás na Gaeltachta ar an mbaile, gan ach teaghlach amháin ar an ndeontas iomlán.

Ceathrú Thaidhg is an Eachléim: Scéal tubaisteach é seo. Tá an teanga ag imeacht go sciobtha sa dá cheantar is mó Gaeilge a bhí fanta i gCo. Mhaigh Eo. Thar na deich mbliana thit an líon teaghlach atá ag cáiliú don deontas iomlán, ó 40 go 9 i gceantar na hEachléime/An Fhóid Dhuibh agus ó 30 go 7 dteaghlach i gceantar Cheathrú Thaidhg/Ros Dumhach.

Acaill agus Tuar Mhic Éadaigh: Tá Acaill agus Tuar Mhic Éadaigh sách lag i gcónaí le fíorbheagán teaghlach ag fáil an deontais iomláin. Tá lagú tarlaithe i gceantar Acla agus méadú i gceantar Thuar Mhic Éadaigh.

Gaeltachtaí na Gaillimhe

An Chathair is an tEachréidh: Tá thart ar 2,000 teaghlach le gasúir scoile ina gcónaí sa Ghaeltacht oifigiúil i gCathair na Gaillimhe agus taobh thoir den chathair ach ní fhaigheann ach thart ar 1% de na teaghlaigh sin an deontas iomlán. Go deimhin is beag teaghlach a dheineann iarratas faoin scéim.

Bearna is Maigh Cuilinn: Cé go bhfuil feabhas beag tagtha ar chúrsaí sa dá bhruachbhaile seo, atá suite taobh thiar de Chathair na Gaillimhe, tá céatadán na dteaghlach a fhaigheann an deontas iomlán an-íseal i gcónaí ag leibhéal faoi bhun 4% don dá áit.

Ceantar	Líon Teaghlach a Thuill an Deontas Iomlán (1999/00)	Líon Teaghlach a Thuill an Deontas Iomlán (2009/2010)	An tAthrú ar líon na dteaghlach a thuill an deontas iomlán le 10 mbliana anuas.
Cathair na Gaillimhe	8	13	+5
Eachréidh na Gaillimhe	3	5	+2
Bearna	5	13	+8
Ceantar Mhaigh	7	12	+5
Cuilinn			
Na Forbacha	16	17	+1
Ceantar an Spidéil	126	91	-35
Cnoc/Tulach/Ros a' Mhíl	220	209	-11
An Cheathrú Rua	216	176	-40
Ceantar na nOileán	197	209	+12
Ros Muc/Camus	78	70	-8
Carna/Cill Chiaráin	145	134	-11
Dúiche Sheoighe	13	17	+4
Oileáin Árann	115	75	-40
Iar-Thuaisceart Chonamara	1	3	+2

Na Forbacha agus an Spidéal: Thart ar 13% de na teaghlaigh le páistí sna Forbacha a fhaigheann an deontas iomlán ach sa Spidéal tá an leibhéal beagán faoi bhun 40%. Lagú é seo ar an líon teaghlach a bhíodh ag fáil an deontais iomláin 10 mbliana ó shin. Tá Plean Cuimsitheach Teanga le cur i bhfeidhm sa Spidéal agus beidh se spéisiúil an mbeifear in ann feabhas a chur ar an bhfigiúr seo sna blianta atá romhainn.

An Cnoc, An Tulach agus Ros a' Mhíl: Is ceantar láidir Gaeltachta é seo ach tá laghdú le 10 mbliana anuas ar líon na dteaghlach a fhaigheann an deontas iomlán.

Ros Muc/ Camus agus Carna/Cill Chiaráin: Tá an scéal mar a chéile sna ceantracha seo le creimeadh leanúnach ag tarlú le 10 mbliana anuas.

An Cheathrú Rua: Bhíodh an Cheathrú Rua ar an gceantar ba láidre sa tír. Ní mar sin atá an scéal a thuilleadh. Tá 40 teaghlach níos lú ar an ndeontas iomlán le hais 1999/00.

Ceantar na nOileán: Seo é an ceantar is láidre anois sa tír le 90% de na teaghlaigh atá i dteideal cur isteach ar an scéim ag fáil an deontais iomláin.

Oileáin Árann: Ceantar eile ina bhfuil laghdú suntasach tagtha ar líon na ndeontas iomlán a íoctar amach, ó 115 deich mbliana ó shin go 75 anuraidh.

Gaeltachtaí Dhún na nGall

Ceantar	Líon Teaghlach a Thuill an Deontas Iomlán (1999/00)	Líon Teaghlach a Thuill an Deontas Iomlán (2009/2010)	An tAthrú ar líon na dteaghlach a thuill an deontas iomlán le 10 mbliana anuas.
Ceantar Ghaoth Dobhair	504	483	-21
Ceantar Anagaire	87	96	+9
An Clochán Liath/Ailt an Chorráin	10	7	-3
Iardheisceart	25	26	+1
Gaeltacht Láir	26	34	+8
An Fál Carrach	59	77	+18
Fánaid	8	19	+11
Ros Guill	0	12	+12
Árainn Mhór	25	28	+3

Ceantar Ghaoth Dobhair: Seo é an ceantar is láidre i nDún na nGall le thart ar 75% de na teaghlaigh le páistí scoile ag fáil an deontais iomláin. Cosúil le ceantracha láidre eile tá lagú leanúnach le tabhairt faoi deara le deich mbliana anuas.

Ceantar Anagaire: Tá feabhas beag le feiceáil sa gceantar seo, áit a bhfuil Rann na Feirste ag láidriú na bhfigiúirí beagán.

An Clochán Liath/Ailt an Chorráin: Fíorbheagán Gaeilge atá sna bailte seo agus níl an scéal ag feabhsú ach a mhalairt le deich mbliana anuas.

Iardheisceart Dhún na nGall: Sa cheantar a shíneann ó Chill Chárthaigh siar go Gleann Cholm Cille, níl mórán athrú tarlaithe le deich mbliana anuas. Tá an líon céanna teaghlach ag fáil an deontais iomláin, a bheag nó a mhór.

An Ghaeltacht Láir: Tá feabhas beag tarlaithe sa gceantar seo le hocht dteaghlach níos mó ag fáil an deontais iomláin ná mar a bhí deich mbliana ó shin.

An Fál Carrach: Tá feabhas tagtha ar an gceantar thart ar an bhFál Carrach chomh maith le méadú sa líon teaghlach a fhaigheann an deontas iomlán ó 59 deich mbliana ó shin go 77 teaghlach anuraidh.

Fánaid agus Ros Guill: Tá borradh áirithe faoin dá cheantar seo, le Ros Guill ag dul ó 0 go 12 teaghlach ar an ndeontas iomlán agus Fánaid ag méadú ó ocht dteaghlach go 19.

Árainn Mhór: Ceantar eile ina bhfuil feabhas beag le feiceáil - 28 ar an ndeontas iomlán anuraidh i gcomparáid le 25 teaghlach 10 mbliana ó shin.

Conclúid

San anailís seo, tá líon na dteaghlach a bheadh i dteideal cur isteach ar SLG bunaithe ar lí on na dteaghlach le páiste amháin ar a laghad, idir 5 agus 19 bliain d'aois, atá san oideachas go lán-aimseartha de réir thorthaí an Daonáirimh 2006. Glactar leis gurb iad na figiúirí ó SLG an tslat tomhais is cruinne atá ar fáil chun a dhéanamh amach cé chomh láidir is atá an Ghaeilge mar theanga theaghlaigh agus mar theanga scoile i gceantar Gaeltachta.

Tugann na figiúirí tomhas bliantúil ar líofacht Ghaeilge i measc gasúir scoile sna pobail éagsúla. Is tomhas bliantuil é, ar féidir é a úsáid le comparáid a dhéanamh idir cheantracha agus le claonadh thar thréimhse ama a aithint. Ní chiallaíonn deontas iomlán a bheith faighte ag teaghlach go bhfuil an Ghaeilge in uachtar mar theanga cumarsáide ag an teaghlach sin ach caithfidh Gaeilge líofa a bheith ag na gasúir leis an deontas a thuilleamh. I nGaeltacht láidir, tá sé éasca do ghasúr, gan Gaeilge sa mbaile, líofacht mhaith a fháil ón scoil. Tá sé molta sa Staidéar Teangeolaíochta ar an nGaeltacht na figiúirí ó Scéim Labhairt na Gaeilge a úsáid mar cheann de na slata tomhais chun catagóiriú a dhéanamh ar an nGaeltacht. Tá seans maith go bhfuil baint aige sin leis an bhfeabhas atá tagtha ar chuid de na ceantair Ghaeltachta a bhí i mbaol a stádas Gaeltachta a chailleadh. Ar an taobh eile den scéal is cúis imní go bhfuil an creimeadh sa teanga ag leanacht ar aghaidh i gcónaí i gceantracha de Chatagóir A, mar shampla, Cois Fharraige agus an Cheathrú Rua i nGaeltacht na Gaillimhe, Gaoth Dobhair i nDún na nGall agus Iarthar Dhuibhneach i gCiarraí.

Laoch Litríochta na nGael

Oíche ómóis do **Phádraig Ó Snodaigh** agus tús spleodrach le Féile Imram

Maebh Ní Fhallúin, i mBaile Átha Cliath

BHÍ scaifte mór de lucht litríochta na Gaeilge i láthair i Crawdaddy oíche Mháirt chun ómós agus urraim a thabhairt do bhunaitheoir agus eagarthóir an chomhlachta foilsitheoireachta Coiscéim agus duine de na daoine is mó tionchar ar shaol na litríochta Gaeilge comhaimseartha. Lena chlann, a chairde agus a chomhleacaithe mórthimpeall air, agus an craoltóir aitheanta Cathal Póirtéir ag stiúradh na hócáide, tugadh onóir chuí don Snodach a bhfuil cáil air ní hamháin mar fhoilsitheoir agus scríbhneoir ach mar staraí, aistritheoir agus gníomhaire teanga.

Duine de thriúr páiste, rugadh Pádraig Ó Snodaigh, nó Oliver Snoddy mar a baisteadh é, i mbaile Cheatharlach. Sliocht de theaghlach Protastúnach a bhog aduaidh ó thuaisceart na tíre ba ea a mhuintir.

Blianta anonn, bheartaigh Oliver an leagan Gaeilge dá shloinne a úsáid agus a chéadainm a athrú go Pádraig, rud a chuir mearbhall ar roinnt daoine a chuala iomrá air a chreid gur deartháireacha iad Pádraig agus Oliver.

Cé go mbíodh a athair ag plé le cúrsaí árachais, bhí ansuim aige sa Ghaeilge agus ba é a chuir tús le craobh Cheatharlach de Chonradh na Gaeilge.

Bhog Pádraig go Baile Átha Cliath sna déaga áit ar thosaigh sé ag obair do Bhord Soláthair an Leictreachais. Scoláire éirimiúil ba ea é áfach, agus d'éirigh leis céim a bhaint amach i UCD istoíche. Lean sé ar aghaidh uaidh sin go post mar choimeádaí san Ard-Mhúsaem agus is ann a bhí sé ar feadh breis is scór bliain. I gcaitheamh an ama sin, ceapadh é mar Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge agus bhunaigh sé an comhlacht foilsitheoireachta Coiscéim.

Tá Coiscéim ag ceiliúradh 30 bliain ar an bhfód i mbliana. Chomh maith lena shaothair shuntasacha féin a chlúdaíonn ábhar staire agus filíochta, tá na céadta leabhar ó mhórscríbhneoirí na linne foilsithe ag an Snodach, Michael Davitt, Biddy Jenkinson, Declan Kiberd, Séamus Mac Annaidh, Caitlín Maude agus Gabriel Rosenstock ina measc.

Bhí cuid acu sin i Crawdaddy lena n-ómós agus buíochas a léiriú do Phádraig as an tacaíocht, an spreagadh agus an misneach atá tugtha aige dóibh.

Ag cur tús leis an oíche, dúirt Uachtarán Chonradh na Gaeilge agus eagarthóir Feasta, Pádraig Mac Fhearghusa, "baineann téama leanúnach le saol Phádraig Uí Shnodaigh, saol na hintleachta a chaitheamh trí mheán na Gaeilge."

Mhol sé é mar fhile, mar staraí cumasach agus as féachaint chuige gur shroich saothar scríbhneoirí Gaeilge pobal níos leithne. Ghlaoigh sé "cnámh droma na foilsitheoireachta Gaeilge" ar Coiscéim agus chríochnaigh sé ag rá go bhfuil "aisling á cothú aige lena shaol."

Ina dhiaidh sin bhí blaiseadh ceoil agus blúirí filíochta ó Pheadar Ó hUallaigh agus ó Dhomhnall Mac Síthigh, beirt a thaistil aneas ó Dhún Chaoin don ócáid agus ó Dolores Stewart agus Deirdre Brennan a léigh roinnt dánta dá gcuid féin.

Tháinig buaicphointe na hoíche nuair a rinne Biddy Jenkinson aithris ar dhán a bhí scríofa aici go speisialta don ócáid in omós 'Mr. Footstep', le Rónán Ó Snodaigh ar an mbodhrán.

Ansin tháinig baill eile Kila ar an stáitse chun críoch a chur leis an ócáid álainn atmaisféarach in íoslach Shráid Fhearchair.

Ar deireadh, bronnadh portráid de Phádraig air agus tugadh aitheantas dá bhean chéile, an dealbhóir clúiteach Clíodhna Cussen nó 'an crann taca' mar a thagair fear an tí di. Sheas an slua scríbhneoirí, acadóirí agus lucht ealaíon in airde ag tabhairt bualadh bos dóibh. Ina measc bhí Liam Carson, stiúrthóir na féile, Gabriel Rosenstock, Eoghan Ó hAnluain, Peter Sirr, Aodh Ó Dómhnaill, Anna Davitt, Niall Ó Cearbhall agus Pádraig Ó Laighean.

Bhog Pádraig agus a lucht leanúna ar aghaidh go Club Chonradh na Gaeilge ansin chun leanacht leis an cheiliúradh. Tá Féile Imram ar siúl go dtí deireadh na míosa agus clár iomlán ar fáil ag www.imram.ie.



Bhí Oíche Ómóis don Snodach ann Dé Máirt mar chuid d'Fhéile Imram. Ó chlé tá Cathal Póirtéir ag bronnadh píosa ealaíon (rud a rinne sé féin sa bhaile, is dócha) ar an Snodach. GRIANGRAF: JIM BERKELEY.

Duine de thriúr páiste, rugadh Pádraig Ó Snodaigh, nó Oliver Snoddy mar a baisteadh é, i mbaile Cheatharlach. Sliocht de theaghlach Protastúnach a bhog aduaidh ó thuaisceart na tíre ba ea a mhuintir.

Tuilleadh ama le cur isteach ar chomórtais an Oireachtais

TÁ sé fógartha ag Oireachtas na Gaeilge go bhfuil siad chun an spriocdháta le cur isteach ar na Comórtais Ardáin ag Oireachtas na Samhna a chur siar seachtain.

Glacfar le hiarratais anois suas go dtí **an Chéadaoin, 22 Meán Fómhair, 2010**.

Is i gCill Airne, Contae Chiarraí, a bheidh Oireachtas na Samhna ar siúl i mbliana ó 26 - 31 Deireadh Fómhair. Is iad seo a leanas na comórtais atá ar an gclár: Amhránaíocht ar an Sean-Nós, Rince Aonair ar an Sean-Nós, Lúibíní, Agallamh Beirte, Scéalaíocht, Dreas Cainte, Scoraíocht, Seó Ardáin, Sceitse agus Amhráin Nua-Chumtha.

Iarrtar ar dhaoine a thabhairt ar aird gur ar Aoine na féile, 29 Deireadh Fómhair 2010, a bheidh na comórtais Amhránaíochta ar an Sean-Nós do dhaoine óga ar siúl anois, agus ní ar an Déardaoin, mar a bhí fógartha roimhe seo.

Tá gach eolas maidir leis na comórtais uile, agus go deimhin maidir le himeachtaí eile na féile ar fáil ó Oifig an Oireachtais ag (00 353 1) 475 38 57 agus freisin ar an suíomh idirlín www.antoireachtas.ie.

2 NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHT NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Nuacht Árann

Treasa Bhreathnach

TÁ **Comharchumann Inis Meáin** ar bharr liosta Cheantar na Gaillimhe do loicigh chánach. Tá socrú de beagnach ceathrú milliúin íoctha acu leis na Coimisinéirí Ioncaim d'ioncam neamh-dhearbhaithe, CBL, ÍMAT(PAYE)/ÁSPC (PRSI) agus cáin chonartha. Bhí ar Comharchumann Inis Meáin a maoin ar an oileán a dhíol i mí Lúnasa chun déileáil leis an fhadhb. Dhíol siad ceithre cinn dá dtithe saoire chun iarracht a dhéanamh a gcuid fiacha cánach a íoc.

Tá súil go gcuirfidh naonúr in aghaidh athnuachan ceadúnas óil de chuid **Óstán Inis Mór** ar an 30 Meán Fómhair. Tá cuairt speisialta socraithe ag an mBreitheamh Mary Fahy don 30 Meán Fómhair ar Inis Mór chun deis a thabhairt do na hoileánaigh cur ina choinne. Is le PJ Ó Flatharta an teach ósta atá lonnaithe i gCill Rónáin.

Tá **Comhar na nOileán Teoranta** ag fógairt phost Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa Forbartha Áitiúil Comhtháite. Beidh an post lonnaithe ar Inis Oírr agus is fiú teagmháil a dhéanamh le fios@oileain.ie roimh 1 Deireadh Fómhair i gcomhar paca eolais má tá spéis agat iarratas a dhéanamh ar an bpost.

Maigh Eo

Deis freastal ar Choláiste Uisce saor in aisce

Treasa Bhreathnach

TÁ Coláiste Uisce i gCuan Eilí i gContae Mhaigh Eo ag lainseáil scoláireachtaí chun gur féidir le páistí barr feabhais a chur ar a gcuid Gaeilge agus triail a bhaint as eachtraí ar muir agus ar talamh saor in aisce.

Is fiú €20,000 na scoláireachtaí seo don dá chúrsa, Cúrsa D a mhaireann ar feadh coicíse agus Cúrsa F a mhaireann ar feadh 10 lá .Is fiú timpeall €960 gach uile scoláireacht.

Cuid de na heachtraí ar féidir le páistí leas a bhaint astu ná seoltóireacht, tonnmharcaíocht, boghdóireacht, caigheacáil, treodóireacht agus tóraíocht taisce. Tá saol sóisialta lán le scléip agus spraoi ar fáil chomh maith: céilithe, drámaí, dioscó, agus tráth

Caitlín Nic an Ultaigh, Ionad Tacaíochta Teaghlaigh, Ann Mallaghan, Bord Forbartha Chontae na Gaillimhe, Memie Uí Chualáin agus Rosario Ní Shuilleabháin ó Choiste Chúram Leanaí Chathair & Chontae na Gaillimhe i gcuideachta Barry Andrews, TD, an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige le linn a chuairt ar an Ionad Tacaíochta Teaghlaigh i gCois Fharraige.

An tAire Andrews ar cuairt go hIndreabhán

Meadhbh Ní Eadhra

THUG Aire na bPáistí, Barry Andrews, cuairt ar an Ionad Tacaíochta Teaghlaigh in Indreabhán i nGaeltacht Chonamara Dé Luain.

D'oscail an Taoiseach Brian Cowen an t-ionad seo go hoifigiúil anuraidh agus ó shin i leith tá anfhás tagtha ar an ionad.

"Chaith mé an-chuid ama sa chuid seo den domhan mé féin agus mé i mo pháiste agus duine óg," a dúirt Barry Andrews agus é ar cuairt ag an ionad. "An rud a thaitníonn go mór liom faoin ionad seo ná go gcuireann sé áiseanna ar fáil do pháistí an-óga agus do pháistí níos sine freisin."

Deir an tAire go bhfuil "féidearthachtaí" ag an ionad ó thaobh caifé óige a bhunú ann. Fógraíodh siar in Aibreán go mbeadh maoiniú de €1.5 milliún ar fáil do chaiféanna óige, agus dheimhnigh an tAire Dé Luain go mbeidh an maoiniú seo fós ar fáil.

"Cinntíodh an maoiniú do na caiféanna óige sa bhuiséad deireanach," ar sé. "Beimid á fhógairt laistigh de thrí nó ceithre seachtaine."

Deir sé go bhfuil dhá chineál maoinithe ann: ceann chun caiféanna óige a thógáil, an ceann eile chun áiseanna laistigh de na caiféanna a sholáthar.

"Bheadh an t-ionad seo ag lorg cathaoireacha, ríomhairí, teilifís agus trealamh den chineál sin," ar sé. Beidh caiféanna óige á mbunú ar fud na tíre agus beidh ar a laghad ceann amháin i ngach cúige, dar leis an Uasal Andrews.

Maidir leis an gClár Infheistíochta Náisiúnta um Chúram Leanaí (ECCE), clár a chuireann oideachas réamhscolaíochta ar fáil saor in aisce do pháistí, deir an tAire gur fhógair an Rialtas é ag am nuair a bhí siad ag gearradh siar ar gach rud eile. Tá sé dóchasach, mar sin, nach mbeidh ciorruithe i ndán don chlár sa chéad bhuiséad eile.

"Tá ag éirí go hiontach leis an gclár," ar sé. "I mí Eanáir 2009, ghlac 53,000 páiste páirt ann, agus an mhí seo, tá os cionn 60,000 páiste cláraithe leis. Ciallaíonn sé go bhfuil na páistí i bhfad níos ábalta don bhunscoil nuair a théann siad ann. Is bliain bhreise é. Freisin, is féidir linn aon fhadhbanna atá ag na páistí a aithint níos luaithe."

Ó thaobh cúrsaí teanga de, ionad lán-Ghaeilge atá san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh.

Ach an bhfuil coinníollacha teanga ann i measc naíonraí sa Ghaeltacht go ginearálta? An tseachtain seo caite, ardaíodh an cheist seo agus tá sé ar intinn ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta scríobh chuig an Aire Barry Andrews chun é a phlé. Cad a deir sé féin faoi na coinníollacha teanga?

"Níl aon choinníollacha ann, chomh fada agus is eol dom," ar sé.

Deir Caitlín Nic an Ultaigh ón Ionad Tacaíochta go bhfuil 80 páiste cláraithe san ionad, agus 53 acu ag freastal ar an naíonra. Cuireann an tIonad seirbhís cúram leanaí ar fáil freisin, do pháistí os cionn sé mhí.

"Thosaigh muid i mí Aibreáin agus bhí b'fhéidir seisear gasúr againn. An chéad rud eile, stop muid ag comhaireamh mar bhí an oiread sin ag teacht," a deir Caitlín. "Tá páistí ag teacht ó Na Forbacha, Maigh Cuilinn, Ros Muc, ceantar na nOileán agus as go leor áiteanna eile.

"An rud is deise faoin áit seo ná go bhfuil rogha ag tuismitheoirí a gcuid páistí a chur chuig áit a n-oireann dóibh féin," a deir sí. "Bíonn cúinsí difriúla acu le háit a roghnú thar áit eile, mar shampla má bhíonn sé ar an mbealach chun na hoibre."

Dar léi, tá géarghá le tacaíocht sa bhaile más mian linn go mbeidh líon na gcainteoirí Gaeilge ag méadú.

"Ní leor Gaelscoileanna nó naíonra ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge mura bhfuil tacaíocht ann lasmuigh de sin," ar sí. "Má tá seirbhís trí Ghaeilge ar fáil i gceantar áirithe, ní hé sin le rá go bhfuil pobal Ghaeilge sa cheantar sin."

Tá lucht an ionaid ag súil le seirbhís nua iarscoile a thosú go luath, ag brath ar mhaoiniú.

"Níl a fhios againn cén uair a bheidh an tseirbhís ag tosú," a deir Caitlín. "Beidh tuilleadh forbairtí ag tarlú as seo go Nollaig."

Má éiríonn leis an Ionad Tacaíochta Teaghlaigh maoiniú a fháil, beifear ag fógairt trí phost nua sna míonna amach romhainn. Tá naonúr fostaithe san Ionad cheana féin.

na gceist i measc neart eile. Tá lóistín, ceachtanna Gaeilge agus beatha san áireamh le gach ceann de na scoláireachtaí.

Beidh deis den scoth ag suas le 100 múinteoir triail a bhaint as na himeachtaí uile saor in aisce ar feadh deireadh seachtaine ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair. Más múinteoir tú b'fiú é a lua mar dheireadh seachtaine foirne agus seans a bheith agaibh píosa craic a bheith agaibh i nGaeltacht Mhaigh Eo. Chun tuilleadh eolais a fháil ar na scoláireachtaí seo uile téigh chuig www.uisce.ie agus b'fhiú daoibh deifir a dhéanamh, níl aon spriocdháta leis na scoláireachtaí ach nuair a bheidh an ciste caite is é sin deireadh leis an deis saoire saor in aisce a bheith agat!

Seoladh leabhair sa Phoitín Stil

SEOLFAR leabhar nua le Pádraig Ó Cearra, *Seanchas Jimmí Chearra Cois Fharraige*, foilsithe ag Coiscéim, sa Phoitín Stil in Indreabhán anocht ag a hocht a chlog. Is é Máirtín 'Daibhí' Ó Coistealbha a sheolfaidh an leabhar. Beidh sólaistí curtha ar fáil don ócáid agus tá fáilte roimh chách.

Súil ar Bhealach na Bó Finne

TÁ Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag tabhairt deise do dhaoine freastal ar oícheanta oscailte ag 'Réadlann Imbusch' sa Daingean ag tosú i mí Dheireadh Fómhair. Is ar an 13 agus 27 Deireadh Fómhar, 24 Samhain agus 8 Nollag a bheidh na hoícheanta á reáchtáil óna 7in.

Beidh léacht uair an chloig ar siúl agus ina dhiaidh sin beidh deis féachaint ar an spéir agus na réaltaí le solas na gealaí.

Osclaíodh an Réadlann in 2004 agus tá sé in úsáid ag daltaí atá ag déanamh staidéir ar fhisic agus réalteolaíocht.

Tá ceamara agus teileascóp 16" faoi smacht ríomhaire sa réadlann agus teileascóp raidió a bhfuil sé de chumas aige mapáil a dhéanamh agus treoluas na gréine agus Bhealach na Bó Finne (Milky Way) a thomhas.

Ní bheidh cead isteach ach ag beirt ag an am agus caithfear ticéad a bheith agat. Tabharfar ticéid dóibh siúd a théann i dteagmháil ar dtús. Ba cheart iarratas a dhéanamh do tara.shanahan@nuigalway.ie.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Aifreann Gaeilge le ceiliúradh Dé Máirt

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH Aifreann speisialta as Gaeilge á cheiliúradh Dé Máirt seo chugainn in Eaglais na hOllscoile, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.

D'iarr an tAthair Ciarán O'Carroll, Biocáire Easpagóideach Soiscéalach Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath ar Choiste Tréadach Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath searmanas a reáchtáil mar chuid de cheiliúradh bheannú an Chairdinéil Newman le linn sheachtain na beannachta.

Tá sé socruithe, mar sin, ag an gCoiste Tréadach go gceiliúrfar Aifreann Comhcheiliúraithe as Gaeilge ar an Mháirt 21 Meán Fómhair 2010 ag 7.00in in Eaglais na hOllscoile. Is é an tEaspag Fiachra Ó Ceallaigh, O.F.M. a bheidh mar phríomhcheiliúraí agus is é an tAthair Leon Ó Giolláin, S.J., atá ina shéiplíneach sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Belfield, a thabharfaidh an t-aitheasc.

Féile Bhascach i mBaile Átha Cliath

Oisín Mac Donnacha

BEIDH an Fhéile Bhascach ar siúl i mBaile Átha Cliath ar 18 Meán Fómhair in Ionad an Phiarsaigh, Institiúid na hÉireann.

Ó chlé go deas (ó bhun an staighre), tá mic léinn UCD a mbeidh cónaí orthu i dTeach na Gaeilge i mbliana: Cormac Ó Murchú, Alex Ó Ceallaigh, Cathal Mac Dhaibhéid, Cillian Ó Maolmhuaidh, Sarah Ní Mhuirí, Aoife Nic Shamhráin, Tara Ní Chonloin, Edel Ní Bhraonáin, Emma Ní Nualláin, Dáire Ó Braonáin, Cormac Breathnach, Coilín Bairéad, Pat De Brún, Mollie Nic Giolla Bhríde, Peadar Ó Lamhna, Éadaoin Nic Giolla Bhríde, Jen Ní Cheallaigh, Simon Mac Giolla Easpaig, Ellen Ní Churtáin, Caoimhe Seoige, Sinéad Ní Fheinneadha, Conor Mac Aoidh, Rebecca Ní Chaoimh, Teresa Watchorn.

Rólaí Pólaí á chanadh ag daltaí nua Naíonra Ghraig Chuilinn i gCeatharlach.

Tá costas idir €5 agus €10 ar imeachtaí na féile, ag brath ar an am a fhaigheann tú do thicéad agus na himeachtaí a bhfreastalaíonn tú orthu. Bunaíodh an fhéile chun tacaíocht agus eolas a chur ar fáil faoi cheantar na mBascach, faoin gcultúr agus faoin gcoimhlint atá ann chun aitheantas a fháil don phobal. Tosóidh an fhéile ag 1in Dé Sathairn le taispeántas de ghearrscannáin agus de mhórscannáin i rith an lae. Beidh bia Bascach agus deochanna ar fáil.

Beidh dhá scannán mhóra ar siúl. Baineann Itsoaren Alba (Iníon na Farraige) le bean a dhéanann iarracht eolas a bhailiú faoina hathair, Mikel Goikoexea, ar fheallmharaigh an grúpa scéimhlitheoireachta GAL é nuair a bhí sí dhá bhliain d'aois. Ba bhall den ghrúpa ETA é agus maraíodh é mar gheall ar an gceangal sin Beidh na scannáin i mBascais agus i dteangacha eile, ach beidh fotheidil i mBéarla ann. Tosóidh siad ag 6.30in.

Beidh ceolchoirm ar siúl ag 9in le meascán de cheol Éireannach agus Bascach. Leanfaidh sí ar aghaidh go dtí meánoíche.

Teach na Gaeilge UCD 10 mbliana ar an bhfód

Meadhbh Ní Eadhra

AN tseachtain seo, bhog 24 mac léinn isteach go Teach na Gaeilge sa Choláiste Ollscoile (UCD), Baile Átha Cliath. Is iad Bord na Gaeilge san ollscoil a thugann an deis do mhic léinn bheith ina gcónaí in éineacht le Gaeilgeoirí eile agus is iad na mic léinn a bhain scoláireachtaí de chuid Scéim Chónaithe na hOllscoile a bheidh ina gcónaí ann.

Is as gach cearn den tír do na mic léinn agus beidh siad i mbun imeachtaí cultúrtha agus spóirt a eagrú i rith na bliana ar mhaithe leis an teanga a chur chun cinn. Bhí deis acu aithne a chur ar a chéile an tseachtain seo agus iad i mbun dreapadóireacht bhalla agus rugbaí leaiste, imeachtaí a bhí mar chuid de chúrsa imthreoraithe na scéime. Tá Scéim Chónaithe Bhord na Gaeilge UCD 10 mbliana ar an bhfód i mbliana. Is féidir gach eolas a fháil ar www.ucd.ie/bnag.

An bhfuil scéilín agat? Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Mhúscraí

Seán Ó Loingsigh

Oíche Chultúir

TÁ 20 imeacht eagraithe i gceantair Ghaeltachta na Mumhan mar chuid den Oíche Chultúir a bheidh á reachtáil ar fud na tíre Dé hAoine seo chugainn an 24 Meán Fómhair.

Is iad na daltaí scoile a chuirfidh in iúl go bhfuil rud éigin ar leith ag tárlú i nGaeltacht Mhúscraí mar go mbeidh siad gléasta mar 'fhigiúirí cultúrtha' in ionad a bheith ag caitheamh a gcultacha scoile i rith an lae agus beidh an grúpa 'Na Cábóga' de chuid Óige na Gaeltachta ag seinnt faoin aer um thráthnóna i mBaile Bhúirne, Cill na Martra agus i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh.

Beidh Banna Ceoil Loch a' Bhogaigh le cloisint i gCúil Aodha ó am tae ar a sé agus beidh radharc neamhchoitianta de Bhuíon Píobairí Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh ag seinnt istoíche sa tsráidbhaile ansan.

Cloisfear amhránaithe óga faoi scáth na scéime Aisling Gheal ag canadh sna siopaí i mBaile Bhúirne agus i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh, agus d'fhéadfadh an máistir rince seite 'Timmy the Brit' agus buíon dá rinceoirí casadh ort aon áit gan choinne mar chuid d'imeachtaí 'flash-mob'.

Beidh scéalaíocht agus péinteáil aghaidheanna ar bun i Leabharlann Bhaile Bhúirne tráthnóna Dé hAoine agus tá roinnt stiúideonna de chuid ealaíontóirí Mhúscraí le bheith oscailte don phobal. Cuirfear grianghrafanna ar taispeáint i dtábhairne Uí Scanaill le cur síos ar an stair áitiúil a bhaineann le Cumann Peile Naomh Abán.

Tá clár cuimsitheach leagtha amach ag an Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne mar a dtaispeánfar scannáin le hábhair áitiúla iontu san amharclann - 'Bess mo Shinseanmháthair' curtha i láthair ag Michelle Ní Chróinín agus an stiúrthóir Peter Carr agus é bunaithe ar an amhránaí cáiliúil as Baile Mhic Íre, Bess Cronin; Bréagáin leis an scannánaí Liadh Ní Riada; 'Béal Guth Béal' le Robb Bradstock mar gheall ar thionscadal amhránaíochta i Múscraí faoi stiúir an amhránaí Ger Wolfe; agus Leacacha leis an scannánaí Chris Hurley ón Cork Film Centre agus príomhbhunaitheoir an Ionaid Chultúrtha Micheál Ó Lionáird. Beidh ceolchoirm i rith na hoíche leis na ceoltóirí agus na hamhránaithe Conal Ó Gráda, Peadar Ó Riada, Eilís Ní Shúilleabháin, Máire Ní Chéileachair agus Fiona Kelleher ina measc.

Má bhíonn tú in ann chuige beidh Scrúdú Mór le lucht léinn Acadamh Fódhla mar thráth na gceist san Halla i gCúil Aodha óna 9.00 go 10.30 agus seisiún ceoil 'go dtí déanach' ar siúl ina dhiaidh sa Mhuileann.

Sna Déise beidh taispeántas speisialta mar chuid den Oíche Chultúir i nGailearaí Joan Clancy i Maoil a' Chóirne leis na healaíontóirí Blawnin Clancy, Rayleen Clancy, Ross Stewart, Dave West, Laura Fitzgerald, Kataznya Gajewska, Ann Dunphy, Olive Watkins agus Sinéad Ní Chonaola.

Breithlá sona do Ghearóid ag taispeántas Daichead

TOSNAÍONN an saol ag a 40 deirtear agus tús maith a bhí ann don cheoltóir Gearóid Ó Duinnín ó Chúil Aodha ag a chéad taispeántas aonair mar phéintéir proifisiúnta agus an dá scór bainte amach aige an tseachtain seo caite.

Ba é seo breithlá an ealaíontóra Gearóid, giotáraí go bhfuil cáil bainte amach aige cheana féin i measc lucht ceoil, agus atá ar a bhealach anois leis an dtaispeántas seo dar teideal Daichead.

Bhí a chlann agus a chairde líonmhara ó shaol an cheoil agus na n-ealaíon i láthair san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne mar ar sheol an t-amhránaí iomráiteach ó Uíbh Ráthach Seán Garvey an taispeántas ina bhfuil 40 píosa dá shaothar péintéireachta a chruthaigh sé san áit ina bhfuil cónaí anois air i mBaile Ó Síoda i gCiarraí.

"Tá sé dochreidte nár thosnaigh Gearóid ach dhá bhliain ó shin," a dúirt Seán Garvey. Dhá bhliain ó shin go baileach a thug an Duinníneach faoin bpéintéireacht nuair a fuair sé bronntanas de scuabanna, péinteanna íle agus canbhás dá lá breithe in 2008.

Is amhránaí agus ceoltóir é Seán Garvey go bhfuil taithí fhorleathan aige ar shaol ilghnéitheach na n-ealaíon le fada an lá agus thagair sé don mhothú atá sna saothair ar a bhfuil teidil Ghaeilge ar nós Iontaise, Éabhlóid, Broinn, Intinn agus Taom Croí - taom cruthaitheach sa chás so. Rinne an slua iontas d'áilleacht na ndathanna doimhne agus cuireadh a gcuid samhlaíochta chun oibre ag lorg na bhfigiúirí sna pictiúir - Mo Chapall Álainn, Gadhar agus an t-Uasal Santach. Chonaic fear amháin frog sa phíosa Cocún agus thug an saothar Le Chéile chun cuimhne do bhean eile na clócaí a bhíodh á gcaitheamh ag mná sa tseanaimsir. Bhí daoine gafa le Báisteach na Samhna, Luí na Gréine agus leis an gceathrar a chuireann síos ar an gCeithre Séasúr.

Do spreag an taispeántas Seán Garvey chun Beauty Deas an Oileáin a chanadh dá chara Gearóid, ag croitheadh lámh an ealaíontóra ar an sean-nós agus é ag scaoileadh amach amhrán a mhuintire ó Dhairire.

Ghabh Gearóid buíochas leis na healaíontóirí go léir a thug spreagadh dó nuair a chuaigh sé i mbun péintéireachta, an t-ealaíontóir áitiúil Pauline Dodds ach go háirithe, agus le lucht an Ionaid Chultúrtha agus a gcúntóirí a d'eagraigh an taispeántas a leanfaidh go dtí an 19 Deireadh Fómhair.

Beidh deis ar leith ag daoine éisteacht le Gearóid Ó Duinnín ag cur síos go mion ar na saothair san dtaispeántas ealaíne seo san Ionad Cultúrtha mar chuid d'imeachtaí na hOíche Cultúir ansan tráthnóna Dé hAoine seo chugainn ar a 5.00, agus éisteacht leis ag seinnt ceoil chomh maith mar bhall den bhuíon Ceol ó Mhúscraí a bheidh i gceolchoirm ann níos déanaí an oíche sin.

Idir an dá linn beidh na ceoltóirí Jackie Daly agus Matt Cranitch ag teacht chun seinnt i gceolchoirm faoi choimirce an Ghréasáin Ceoil san Ionad Cultúrtha an Satharn seo (18ú) ar a 8.30. Tá an boscadóir Dálach agus an veidhleadóir Cranitch ar chamchuairt faoi láthair lena n-albam nua The Living Stream, agus an t-amhránaí John Faulkner ina dteannta. Beidh an veidhleadóir John Kelly ó Bhaile Átha Cliath mar aoi speisialta chomh maith leis an gceoltóir Peter Hedlung ón tSualainn a sheineann ceol traidisiúnta a thíre ar an 'nyckleharpa' - veidhlín Sualannach.

An Leas-Ard-Mhéara Seán Ó Céilleachair, le Pádraig Hamilton, Cathaoirleach Gael-Taca, Laura Mitchell, Rós Chorcaí agus Donnchadh Ó Liatháin, Leaschathaoirleach Gael-Taca, ag seoladh Ranganna Oíche Gael-Taca a bheidh ag tosnú ar 27 Meán Fómhair (Pic. Mike English)

Súil le cinneadh faoi fhorbairt mhuilte gaoithe

TÁthar ag súil le cinneadh ó Chomhairle Contae Chorcaí go luath maidir le hiarratas pleanála d'fhorbairt mhuilte gaoithe i gceantar Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh.

Tá an comhlacht Enerco Energy ag lorg cead pleanála chun ocht dtuirbín gaoithe suas le 121 méadar ar aoirde a thógaint ar shuíomh a threasnaíonn na bailte fearainn na Dúiníní, Ínse Mhór, Tuairín na nÉan agus Tuairín Dubh i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh.

Seo an tríú babhta do Enerco Energy iarratas a chur faoi bhráid na comhairle maidir le forbairt feirm ghaoithe ar an láthair seo. I mí an Mhárta anuraidh bhí iarratas neamhiomlán ag Enerco maidir le hocht dtuirbín ó 119 méadar suas go 139 méadar ar aoirde a thógaint agus aistarraingíodh iarratas eile a cuireadh isteach i mí Aibreáin 2009 maidir leis an líon céanna tuirbíní a thógaint ar shuíomh ina raibh baile fearainn Doire Mhic Coirnín san áireamh leis na ceithre bhaile fearainn eile.

Tá agóid amháin fachta ag Comhairle Contae Chorcaí maidir leis an iarratas is déanaí. Deirtear san aighneacht tríú páirtí go gcruthódh an méid tógála a bheadh riachtanach lena leithéid d'fhorbairt baol do-ghlactha don dtimpeallacht áitiúil.

Tá crann buan meitéareolaíochta 80 méadar ar aoirde i gceist sa bhforbairt chomh maith le fo-stáisiún leictreachais, tigh rialúcháin, cáblaí faoi thalamh agus traiceanna atá le leagan amach ar an suíomh.

Is i bpáirc tionsclaíochta i Lios Ardachaidh lámh le baile Mhaigh Chromtha atá an comhlacht Enerco Energy lonnaithe agus tá iarratas eile ag an gcomhlacht faoi bhráid Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi láthair maidir le feirm ghaoithe ina mbeadh seacht dtuirbín suas le 119 méadar ar aoirde á tógaint ar shuíomh i mbailte fearainn Sheanadh Gharráin agus Throscaigh na gCapall lámh leis an Spidéal.

Cathair Chorcaí

Ranganna Gaeilge

Róisín Ní Éalaí

CUIRFIDH Gael-Taca tús le ranganna Gaeilge i gCorcaigh Dé Luain 27 Meán Fómhair 2010. Is cúrsa ocht seachtaine atá i gceist agus costas €85 air.

I measc na ndaoine a bhí i láthair ag seoladh na ranganna ar 7 Meán Fómhair, bhí an Leas-Ard-Mhéara Seán Ó Céilleachair, Pádraig Hamilton, Cathaoirleach Ghael-Taca, Laura Mitchell, Rós Chorcaí agus Donnchadh Ó Liatháin, Leas-Chathaoirleach Ghael-Taca.

Is féidir eolas a fháil faoi na ranganna seo, ranganna eile Gaeilge, Ciorcail Chomhrá agus imeachtaí eile ar fud chathair agus Chontae Chorcaí atá idir lámha ag Gael-Taca ó (021) 4310841 nó ag www.gael-taca.com.

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Gaoth

MÁ bhain na Tiobraid Árannaigh an ghaoth as seolta iománaithe sinsir Chill Chainnigh in ardchluiche, tá gaoth gan choinne tar éis Iarthar Duibhneach a bhualadh.

Tá gach sórt iarrachta déanta le blianta anuas ag Coiste Mhuilte Gaoithe an cheantair tabhairt ar na húdaráis phleanála roinnt muilte gaoithe a cheadú sa réigiún. Ach is baolach gurb é an t-eiteachas atá faighte acu arís agus arís eile. Is beag duine a thuig go bhfuil ceart ag duine muileann gaoithe a chur ina sheasamh fé choinníollacha réasúnta chomh fada agus nach mbíonn sé thar 13 méadar ar airde. Is ea, tá dhá cheann laistiar den Daingean i ngan fhios don saol agus na sciatháin ag casadh go meidhreach fé ghléineacht na gréine. Tá ceann acu ar an gCluais agus an ceann eile i Márthain.

Nuair a labhraíos le duine de choiste úd na muilte gaoithe bhí idir ionadh agus áthas air. Dar leis go bhféadfadh sé gur 'bogadh' é dóibh siúd gur mór acu leas a bhaint as cumhacht na gaoithe. "Fiú más beag féin atáid is fiú aon ní, ach gan a bheith fé órdóigín dúr dubh na Comhairle Contae," ar sé.

"Más fíor a gcloisim," ar sé, "is é seo an ceantar is éifeachtaí san Eoraip le muilte gaoithe a chur ag obair; táim ag caint ar roinnt bheag láithreacha, ach is suimiúil é mar scéal, fiú is go bhfuil an doras iata, go bhfuil bearna bheag oscailte."

Dúirt sé go mba dhea-scéala go raibh Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) ag comhoibriú leis na daoine atá bainteach

leis na cinn atá curtha in airde. Luaigh sé "an t-éigean" a deineadh ar an iarracht a dhein Seoirse Ó Colla muilte gaoithe a chur ar a mbonnaibh in iarthar Éireann ach gur baineadh an bonn ó bheartais an Aire.

"Thóg sé tríocha bliain sarar léiríodh an chleithireacht a tharla agus mar a chuathas in aghaidh mhian an Aire san am," ar sé.

Is ea go deimhin, tá pus agus breidhil ar lucht seo na muilte gaoithe i nDuibhneach atá coitianta curtha ó dhoras aon uair a mheasann siad cúpla muileann gaoithe a lonnú sa cheantar agus is dócha gur leasmháthair a thógfadh san orthu.

Ach is minic a aistríonn gaoth. Cé a déarfadh sé mhí ó shin go mbeadh seolta Chill Chainnigh ina ngiobail ag anfaí a gcomharsan? An bhféadfadh sé go bhfuil doras beag fé sholas balbh tar éis loinnir dhóchais a thabhairt do lucht mhuilte gaoithe Iarthar Duibhneach?

Rás

BHÍ an aimsir fé do Mharatón an Daingin arís i mbliana. Bhí beagán le cois 2,300 duine ag rith, ag sodar nó ag siúl, ach ba léir go rabhadar ag baint anshóláis as an ócáid.

Bhí roinnt daoine díomách ná raibh aon chuid den airgead a bailíodh á bhronnadh ar eagraíochtaí carthanachta. Dar le go leor go mbeadh aon phroifid a dhéanfaí ag teannadh pócaí daoine príobháideacha.

Ní saineolaí mise ar na cúrsaí seo, ach is ait é mar scéal go gcaithfeadh gach duine a bhí ag rith, €100 a íoc sara mbeadh cead acu páirt a ghlacadh sa rás. Is ea, €100 a íoc le rith!

Bhí an tuairim forleathan nach bhfuil puinn de dhealramh le rás 50 míle a bheith ar an gclár, rás go raibh, measaim, timpeall leathchéad duine le féachaint ann le chéile. Bhí fear sláinte amháin a mheas go bhféadfadh a leithéid de rás damáiste a dhéanamh don cholainn, ach ní bheadh aon duine ag glacadh páirte ach daoine go raibh taithí acu ar a leithéid a dúirt fear eile. Ach an bhféadfadh an síorbhualadh cos ar thalamh crua díobháil a dhéanamh don chorp?

Ní raibh aon fhreagra dearfa cinnte le fáil agam. Bhí fear óg ón Daingean, Seanachán Ó Flannúra, sa dara háit sa rás 50 míle gan ach trí mhíle le dul ach ghortaigh sé cos agus bhí air éirí as. Is fén ngnáthmharatón a thabharfadh sé a aghaidh an bhliain seo chugainn, dúirt sé.

Ach má bhí gearáin acu siúd a mheas gur aisteach go raibh €100 le íoc ag gach iomaitheoir, bhí lucht gnó agus lucht aíochta an Daingin thar a bheith sásta leo féin.

Bhí gaoth an tsóláis tar éis séideadh ina dtreo.

Bainfear geit le rince seite

Róisín Ní Éalaí

BEIDH 'Oíche Chultúir' á hóstáil ag an nGaeltacht, Iarthar Chiarraí i mbliana. Glacfaidh scór cathair, baile mór, contae agus oileán páirt san ócáid chultúrtha a bheidh ar siúl ar 24 Meán Fómhair.

Is i Mara Beo, an t-uisceadán i nDaingean Uí Chúis, a bheidh seisiún scéalaíochta ar bun ag Brenda Ní Shúilleabháin i gcomhluadar iascairí Fhionntrá ó 7.30-9.00. Is é dinnseanchas na mara agus na hiascaireachta a bheidh á phlé sa seisiún seanchais agus scéalaíochta seo.

Beidh rince seite leis an Flash-Mob ag tarlú mar chuid den Oíche Chultúir. Tarlóidh taispeántas seiteanna gan choinne i láithreacha éagsúla i gCorca Dhuibhne. Is é atá i gceist leis an Flash Mob ná grúpa daoine a thagann le chéile go tobann in áit phoiblí chun taispeántas a dhéanamh, ar nós damhsa, agus ansin, gan choinne, scaipeann siad arís.

Beidh próiseas na cruthaitheachta á phlé ag Deirdre McKenna, Niall Naessens, Antonio Fazio agus ealaíontóirí eile i nGailearaí Fadó, An tSráid Mhór, An Daingean ó 5.00-8.00in ar an oíche. Beidh sceitsí, leabhair nótaí agus ábhar feiceálach eile a úsáideann ealaíontóirí le linn dóibh saothar ealaíne a chur i gcrích, ar taispeáint ann.

Tá tuilleadh eolais agus an clár iomlán le feiceáil ar shuíomh Ealaín na Gaeltachta. http://www.ealain.ie/

Uibh Ráthach

Tairiscintí á lorg do thuarascáil Sceilig Mhichíl

Seán Ó Loingsigh

TÁ tairiscintí á lorg faoi choimirce na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil faoi láthair maidir le conradh chun anailís a dhéanamh ar dhéantúsáin (artefacts) atá fachta ar Sceilig Mhichíl le 30 bliain anuas.

Tá tochailt seandálaíochta ar bun ag seandálaithe mar chuid d'obair chaomhnaithe atá ar bun ar Sceilig Mhichíl os na 1980í agus an obair dírithe ar an mhainistir ar an dtaobh thoir thuaidh agus an díseart ar an mbeann thiar theas den oileán atá naoi míle amach ó chósta Chiarraí.

Tá torthaí na tochailte á n-ullmhú le haghaidh iad d'fhoilsiú agus tá tairiscintí á lorg dá réir maidir le conradh chun cur siós ar an 130 déantúsán a haimsíodh.

Táthar ag súil go mbeidh tuarascáil stratagrafach curtha i gcrích faoi cheann dheireadh na bliana agus go mbeidh sé ar fáil ar shuíomh idirlín i dtús na bliana seo chugainn.

Baineadh stádas suíomh oidhreachta dhomhanda UNESCO amach don mhainistir ar an oileán i 1996 agus leanann roinnt chunspóide go dtí an lá atá inniu ann maidir le hatógáil na bhfothrach atá ar bun ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) ó ardaíodh an cheist ag cruinniú Choiste Oidhreacht Dhomhanda de chuid UNESCO i 2008.

Thángthas ar shraith chéimeanna eile ar an oileán le déanaí, ag cur leis an gcáil dhomhanda a bhaineann leis an mhainistir ársa atá suite ar bharr na carraige atá 230 méadar ar airde.

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

An tlúr

Ciorcal Léitheoireachta

TÁ Aonad na Gaeilge de chuid Chomhairle an Iúir agus Mhúrn, i gcomhpháirt le Gaeláras Mhic Ardghail, ag cur tús in athuair lena gCiorcal Léitheoireachta.

Bíonn sé ar siúl gach oíche Mháirt ar 7:30 i dTeach na hÉigse, Paráid an Bhruaich i gcroílár bhaile mór an Iúir.

Is leis an ghearrscéal 'Bríd na nAmhrán' de chuid an Phiarsaigh a chuirfear tús leis an staidéar.

Má tá eolas sa bhreis de dhíth ort, cuir scairt ar 077 7059 7873 nó scríobh nóta chuig gerrypark@fsmail.net.

Doire

Claisceadal Nua Seolta

MAR chuid de chlár leathan imeachtaí sóisialta, oideachasúla agus cultúrtha atá eagraithe ag Cultúrlann Uí Chanáin i nDoire don fhómhar, tháinig Claisceadal Cois Feabhail le chéile den chéad uair riamh an tseachtain seo. Is togra nua amhránaíochta é seo a bheidh ar siúl gach Déardaoin feasta ar 8.30 p.m.

"Seinntear, cantar agus éistear le ceol traidisiúnta na hÉireann ar fud an domhain anois agus ní hamháin i measc na ndaoine sin a mhaíonn gaol fola leis an tír seo," a mhínigh Risteard Mac Gabhann, an duine atá ag eagrú an chlaisceadail.

"Dá bhrí sin, is ceann de mhórthraidisiúin cheoil an domhain anois é agus, cosúil le gach mórthraidisiún ceoil, is iomaí téama agus mothúchán a phléitear ann - grá, caill, cumha, gliondar, greann, caithréimeanna agus tubaistí na staire.

"Is gné an-suntasach den traidisiún sin an amhránaíocht, agus sin an ghné a bheidh i lár báire i gClaisceadal Cois Feabhail.

"Is focal sách ársa é claisceadal, a chuireann daoine ag déanamh ceoil le chéile in iúl. Imeacht den saghas sin a bheidh i gceist i gClaisceadal Cois Feabhail, mar a mbeidh an bhéim ar fhoghlaim amhrán suimiúil i gcomhluadar lách sultmhar."

Tá i gceist go mairfidh an claisceadal sa chéad áit ar feadh deich seachtaine. Múinfear amhráin nua agus déanfar cleachtadh orthu gach seachtain agus déanfar cur síos ar chomharthaí sóirt gach amhrán - an stair, an cúlra a bhaineann leo agus na dóigheanna ar leith ar láimhseáil amhránaithe éagsúla iad.

Bronnfar ar gach rannpháirtí sa chlaisceadal cóip, le haistriúchán agus nótaí, de gach amhrán i gcomhad speisialta buan.

Ní gá go mbeadh aon taithí ar an amhrán Gaeilge roimh ré ag duine le bheith páirteach san imeacht seo. Ní theastaíonn ach go mbeadh fonn air eolas a chur ar an ghné an-saibhir seo dár n-oidhreacht chultúrtha.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó: Cultúrlann Uí Chanáin, Doire (048) 71264132

Leath Chathail

Siúlóid ar Shliabh Crúb

BEIDH grúpa daoine ó Chumann Gaelach Leath Chathail ag dul suas Sliabh Crúb ar an Satharn 18 Meán Fómhair, agus ba mhaith leo cuireadh a thabhairt do dhaoine eile bheith páirteach.

Tá siad ag teacht le chéile ar dtús ag siopa "Brennans" ar an mbóthar idir Baile na hInse agus Suí Forde ag 9.45 le dul díreach go Sliabh Crúb ina dhiaidh sin.

An Ghaeltacht Láir

Tóir mhór ar chéad leabhar scríofa ag Fear na hAimsire

Judy Ní Ógáin

BHÍ an oiread sin tóra ar an leabhar '*Tuar na hAimsire - Traditional Weather Signs*' ar réamh-mheas na haimsire a scríobh fear as Gleann Fhinne i nDún na nGall is gur theastaigh an dara soláthar den leabhar a fhoilsiú le gairid.

Tá cáil mhór ar Mhícheál Ó Gallachóir (fear an phoist áitiúil) ar a bheith ag tabhairt réamh-mheas cruinn ar an aimsir tré úsáid a bhaint as an nádúr. Scríobh Mícheál an leabhar faoi chúrsaí aimsire i mí Lúnasa na bliana anuraidh.

Nuair a thug sé réamh-mheas cruinn go mbeadh neart sneachta le linn na Nollag, fuair sé cuireadh le bheith páirteach ar chlár RTÉ - 'The Late Late Show' le Ryan Tubridy. Agus tar éis dó agallaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta a déanamh i bpáipéirí agus ar an raidió, thosaigh cóipeanna dá leabhar ag díol amach go tapa.

Ag labhairt le Gaelscéal an tseachtain seo, bhí sé soiléir go raibh Mícheál an-sásta le toradh a chuid scríbhneoireachta.

"Tá mé iontach sásta gur dhíol an leabhar thríd an tír chomh gasta sin. Cruthaíodh go leor suime san leabhar tar éis dom a bheith ar na cláir 'The Late Late Show' agus 'Nationwide' i ndiaidh dom réamh-mheas cruinn a thabhairt go mbeadh sneachta ann le linn na Nollag."

Dúirt Mícheál go raibh an leabhar ag díol go maith thar lear freisin ó sheol sé a shuíomh idirlín féin www.michaelgallagher.ie . Mhol sé muintir na Cruacha go mór agus dúirt sé go raibh go leor moladh tuillte acu.

"Bhíodh mé ag éisteacht leis na seandaoine sna Cruacha ag caint ar an aimsir le blianta anuas agus is uathusan a d'fhoghlaim mé conas an aimsir a léamh ag úsáid comharthaí traidisiúnta."

Mar fhreagra ar mo cheist faoi réamh-mheas a thabhairt don Gheimhreadh agus don Nollaig, dúirt sé "Tá sé ró-luath go fóill réamh-mheas a thabhairt faoin nGeimhreadh. Cóngarach don chéad seachtain de mhí na Nollag - sin an t-am chun an aimsir a léamh faoi caidé a tharlóidh faoi Nollaig."

Fánaid

Seirbhís Nua Bus do cheantar Fhánada

Judy Ní Ógáin

TÁ seirbhís nua bus idir Fánaid agus Leitir Ceanainn tar éis a theacht i bhfeidhm. Fágann an tseirbhís nua bus Cionn Droma i bhFánaid ag 9:40rn gach Aoine agus stopann ag 6 phointe piocadh suas ar an mbealach - ag Tamhnaigh, Ros na Cille, an Cheathrú Chaol, Gleann Bhairr, Ráth Maoláin agus Ráth Mealtain sul má shroicheann an bus Leitir Ceanainn. Fágann an bus Leitir Ceanainn ag 1.45in chun filleadh ar ais ar Fhánaid.

Tháinig an tseirbhís nua i bhfeidhm de bharr comhoibriú ó MFG agus Comhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall (nó an DLDC), nuair a thuig siad gur theastaigh córas taistil níos fearr i gceantar Fhánada. Tá an córas nua taistil á mhaoiniú faoin gClár Forbartha Pobail atá faoi chúram an DLDC.

Sular tháinig an córas nua seo i bhfeidhm, d'fhágadh an bus faoin seanchóras ag timpeall 7.30rn chun daoine a thabhairt ar scoil agus chun na hoibre i Leitir Ceanainn srl.

Dhéanfadh an tseirbhís bus filleadh ar ais ó Leitir Ceanainn ag 4.30in nuair atá na scoileanna oscailte ach ag 6.30i.n. nuair nach mbeidh.

Braitheadh go raibh an córas seo neamhrialta agus gur mhinic nach raibh an t-am feiliúnach do dhaoine níos sine.

Táthar ag súil go gcuirfear leis an gcóras taistil píolótach nua seo thar thréimhse ama, má bhaintear úsáid as.

Beidh taisteal ar an mbus saor in aisce dóibh siúd go bhfuil cárta taistil acu.

Taobh amuigh dhó sin, beidh costas €5 ar thuras fillte.

3 TUAIRIMÍ

An féidir baint den líon daoine a chuireann lámh ina mbás féin?

Eoghan Ó Néill

Bhí mé i láthair an tseachtain seo caite ag bigil i gCill Uaighe ar imeall Bhéal Feirste Thiar. Tháinig céad duine le chéile chun cuimhneamh ar an seisear ón cheantar a chuir lámh ina mbás féin le linn an tsamhraidh.

Le 13 bliain anuas chuir corradh is 60 duine ó Chill Uaighe lámh ina mbás féin.

In achan cheantar i mBéal Feirste, go mór mór i gceantracha an lucht oibre, tá an scéal mar an gcéanna.

Ard Eoin, Lóiste na Móna, Baile Uí Mhurchú, an Trá Gearr.

Na scórtha daoine a chuir lámh ina mbás féin nó a thug iarraidh a leithéid a dhéanamh.

Is amhlaidh an scéal i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus i mbailte tuaithe ar fud na tíre.

Inniu agus gach uile lá eile sa bhliain cuirfidh beirt Éireannach lámh ina mbás féin. 800 duine sa bhliain dar leis na figiúirí oifigiúla.

Ach tá an figiúr fíor níos cóngaraí do 1,000 duine sa bhliain.

Trí oiread an lín a mharaítear ar na bóithre. Ach ní bheadh a fhios agat sin agus tá ag breathnú ar thosaíochtaí caiteachais, áiseanna, agus poiblíochta na rialtas, thuaidh agus theas.

Tá na céadta milliún á gcaitheamh ar phoibliú an tslada ar na bóithre, ar chinntiú go bhfuil Gardaí go leor ar fáil leis an dlí a chur i bhfeidhm, ar achtú reachtaíocht nua agus ar chomhordú seirbhísí féacháint leis an slad a laghdú.

Ar an taobh eile den scéal tá an rialtas ag cur €5m ar fáil do ghrúpaí a thacaíonn leo sin atá i mbaol lámh a chur ina mbás féin.

In Albain caitear €25m sa bhliain ag iarraidh baint de líon na ndaoine a chuireann lámh ina mbás féin.

Mar chuid dá n-iarrachtaí thug na hAlbanaigh faoi fheachtais neamhghnácha.

Cuireadh daoine amach chuig cluichí sacair, go clubanna oíche srl., féacháint le fir óga a chur ag caint faoin cheist agus iad a chur ar an eolas faoin tacaíocht atá ar fáil acu.

Agus bhí toradh ar na feachtais seo.

Laghdú beag ar an líon daoine atá ag cur láimhe ina mbás féin.

Toradh, ní amháin ar an airgead a chaith an rialtas.

Ach toradh ar a gcinneadh chun tosaíocht a dhéanamh den cheist.

Chuir an rialtas in Albain agus an pobal in Albain agus an tsochaí ansin, chuir siad rompu plé leis an fhadhb seo go dáiríre agus go fadtréimhseach.

Seachas a bheith ag déanamh amadáin dínn féin os comhair an tsaoil ag plé cé acu a bhí nó nach raibh póit ar Brian Cowen agus é faoi agallamh ag Cathal Mac Coille ba cheart dár bpolaiteoirí maireachtáil seal san fhíor-shaol agus tabhairt faoi réiteach a aimsiú d'fhadhbanna mar iad seo.

Is féidir baint den fhéinmharú ach ceannasaíocht a bheith againn ón rialtas, ón fhreasúra, agus ón phobal.

Níl réiteach ag an rialtas ar an chibear-bhulaíocht ná ar an chúlú eacnamaíochta (ní sa ghearrthréimhse cibé ar bith) ná ar na rudaí eile a thugann ar dhaoine lámh a chur ina mbás féin.

Tá scéal ar leith in achan chás féinmharaithe.

Ach thig leis an rialtas tosaíochtaí a leagan amach agus ba cheart dóibh tosaíocht náisiúnta a dhéanamh den fhadhb seo.

Gan mhoill.

Ar ábhar eile ar fad bhí mé ag oíche ómóis do Phádraig Ó Snodaigh san ionad 'Craw Daddy' i mBaile Átha Cliath oíche Mháirt.

Chuir an oíche shiamsa sin tús le IMRAM, scothfhéile ealaíne a mhairfidh go deireadh na míosa seo.

Bí cinnte de go bhfreastalaíonn tú ar IMRAM nó ba dheacair é a shárú maidir le caighdeán agus éagsúlacht agus cruthaitheacht na n-imeachtaí.

Agus ba dheas liom gur ómós do Phádraig Ó Snodaigh a chuir tús leis i mbliana.

Duine a rinne cion fir ar oiread bealaí do phobal na Gaeilge.

Ó bheith ina Uachtarán ar an Chonradh go bunú Coiscéim agus foilsiú 1,000 leabhar le tríocha bliain anuas, rinne sé éachtaí.

Ní bheadh sin indéanta aige ar ndóigh ach amháin an tsíorthacaíocht a fuair sé óna bhean chéile Clíodhna agus óna chlann thallannach (nó ar cheart dom a chlann challánach a chur isteach ansin!)

Bhí roinnt acu sin sa lucht éisteachta an oíche faoi dheireadh agus triúr acu, Rossa, Rónán agus Colm, ar an ardán ag seinm.

Bhí siad ar dóigh amach is amach.

Rinne siad leagan de phort nua acu darb ainm 'Rachel Corrie.'

Thar a bheith maith.

Ach ba ag mac Phádraig, Rossa, a bhí an jóc is fearr den oíche.

Luaigh sé go raibh an ócáid á reáchtáil san ionad, 'Craw Daddy.'

Ach ag cuimhneamh dó ar an chiapadh agus ar an mhealladh agus ar an chrá a rinne a athair ar scríbhneoirí chun tabhairt orthu dul i mbun pinn ar seisean, "Shíl muidne gur againn féin a bhí an t-aon 'Crá Dáidí' i mBaile Átha Cliath!"

Nár laga Dia do lámh a Phádraig.

Féinmharú - Tá cuidiú ar fáil

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis na heagraíochtaí seo a leanas agus go leor eile má tá cabhair de dhíth ort déileáil le féinmharú.

Samaritans Ireland: 1850609090 (26 contae) nó 08457909090 (Tuaisceart na hÉireann)

Seirbhís tacaíochta sna 26 contae:
GROW: 1890474474
Console: 1800201890
Aware: 1890303302
Living Links: 06743999 nó 0874122052

Tuaisceart na hÉireann:

Grúpa Feasachta agus Tacaíochta d'Fhéinmharú Iarthar Bhéal Feirste: 028 9023 9967 nó 0808 808 8000 (24 uair)
C.A.U.S.E.: 02890238284
Lifeline: 08088088000
Aware Defeat Depression: 08451202961

Tá muid sa mbád céanna le Boris Yeltsin!

Bernie Ní Flatharta

Is cuma an raibh An Taoiseach dallta nó an raibh póit óil air - má cheap éisteoirí é sin an tseachtain seo agus é ag caint ar RTÉ as Gaillimh, tá an damáiste déanta.

Bhí an lá ann nuair a bhí muid ar fad in ann an t-ól a chaitheamh siar, cúpla pionta b'fhéidir nó cúpla gloine fíona agus suí isteach i gcarr agus tiomáint. Bhí an lá ann freisin nuair a bhí muid in ann ól agus muid torrach agus ní raibh locht ar bith ar a bheith ag caitheamh toitíní sa gcás céanna. Agus ós caint ar thoitíní é, bhíodh sé ceart go leor freisin caitheamh i dteach táb-hairne, in óstán nó i mbialann.

Bhíodh dochtúirí fiú ag caitheamh agus iad ag obair!

Bhí go leor rudaí a bhí muid in ann a dhéanamh - tá an liosta an-fhada – nach féidir linn a dhéanamh anois mar go bhfuil meon daoine athraithe.

Tá an saol athraithe ach ar inis aon duine don Taoiseach é sin?

Is iontach go raibh an fear in ann siamsaíocht a chur ar fáil dá chomhghleacaithe in óstán an Ardilaun anseo i nGaillimh.

Is cosúil go raibh sé ag casadh amhrán agus ag baint gáire amach as a raibh istigh sa mbeár go dtí an 3 nó 2 ar maidin agus tá an cháil sin air.

Ba bhreá liom féin oíche áirneáin a chaitheamh ina chomhluadar uair éigin ach ní ag an am seo agus an tír trína chéile - othair síos an bóthar ar thralaí in Ospidéal na Gaillimhe. Tá cúrsaí leighis go huafásach sa tír agus níl aon airgead le spáráil ag aon duine. An botún a rinne Brian Cowen ná gur chuma leis céard a cheap muid faoi, go bhfuil sé chomh díomasach sin nár cheap sé go mba cheart dhó a bheith níos soiléire, níos ullmhaithe.

Tá sé thar am gur thug Cowen agus a leithéid aird orainn.

Is náireach go bhfuil sé sa mbád céanna anois le Boris Yeltsin, an fear a bhfuil an cháil air go raibh sé ólta agus nach raibh sé in ann a t-eitleán a fhágáil in Aerfort na Sionainne.

Tá an scéala imithe ar fud an domhain - is cuma an raibh sé fíor nó bréagach, tá an damáiste déanta.

Bhí Fianna Fáil ansin le cúrsaí trom-chúiseacha a phlé ach is cosúil anois gur cheap siad féin gur ag Rásaí na Gaillimhe a bhí siad.

Pléascadh i líon na ndaoine ar an saol

Conall Ó Móráin

Sna 1970í bhí an-bhuairt ar dhaoine go raibh Ollannaigh agus Gearmánaigh chun talamh iomlán na hÉireann a cheannach. Bhí airgead acu siúd agus ní raibh ag muintir na háite.

Tháinig siad go dtí iarthar Chorcaí, go dtí an Daingean agus go Dún Chaoin agus ghlac siad seilbh (arís) ar thithe breátha i gContae na Gaillimhe ach dhíol siad astu an tráth seo. Ag an am céanna sa Bhreatain bhí an Caomhnach Edward Heath mar phríomhaire agus bhí cúrsaí eacnamaíochta níos measa ansin ag an am ná mar atá siad anseo faoi láthair, is deacair a chreidiúint.

Bhí na Briotanaigh ag obair ar bhonn trí lá sa tseachtain. Ba iarracht é seo ag an rialtas ansin daoine a choimeád ag obair tríd an obair a leathnú amach. Bhí na ceardchumainn sna stáisiúin ghinte leictreachais ar stailc agus ní raibh cumhacht aibhléise le fáil uaireanta éagsúla i rith an lae. Bhí rudaí gruama agus tugadh 'geimhreadh na míshástachta' air i gceannlínte sna meáin ag an am. Dá dheasca seo, bhog roinnt mhaith de lucht maoine Shasana trasna anseo agus cheannaigh siad eastáit mhóra, gar go leor dá mbaile ach fada go leor ó bhagairt na Boilséiveach a bhí ag teacht ina dtreo, mar a cheap siad.

Ar ndóigh, bíonn fonn baile orainn ar fad agus tar éis achar ama d'imigh roinnt mhaith de na Sasanaigh ar ais chuig a gcuid agus fuair na Gearmánaigh agus na hOllannaigh amach go mbíonn sé ag cur báistí uaireanta sa tír seo agus go mbaineann buntáistí - mura bhfuil ceangal mór agat leis an gcultúr anseo - le hacienda mór a cheannach sa Spáinn agus luí faoin ngrian 364 lá sa bhliain.

D'imigh a bhformhór abhaile.

Ach ní mar sin atá ag tarlú trasna an domhain faoi láthair. Nuair nach mbíonn infheisteoirí an domhain ag smaoineamh ar phraghas an óir, nó ar an ráta úis ar bhannaí rialtais, bíonn na daoine seo a infheistíonn na mílte, mílte, milliún Euro trasna na cruinne, ag lorg téamaí nua infheistíochta. Téama an téarma proifisiúnta atá air.

Bhíodh am ann nuair a lorgaíodh siad deiseanna infheistíochta sna heacnamaíochtaí 'nua' mar a thugaidís orthu, Vítneam, an Indinéis nó an Bhrasaíl. Ina dhiaidh sin bhog siad na billiúin amach uathu sin agus isteach i gcomhlachtaí a bhí bainteach le fuinneamh in-athnuaite. B'shin an buzz ba nua. Ansin tá téama eile ann agus téama é nach dtaitneoidh linne in Éirinn, cé go bhfuil roinnt againn gafa leis cheana féin, ar bhealach an-bheag go dtí seo caithfear a rá.

Tá gar le 7 míle milliún béal ar an domhan faoi láthair agus de réir na réamhfhaisnéisí tá an líon sin le méadú go suntasach, go tapa. Má dhéanann tú an mhatamaitic, méadaíonn na figiúirí an-sciobtha agus go tobann beidh, deirtear, faoin mbliain 2050 breis agus 9 míle milliún duine ar an saol.

Tá gar le 7 míle milliún béal ar an domhan faoi láthair agus de réir na réamhfhaisnéisí tá an líon sin le méadú go suntasach, go tapa. Má dhéanann tú an mhatamaitic, méadaíonn na figiúirí an-sciobtha agus go tobann beidh, deirtear, faoin mbliain 2050 breis agus 9 míle milliún duine ar an saol.

Cheana féin meastar go dtéann billiún duine a chodladh ocrach gach oíche. Gan athrú raidiciúil i gcúrsaí feirmeoireachta agus táirgeadh uisce ghlain is féidir a fheiceáil cén treo ina bhfuil muid ag druidim. Tá an chuma air go mbeidh easpa mhór bia ann agus dá dheasca sin, tá na hinfheisteoirí a luaigh mé níos luaithe ag ceannach talaimh i gceithre arda an domhain.

Ach ní chun bheith ag breathnú ar an radharc atá siad á dhéanamh seo. Ní hea, mar is talamh torthúil atá á bhailiú acu, talamh go bhfuil súil acu a chuirfidh bia ar fáil, bia a bheidh i bhfad níos daoire mar go mbeidh sé gann. Foilsíodh tuarascáil de chuid an Bhainc Dhomhanda an tseachtain seo caite, tuarascáil gur cuireadh an-mhoill air, a léiríonn gur ceannaíodh 45 milliún heicteár i dtíortha atá i mbéal forbartha sa bhliain 2009. Sin léim an-mhór, deich n-oiread an mhéid a ceannaíodh deich mbliana roimhe sin. Ainmneacha mór le rá i dtéarmaí infheistíochta atá á dhéanamh seo. Seo cistí rachmais nó cistí infheistíochta lonnaithe sa Mheánoirthear, cistí infheistíochta stáit ag an Sín agus 'ainmneacha' aitheanta ar nós SinoLatin Capital, Goldman Sachs, Harvest Capital agus an 'daideo' acu ar fad, Berkshire Hathaway, comhlacht infheistíochta Warren Buffet atá ag cur $400 milliún dá chuid airgid ar fáil chun talamh sásúil le soighe agus siúcra a tháirgeadh sa Bhrasaíl. Tá na dearthháireacha Benetton, gur leo na siopaí éadaí idirnáisiúnta, tar éis 900,000 heicteár a cheannacht sa Phatagóin agus tá agóid á déanamh ag treabh Mapuche ina gcoinne. Tá George Soros, Ted Turner, gur leis stáisiún teilifíse CNN, agus an trádálaí airgid clúiteach Joe Lewis, cara le Dermot Desmond s'againne, ina measc freisin. Gan dabht tá airgead mór i gceist sa togra seo.

Tá ré caite againn le deich mbliana anuas nach raibh mórán moráltachta ag baint le gnó mór. Tá an seans ann go bhféadfadh an rud céanna tarlú arís maidir le moráltacht na ndaoine siúd atá ag ceannach talaimh chun buntáiste a bhreith orthu siúd atá ocrach nó a d'fhéadfadh a bheith. Níos fearr ná aon dream i measc na n-eacnamaíochtaí forbartha, tuigimidne in Éirinn an t-uafás a bhaineann leis an gcoincheap. Chonaic muidne, 150 bliain ó shin, uafás an easpa bia, ach tá sé fós chun tosaigh inár n-aigne. Níl na hinfheisteoirí seo ag smaoineamh ar bhealaí chun breis bia a sholáthar. Tá siad, faraor, ag smaoineamh ar an lá, nuair a thiocfaidh sé, go mbeidh easpa mhór bia ann agus go mbeidh siad in ann brabach mór a tharraingt as. Ní raibh mise riamh rócheanúil ar pholaiteoirí ach seo seans acu rud dearfach a dhéanamh – stop a chur leis an réabadh seo agus ligean do mhuintir na háite buntáiste cóir a bhaint as a gcuid talaimh, agus ar an dara dul síos, cosúil leis na béasaí atá á gcur orainn de dheasca easpa ola, b'fhéidir go ndíreoidh muid isteach ar an bhfíorbhuama núicléach atá ag pléascadh fiú agus mé ag scríobh – is é sin an pléascadh i líon an daonra.

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Scéim Labhairt na Gaeilge

LÉIRÍONN na torthaí ó Scéim Labhairt na Gaeilge idir dhóchas agus éadóchas do thodhchaí na Gaeilge sna Gaeltachtaí.

Leanann meath na Gaeilge leis sna fíor-Ghaeltachtaí d'ainneoin an fháis atá uirthi in áiteanna eile sa tír.

Is tubaisteach an meath atá uirthi gCo. Mhaigh Eo, fiú sna daingin dheireanacha den teanga sa Chontae sin thart ar an Eachléim agus Ceathrú Thaidhg.

Tá ábhar dóchais ann áfach, ina measc na torthaí i nGaeltacht na Rinne, i Múscraí agus i bhFánaid ó thuaidh agus de bhrí go bhfuil Gaeilge ann go fóill sna Breac-Ghaeltachtaí eile.

Tá Gaeltacht na Rinne ach go háirithe ina dea-shampla do mhion-Ghaeltachtaí eile sa tír. Tráth dá raibh bhí an Ghaeilge chomh lag céanna sa Rinn is atá i bpóca Gaeltachta Mhaigh Eo inniu ach léiríonn sé gur féidir difear a dhéanamh má théitear i mbun gníomhartha ilghnéitheacha ar bhonn teaghlaigh agus sóisialta agus má dhaingnítear an Ghaeilge sna scoileanna.

Tá géarghá le hathrú, le gníomh, le ceannaireacht, le radacachas agus le daingeanachas ar cheist na Gaeilge sna Gaeltachtaí.

Is ceist í ba cheart a bheith tábhachtach don rialtas ach ó bhí tús an Stáit ann theip ar an rialtas freastal ar na Gaeltachtaí agus iad a chosaint mar is ceart, rud a leanann go dtí an lá atá inniu ann.

Ní féidir an milleán ar fad a chur ar an rialtas amháin áfach, an ceann seo ná na cinn a tháinig roimhe, ní féidir le rialtas páistí a thógáil le teanga ar bith, sin obair do thuismitheoirí.

Agus is ceist don phobal áitiúil ar fad polasaithe teanga i scoileanna na Gaeltachta.

Is go rófhada a cuireadh an locht ar fad ar rialtais, is orainn ar fad atá an locht faraor.

Ní féidir aon athrú a dhéanamh ar mheath na Gaeilge gan freagracht a ghlacadh as, caithfidh muid sinn féin a shaoradh ón dearcadh gur ceist don rialtas amach is amach é. Is é ár rogha féin mar Ghaeil é.

Tá neart againn ar an scéal.

Is ceist do mhuintir na Gaeltachta is don aos óg ach go háirithe í maireachtáil na Gaeilge sna Gaeltachtaí.

Ach má roghnaíonn an t-aos óg gan í a úsáid agus gan í a thabhairt don chéad ghlúin eile, níl neart ag rialtas, ag eagraíocht ná ag duine ar bith ar a rogha.

Muna dtógfaidh daoine a gcuid páistí leis an Ghaeilge, ní bheidh aon todhchaí aici mar theanga bheo, ní bheidh ann ach ábhar acadúil do dhornán beag scoláirí sna hOllscoileanna.

Galltacht gan Ghaeltacht?

TÁTHAR ANN a chreideann nach bhfuil "slánú na Gaeilge ag brath ar an Ghaeltacht." Dearcadh conspóideach is ea é sin gan aon amhras.

Is é rud nach féidir mórán amhrais a bheith ann faoi áfach ná go leanfaidh mionlach ar aghaidh ag caint i nGaeilge, beag beann ar stádas na teanga sa Ghaeltacht Oifigiúil, cé gur cinnte go n-éireoidh corrdhuine sa Ghaeltacht as labhairt na Gaeilge má fhaigheann sí bás sa Ghaeltacht is fearr leo.

Dá bhfaigheadh an Ghaeilge bás i dTír Chonaill, mar shampla, agus is ceart gach rud agus is féidir a dhéanamh lena chinntiú nach dtarlódh a leithéid de thubaiste, is beag tionchar a d'imreodh sé sin ar an Ghaeilge i mBéal Feirste.

Mar an gcéanna i mBaile Átha Cliath, áit, de réir dhaonáireamh 2006, a labhraíonn 10,720 an Ghaeilge gach lá taobh amuigh den chóras oideachais, 6,658 sa chóras oideachais ach taobh amuigh chomh maith agus baineann 23,181 úsáid aisti ar bhonn seachtainiúil. Sin ábhar Gaeltachta iontach mór, agus b'iontach lárionaid a chruthú, níos mó daoine a chur ag labhairt na Gaeilge go laethúil is lena gcuid páistí, lonnaíochtaí a bhunú srl.

Is féidir a bheith ag caitheamh anuas ar an chineál Gaeilge atá a labhairt sa dá áit seo ach is fearr Gaeilge bheo, is cuma cé chomh lochtach bacach is atá sí, ná Gaeilge mharbh, is cuma cé chomh binn blasta cruinn is saibhir a bhí sí tráth.

Seans nach bhfuil sé réalaíoch le cúrsaí eacnamaíochta mar atá anois Scéim Labhairt na Gaeilge a leathnú amach ar fud na tíre, cé nach gá deontas leis, ach b'úsáideach suimiúil na torthaí céanna.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Dea-chleachtas na Naíonraí

14 Meán Fómhair 2010

A Eagarthóir, a chara,
Déanaim tagairt d'alt dar teideal "Naíonraí faoi bhrú sna breac-Ghaeltachtaí", 10 Meán Fómhair 2010, ina ndéantar tagairt do pholasaí Fhorbairt Naíonraí Teoranta (FNT). Ar mhaithe le soiléireacht, molann FNT mar dhea-chleachtas comhfhreagras scríofa a sheoladh amach chuig tuismitheoirí Naíonraí i nGaeilge agus leagan Béarla ina theannta, nuair is gá.

Leanann gach Naíonra cláraithe le FNT an luath-thumadh iomlán. Ciallaíonn seo nach n-úsáidtear oiread agus focal i dteanga eile seachas an Ghaeilge leis na leanaí faoi chúram an Naíonra ná i measc fhoireann an Naíonra. Aithnítear go hidirnáisiúnta go bhfuil an luath-thumadh iomlán ar an modh is éifeachtaí chun an dara teanga a shealbhú. I measc na mbuntáistí a thagann ón luath-thumadh iomlán tá forbairtí cumarsáide, teanga, féinmhuiníne agus cognaíocha.

Spreagtar na tuismitheoirí chun frásaí bunúsacha Gaeilge a úsáid agus iad ag fágáil agus ag bailiú na leanaí ón Naíonra. Moltar liosta de fhrásaí simplí Gaeilge a thabhairt do thuismitheoirí ag cruinniú eolais sula dtosaíonn an leanbh sa Naíonra. Más spéis le daoine breis eolais a fháil faoin luath-thumadh iomlán nó faoi conas Naíonra nua a bhunú is féidir leo teagmháil a dhéanamh linn ag eolas@naionrai.ie nó 01-8535101.

Is mise, le meas,
Clíona Frost
Príomhoifigeach
Forbairt Naíonraí Teoranta

Seanie Fitzpatrick mar Uachtarán?

A Eagarthóir,
Ó tharla spéis léirithe ag Bertie Ahern san uachtaránacht anois, ar cheart dúinn bheith ag súil go gcaithfidh Ray Burke, Seán Fitzpatrick agus Michael Fingleton mar aon le meascán mearaí de thógálaithe, bancéirí agus polaiteoirí eile a hata isteach sa bhfáinne?

Niall Ó Murchadha
An Spidéal

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

CEIST na Seachtaine

Ar cheart go mbeadh vóta ag gach saoránach Éireannach d'Uachtaránacht na hÉireann?

Cé go mbeidh neart díospóireachta ann faoi na daoine a bheadh feiliúnach don phost, tá sibh ar fad aontaithe ar cheist amháin - **cheap 100% agaibh a rinne suirbhé ar líne Gaelscéal na seachtaine seo gur cheart go mbeadh vóta ag gach saoránach Éireannach d'Uachtaránacht na hÉireann**. Dá ndéanfaí a leithéid bheadh cead vótála i dtoghchán na hUachtaránachta ag saoránaigh a chónaíonn lasmuigh de na 26 contae.

Chiallódh seo go mbeadh deis acu siúd atá imithe as an tír tionchar a imirt ar an té a roghnófar mar cheannaire stáit. Bheadh ceist mhór ann dar ndóigh faoin gcostas a bhainfeadh lena leithéid agus conas a dheimhneofaí seoltaí na ndaoine seo agus an córas vótála a d'úsáidfí. Ach, seans gur fiú do na páirtithe é sin a thabhairt san áireamh agus iad ag déanamh faoi réir do thoghchán uachtaránachta na bliana seo chugainn.

Ceist na Seachtaine seo : Ar cheart Scéim Labhairt na Gaeilge a leathnú amach ar fud na tíre?

David Norris, Fergus Finlay, Michael D - fir mhaithe iad go léir, ach tá an freagra agamsa

Páidí Ó Lionáird

TÁ na litreacha seolta agus tá cur síos cuimsitheach iniata ar na tréithe a cháileodh é don oifig is airde sa tír. Tá na cúiseanna luaite - mar is maith le Páirtí an Lucht Oibre cúiseanna - go n-aithneofaí mar iarratasóir é. Ar ndóigh, tá sé inmhianaithe nach bhfuil aon smál, beag nó mór, air a chuirfeadh deireadh tobann lena fheachtas nó lena théarma in oifig dá n-éireodh leis dul chomh fada sin.

Ar ndóigh táim ag scríobh faoi iarratas Fergus Finlay ar Theachtaí Dála agus ar Sheanadóirí Pháirtí an Lucht Oibre eisean a ainmniú mar a n-iarrthóir i dtoghchán Uachtaránachta na hÉireann. Tá cúlra agus CV anmhaith ag Finlay. Chaith sé tréimhse an-fhada mar chomhairleoir ag Dick Spring nuair a bhí seisean ina cheannaire ar Pháirtí an Lucht Oibre (LO) sna 80í agus sna 90í. Aithnítear é i measc na ndaoine is meabhraí sa tír ó thaobh straitéise agus teaicticí polaitíochta de. Bronntar go leor den chreidiúint ar Finlay as an ngaisce a rinne an LO san olltoghchán in 1992 nuair a chuir siad go mór le líon a shuíocháin sa Dáil.

Ó d'fhág sé slán leis an LO in 1997, le dul ag obair leis an gcomhlacht Wilson Hartnell, tá go leor eile bainte amach aige. Is colúnaí rialta leis an *Irish Examiner* é agus is Príomhfheidhmeannach é ar an gcarthanas do pháistí, Barnardos. Bíonn sé glórach in aghaidh aon chreimeadh ar áiseanna do pháistí atá faoi mhíchumas (tá iníon fásta aige a bhfuil Siondróm Downes uirthi) agus tugtar cuid den chreidiúint dó as na Cluichí Oilimpeacha Speisialta idirnáisiúnta a mhealladh go hÉirinn. Fear an-mhaith atá ann mar sin. Mar bharr air sin - rud atá tábhachtach sa chás áirithe seo - aithnítear é mar dhuine de na 'hailtirí' i bhfeachtas Mháire Mhic Róibín d'Uachtaránacht na hÉireann. Tá fios a ghnó ag an bhfear seo cinnte.

Beidh go leor oibre roimhe má tá sé le hainmniúchán a fháil ón bpáirtí mar tá iarrthóir amháin eile ar a laghad ann ar mhaith leis a bheith ainmnithe. Is é sin Michael D Higgins TD, uachtarán Pháirtí an Lucht Oibre agus a n-urlabhraí ar Ghnóthaí Eachtracha. Tá aithne mhaith ag daoine ar Michael D. Aithneoidh glúin amháin é mar theagascóir Polaitíochta agus Socheolaíochta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bheadh tacaíocht láidir aige ó lucht na n-ealaíon toisc a dhlúithe agus atá sé le gach ní cruthaitheach.

Nuair ba Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta é, chuir sé deireadh le hAlt 31 den Acht Craolacháin, d'athbhunaigh sé Bord Scannáin na hÉireann agus bhunaigh sé TG4. Is file é freisin agus foilsítear ábhar leis go minic in éagsúlacht foilseacháin móide a chuid foilseachán féin. Smaoinigh air, é ag cur fáilte fileata roimh Uachtaráin nó Ríthe le dán nuachumtha. Iarrthóir láidir mar sin, gan ach aon laige amháin ag baint leis, áfach, má tá - a aois, beidh sé seachtó an bhliain seo chugainn.

Máire Mhic Giolla Íosa, bean Ard Eoin agus Uachtarán na hÉireann.

Tá David Norris luaite le seasamh freisin. Fear acadúil agus polaitíochta eile é seo a bhfuil aithne fhorleathan air de bharr a thréimhse sa Seanad agus mar léachtóir i gColáiste na Tríonóide. Bheadh sé ar an gcéad Uachtarán aerach freisin (de réir mar is eol dúinn). Duine é a bhfuil cáil na gceart sibhialta agus na hoibre carthanachta air mar gheall ar an tacaíocht a thugann sé dóibhsean is mó faoi léigear agus a chuid oibre chun ailtireacht Sheoirseach Bhaile Átha Cliath a chaomhnú. Tá cáil mar chraoltóir bainte amach aige le déanaí freisin. Bheadh sé suimiúil a fheiscint cad as a thiocfadh tacaíocht pholaitiúil dó, mar aithnítear anois nach fiú machnamh a dhéanamh ar an oifig úd gan gréasán náisiúnta an pháirtí polaitíochta a bheith ag obair ar do shon. É sin ráite, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh tóir níos mó ar iarrthóir neamhpholaitiúil an turas seo mar gheall ar an drochchaidreamh atá ag polaiteoirí na linne leis an bpobal toghthóireachta - a dhona agus atá cúrsaí eacnamaíochta agus geilleagair.

Cad mar gheall ar Bertie? Dóthain ráite.

Tá go leor cainte déanta le tamall anuas faoi iarrthóir a bheadh chomhaontaithe ag na páirtithe polaitíochta ar fad a chur chun cinn. Bheadh ciall leis mar beidh sparáin na bpáirtithe polaitíochta folamh go maith nuair a thiocfaidh am an toghcháin an bhliain seo chugainn.

Chuig an moladh atáim a cheapaimse a bheadh inghlactha d'éinne a chreideann go bhfuil sár-obair déanta ag an Soilse, Máire Mhic Giolla Íosa.

Tá Éire curtha chun cinn go mór aici le trí bliana déag anuas agus seirbhís ollmhór tugtha aici dúinn - saoránaigh an oileáin ina iomláine. Ní raibh sí ina lóchrann aonair, ar ndóigh, i mbun na hoibre seo, áfach. Bhí a fear céile, Martin, mar chrann taca taobh léi i gcónaí agus tá sé cloiste againn faoi gur iomaí beart traspháirtí, ilchreidimh atá curtha i gcrích aige ar son na síochána thuaidh is theas. Iarraim, mar sin ar fhear céile an tionónta reatha gan a chuid málaí a phacáil fós ach fanacht san Áras ar ár son.

Molaim Martin Mac Giolla Íosa le seasamh d'Uachtaránacht na hÉireann.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Inniu

1 Meán Fómhair 1978

"Aifreann i mBloc H"
Léann an tAth. Donncha Ó Maol Fábhail Dún Geanainn, Aifreann i mBloc H de Champa na Ceise Fada gach Domhnach. Sin é an t-aon deis a bhíonn ag na cimí ansin caidreamh a bheith acu le chéile, agus in agallamh le tuairisceoir INNIU (féach ar leath 3.) rinne sé cur sios ar an mbail fhíorghránna atá ar na cimí ceanna. Foilsímid an cuntas sin thíos.

Tá na cimí tanaí agus tá siad clúdaithe le sail chnis, ach tagann iarract de líonrith nó "mild hysteria" ar na fir seo nuair a thagann siad le chéile, gach duine agus gan air ach an blaincéad atá fillte thart air.

Tosaíonn siad ag déanamh comhrá go corraithe agus go glórach le chéile.

Baineann sé fiche nóiméad as an Ath. Ó Maol Fábhail iad a shuaimhniú i gcomhair an Aifrinn. Téann sé ina measc agus clingeann sé cloigín.

Cíocras scéala
Braitheann sé beagáinín cosúil le Séan Óg Ó Ceallacháin i dtús na seanmóra: tosaíonn sé leis na torthaí spóirt!

Ansin, insíonn sé cibé scéalta grinn a chuala sé i rith na seachtaine; tugann sé cúntas ar na cruinnithe agóide agus gach sluachorraíl a eagraíodh ar a son i rith na seachtaine.

Is é an imeagla is mó atá ar na cimí go ndéanfaí dearmad orthu.

Cé nach bhfuil focal Gaeilge ag tromlach mór na gcimí is focal lárnach é an focal "scéal" i ngluais an Champa. "What *scéal* have you this week?"

Tháinig duine díobh chuig an Ath. Ó Maol Fábhail tamall ó shin ag cur ceisteanna casta air i dtaobh na Gaeilge - ceisteanna nach raibh ar a chumas a fhreagairt!

'Caitheamh aimsire'
Conas is féidir le cime a mheabhair cheart a choimeád agus cúrsaí mar atá sa Champa?

Stócaigh shoineanta is mó atá iontu, deir sé, nach bhfuair mórán oideachais riamh, agus dá bhrí sin tig leo an lá a chur isteach níos éasca, abair, ná an fear léannta.

Is iontach an bheartaíocht a chleachtann siad - teachtaireachtaí a tharchur ar na píobáin, foireann fichille a dhéanamh as ábhar a soláthraíodh ar ala na huaire; agus mar sin de.

Anraí Ó hÉanna
D'iarr ár dtuairisceoir air radharc gléineach amháin a thabhairt chun cuimhne a dhéanfadh an Campa a choimriú.

Smaoinigh sé ar feadh bomaite sular thug sé cur síos corraitheach ar laethanta deireanacha Henry Heney.

Bhí sé 62 bliain d'aois nuair a gearradh pionós 15 bliana air toisc gur cuireadh síos dó go raibh ábhar pléascach ina sheilbh aige. Is é an gnáthrud a dhéantar sa ghnáththír shibhialta an phianbhreith a chur ar fionraí d'fhear den aois sin - go háirithe nuair atá aillse air.

D'fheiceadh sé é ag súil go malltriallach feadh imlíne an fháil sreinge agus a phaidrín á rá aige.

Rinne an tArdeaspag Ó Fiaich idirghuí le Mason ar a shon. Bhain an mianadóir as Barnsley a chluaisín chúnta amach.

Fuair Henry bás i bpríosún i mbliana. D'fhag sé seisear déag de chlann ina dhiadh.

'Stádas Spesialta'
Dúirt Don Concannon ar na mallaibh nach gcuirfeadh sé as do dá leanfadh na cimí ag slabarnach sa lábán go ceann tríocha bliain eile.

Thug an tAth. Ó Maol Fábhail freagra grod air sna nuachtáin. Níl i Concannon, ar ndóigh, ach an lúb is deireanaí i slabhra a shíneann siar thar na céadta bliain.

D'fhiafraigh ár dtuairisceoir den sagart an fíor nach bhfreastalaíonn tromlach na bpríosúnach ar Aifrinn, taobh amuigh de Bhloc H.

Is fíor, agus thug sé na figiúirí dúinn: éisteann 40% de na Sealadaigh; 10% de na hOifigiúlaigh agus 5% den IRSP.

Ní féidir, dar leis, ach leis an gcomhluadar Caitliceach na "Sealadaigh" a chloí.

Maidir leis an stádas speisialta, measann sé go bhfuil "ciorcal lochtach" i gceist anseo.

Dá mbeadh na cimí uilig sa chumasc oscailte le saorchaidreamh bheadh na stócaigh shoineanta níos mó faoi smacht ag na "Sealadaigh".

Níl seisean ach ag iarraidh go gcuirfeadh na húdaráis an dlí i bhfeidhm go dlisteanach.

Ó thús na dtríoblóidí níor chaith póilín ná saighdiúir óiread agus lá amháin i bpríosún.

4 CÚRSAÍ SAOIL

Cén fáth a bhfuil muid gan Amharclann Náisiúnta na Gaeilge?



Treasa Bhreathnach

Tá Amharclann Náisiúnta na Gaeilge, An Taibhdhearc, dúnta le beagnach trí bliana anuas. Is í an cheist a chuirtear go minic ná cén fáth? Cén fáth a bhfuil a hathoscailt ag tógáil chomh fada agus nach bhfuil neart airgid acu cheana féin agus iad saibhir go leor chun an obair athchóirithe atá ag teastáil a dhéanamh ar an bhfoirgneamh?

Is in oifigí beaga i Slí Naomh Clár i gcathair na Gaillimhe a chas mé le Róisín Ní Dhuigneáin ó bhord stiúrtha na Taibhdheirce agus Seamus Ó hAodha, stiúrthóir ealaíne agus margaíochta na Taibhdheirce, chun na ceisteanna seo agus tuilleadh a phlé.

Oíche Shamhna 2007, bhris beirt ógánach isteach trí chúldoras na Taibhdheirce agus thosaigh siad dhá thine ann. Scriosadh an seomra glas, na seomraí cultacha, na seomraí gléasta agus an córas leictreachais. Táthar anois i mbun feachtas bailithe airgid chun €900,000 a bhailiú chun obair athchóirithe a dhéanamh ar an fhoirgneamh.

Deir Róisín Ní Dhuigneáin ó bhord stiúrtha na Taibhdheirce, "Bhí sé i gcónaí i gceist againn an Taibhdhearc a thabhairt cothrom le dáta, fiú roimh an tine, agus anois ós rud é go raibh orainn an áit a dhúnadh ar aon nós, dúirt muid gurb é seo an t-am. Fuaireamar pleananna déanta, ní



Deis casadh ar na Dubliners agus dhá thicéad a bhuachan don 'Gallery & VIP Area' sa Radisson Blu mar dhuais don cheolchoirm. Chomh maith leis sin, beidh 'goodie bag' le fáil na buaiteoirí le meascán d' ábhair Dubliners sínithe istigh ann: cd, dvd & leabhar

Freagraigh an cheist seo: Cén bhlian a d'oscail an Taibhdhearc:

A 1928 B: 1929 C: 1930

Ainm .....

Seoladh .....

.....

.....

Uimhir Fóin .....

Sproicdháta don Chomortas
8 Deireadh Fomhair
Comórtas na Taibhdhearca, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

pleananna móra millteacha a bhí i gceist ach theastaigh uainn an córas leictreachais a athnuachan agus go mbeadh cead isteach do chách sa Taibhdhearc – rud nach raibh ann cheana ós rud é go raibh staighre i ngach áit."

Deir sí chomh maith "*Out of adversity comes opportunity*. Beidh stáitse na hamharclainne mar an gcéanna, agus an cuirtín a rinne Mac Liammóir deartha fós ann. Tá muid an-precious faoi na acoustics. D'fhéadfadh duine a bheith ag sioscadh ar chúl stáitse agus chloisfeá sa lucht féachana iad agus tá muid ag iarraidh na gnéithe seo uile a choinneáil. Beidh caillteanas beag suíochán i gceist, tá 180 suíochán againn anois ach tá muid ag cuardach ocht n-áit do chathaoir rotha, rud a chiallóidh, nuair a bheidh siad seo lán, go mbeidh spás do 160 againn. Beidh na doirse beagán níos mó ar an

> ***"Out of adversity comes opportunity.*** **Beidh stáitse na hamharclainne mar an gcéanna, agus an cuirtín a rinne Mac Liammóir deartha fós ann. Tá muid an-precious faoinár acoustics chomh maith.**

bpríomhshráid chomh maith, rud atá tábhachtach dúinn le cinntiú go mbeidh cead isteach ag cách."

Nuair a tharla an tine sa Taibhdhearc bhí Éire i lár borradh eacnamaíochta agus dá bharr is é an chéad mheastachán tógála a fuair an Taibhdhearc ná €1.3 milliún ach tar éis dóibh cuireadh chun tairisceana a thabhairt arís fuair siad meastachán de €900,000. Táthar anois ag iarraidh ar an bpobal agus ar chairde na Taibhdheirce airgead a chur ar fáil dóibh lena aghaidh. Ach, nach bhfuil neart airgid acu gan a bheith ag achainí ar an bpobal? Fuair Taibhdhearc na Gaillimhe deontas faoi chiste Gaeilge Chrannchur Náisiúnta na Tíre tríd an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta de €404,000 i mbliana, gearradh ón deontas a fuair siad anuraidh.

D'íoc an comhlacht árachais €120,000 leo tar éis na tine. Agus, go dtí seo, tá bea-

Níl dráma gan script

Ní féidir le drámaíocht na Gaeilge fás agus forbairt gan scríbhneoirí, agus ní féidir a bheith ag brath ar scríbhneoirí scripteanna a scríobh gan chúiteamh ná íocaíocht de chineál éigin. Is fadhb mhór í a laghad scríbhneoirí óga atá ag scríobh drámaíochta trí Ghaeilge.

Tá cloiste againn ar fad faoi na scríbhneoirí clúiteacha Joe Steve Ó Neachtain agus Micheál Ó Conghaile ach céard faoin chéad ghlúin eile nó an é nach mbeimid ach ag dul chuig an amharclann chun athléirithe a fheiceáil amach anseo?

Tá sparánacht curtha ar fáil ag an Taibhdhearc chun tacú leo siúd atá i mbun pinn don stáitse faoi láthair agus eile a spreagadh chun tabhairt faoi dhrámaíocht nuascríofa a scríobh trí Ghaeilge. Tá comórtas scripte á reáchtáil acu agus bheidh Gradam Cuimhneacháin Bháitéir Uí Mhaicín á bhronnadh acu i mí na Nollag na bliana seo. Ní reáchtáiltear an comórtas gach bliain, an uair dheireanach a bhí sé ar siúl acu ná timpeall is trí bliana ó shin. Is ciste de €7500 atá ar fáil le duais de €1000 do ghearrdhrámaí. Tá gach seans ann go mbrisfear suas an ciste ina chodanna má bhíonn cúpla dráma scríofa atá ar ardchaighdeán mar a rinneadh an chéad uair a reáchtáladh an comórtas.

Deir Seamus Ó hAodh, "Má tá cumas ag daoine agus má tá siad sásta scríobh i nGaeilge, tá sé de dhualgas againn iad a spreagadh agus deis traenála a thabhairt dóibh chun caidreamh níos fadtéarmaí a chruthú ar mhaithe leis an drámaíocht."

Tógadh Bháitéar Ó Maicín (Walter Macken) i Sráid Anraí timpeall an chúinne ón Taibhdhearc agus le linn a shaoil léirigh sé 76 dráma, sé gheamaireacht agus neart seónna grinn leis an Taibhdhearc roimh dhó tabhairt faoin scríbhneoireacht go lánaimseartha.

gnach €40,000 cruinnithe acu ó chairde na Taibhdheirce. Sin líon mór airgid le bheith ag caitheamh timpeall nach ea? Mar sin más é deontas de €404,000 atá á fháil ag an Taibhdhearc agus iad dúnta le trí bliana anuas cén fáth a bhfuil airgead tógála fós á lorg acu?

Deir Seamus Ó hAodha a, stiúrthóir ealaíne agus margaíochta na Taibhdheirce, "Is buiséad reatha é seo i gcomhair léirithe agus ní féidir linn atreorú a dhéanamh air seo. Theastaigh uainn gearradh siar ar an méid drámaí a bhí á dhéanamh againn agus b'fhéidir léiriú mór amháin a dhéanamh chun roinnt den mhaoiniú sin a chuir i dtreo na hoibre athchóirithe, ach ní raibh an Roinn sásta leis sin."

Bhíodh an Taibhdhearc ag léiriú timpeall is ocht mórdhráma roimh dhó dúnadh síos agus le trí bliana anuas táthar ag léiriú trí nó ceithre dhráma mhóra mar gheall ar na costais uile a bhaineann le drámaí a léiriú gan amharclann, costais taistil agus costas spás amharclainne fiú.

Mar shampla, deir Róisín go gcosnaíonn an Dubhlann i nGaillimh €1,000 in aghaidh na hoíche ar cíos. Deir sí, "ní thuigim cén fáth nach dtuigeann na daoine mór le rá sa Roinn go bhfuil beagnach €300,000 caite againn le linn trí bliana agus muid amuigh as an Taibhdhearc ar chostais cíos oifige agus cíos amharclainne agus dá dtabharfadh siad an t-airgead sin dúinn an chéad lá riamh nach mbeadh muid san áit ina bhfuil muid anois."

Deir sí chomh maith, "gheall an Roinn €300,000 dúinn don obair seo dá bhfaigheadh muid an méid céanna ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe nó áit éigin eile. Caithfidh muid an gheallúint a fháil ón chathair seo roimh dheireadh na bliana seo ach go dtí seo níl an chathair ag rá dada linn. B'fhéidir go bhfuil an seans ann go mbeidh muid san áireamh i mbuiséad na bliana seo chugainn nó go mbeadh siad in ann é a thabhairt dúinn i gcúpla babhta, rud a bheadh iontach mar go mbeadh muid in ann dul chuig an mbanc le gealúint i gcomhair iasachta, ach go dtí seo níl aon gheallúint againn."Bhí sé i gceist ag an Aire Éamon Ó Cuív, iar-Aire na Gaeltachta, lárionad cultúrtha a bhunú i nGaillimh a thabharfadh na heagraíochtaí agus grúpaí uile Gaillimheacha Gaelacha le chéile in aon ionad amháin ach dar le Seamus "dá mbeadh tú ag rith gnó agus dá dtiocfadh duine éigin chugat leis an bplean sin, bheadh tú ag gáire."

Deir Róisín, "is le bord stiúrtha na Taibhdheirce í an amharclann. Cheannaigh muid cúpla bliain ó shin é, mar sin tá sé andeacair a rá le duine éicint 'díol an rud atá agat agus tabhair dúinn an t-airgead agus ní bheidh aon úinéireacht agaibh amach anseo'. Ní raibh an spás féin feiliúnach in aon chor." Síleann Seamus, "tá sé de dhualgas orainn go mbeadh muid ag dul ar aghaidh, seachas ag dul chuig áit iargúlta nach mbíonn aon duine ag siúl thar bráid. Iarradh orainn dul chuig Doire chun an

Lár-Ionad Cultúrtha ansin a fheiceáil ach is gluaiseacht Ghaeltachta níos mó ná aon rud eile atá ar siúl acu thuas ansin. Tá Gaeltacht againne cheana féin. Ba mhíthuiscint iomlán a bhí i gceist faoi céard is obair na hamharclainne ann. Caithfear neamhspleáchas de shaghas éicint a bheith ag amharclann agus caithfear an ceart a thabhairt do lucht féachana dul chuig dráma ar ardchaighdeán Gaeilge gan a bheith ag foghlaim rud éicint i gcónaí."Tá an Taibhdhearc tar éis casadh leis an Chomhairle Ealaíon le déanaí agus iad ag iarraidh comhoibriú le chéile ar straitéis amharclannaíochta don tír. Deir Róisín, "tá sé tábhachtach don bhord stiúrtha agus do dhrámaíocht na Gaeilge agus deir aon duine a gcasann muid leo go bhfuil sé tábhachtach do Ghaillimh go n-osclófaí an Taibhdhearc arís."

Tá bród agus fuinneamh le aireachtáil uaidh Róisin agus Seamus agus iad ag caint faoi obair na Taibhdheirce. Deir Seamus, "níl aon áit eile sa tír atá ag déanamh an ruda atá á dhéanamh ag an Taibhdhearc, tá os cionn 1000 dráma léirithe ag an Taibhdhearc ón uair a thosaigh siad, ina measc na clasaicí móra cosúil le Ipsen, 'Namhaid an Phobail' . Ba é seo an tríú huair a rinneadh trí Ghaeilge in Éirinn é, an chéad léiriú dúinne in 1938, ní dhearnadh riamh i mBéarla é. Caithfidh muid a bheith uaillmhianach agus iarracht a dhéanamh a bheith ar ardchaighdeán i gcónaí."

Is dóigh gurb é an chloch is mó ar phaidrín na Taibhdheirce faoi láthair ná buiséid, buiséad na léiriúchán agus buiséad don obair athchóirithe. Mar shampla tá buiséad bliantúil na Taibhdheirce ar comhchéim le buiséad do léiriúchán amháin de chuid Amharclann an Druid a deir Róisín. Deir sí chomh maith "Tá an bord ar aon intinn go gcaithfidh muid an Taibhdhearc a oscailt arís, fiú má chaitheann muid dul amach ar na sráideanna le buicéad chun an t-airgead a bhailiú, déanfaidh muid sin. B'fhéidir gur orainn féin an locht gur thóg sé chomh fada an feachtas seo a thosú agus iarracht a dhéanamh an t-airgead a bhailiú. Níor thuig muid an méid dea-thola atá ann don Taibhdhearc."

"Cuimhin liom an Taibhdhearc agus mé ag fásadh anios i nGaillimh agus tá sé tábhachtach go n-osclófar é aris. Tá muid ag siúl go mór leis an ceolchoirm - tá muid ar chamchuairt anois, An Ostóir, An Fhionlainn, An Isealtir agus ansin Gaillimh. Tá sé 8 mbliana ónar sheinn muid i nGaillimh agus tá muid ag siúl le an-oiche."
Seán Canon,
The Dubliners

Beidh an cheolchoirm leis na Dubliners mar thús an fheachtais bhailithe airgid don Taibhdhearc. Tá siad chun an chéad cheolchoirm eile a chur ar siúl ar an 16 Nollaig i nGaillimh. Ar ndóigh is ceist bhunúsach é an féidir leis an Taibhdhearc Amharclann 'Náisiúnta' a ghlaoch orthu féin gan iad a bheith ag déanamh camchuairt náisiúnta agus léiriúchán ar fud na tíre.

Is ceist í seo freisin a bhaineann le buiséad agus sin rud a thuigeann Seamus go maith. Tá sé i gceist acu dul chun an chéad 'chastáil' eile a dhéanamh ar fud na tíre chun tallann úr a aimsiú agus chun drámaí úra a aimsiú ó Chorcaigh, BÁC srl. Tá sé i gceist acu chomh maith feachtas bailithe airgid a reáchtáil ar bhonn náisiúnta agus beidh ceolchoirm agus ceant ealaíne agus neart imeachtaí eile ar siúl ar fud na tíre agus iad ag feachtasaíocht chun An Taibhdhearc a athchóiriú agus a athoscailt.

Seoladh an Taibhdhearc an chéad lá riamh le dráma scríofa ag duine de bhunaitheoirí na Taibhdheirce, Micheál Mac Liammóir, 'Diarmuid agus Gráinne' in 1928. Go dtí seo níl aon chinneadh déanta acu cén seó nó cén dráma a bheidh mar léiriúchán seolta don Taibhdhearc den dara babhta, ach beidh orthu an chéad chéim a thógáil ar dtús, chun dóthain airgid a chruinniú chun na doirse a oscailt agus an cuirtín clúiteach a tharraingt siar.

5 TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

Scaireanna do na Sluaite

Alex Hijmans

In Salvador, sa Bhrasaíl

CUIREADH tús sa Bhrasaíl an tseachtain seo leis an eisiúint scaireanna is mó i stair an domhain. Tá ollchomhlacht ola na tíre, ***Petrobras***, ag iarraidh infheistíocht de 58 míle milliún euro a mhealladh leis an ngníomh. Úsáidfear an t-airgead chun toibreacha ola amach ó chósta na tíre, atá sé chiliméadar faoi ghrinneall na mara, a shaothrú. Tá oiread ola aimsithe sna toibreacha seo gur gearr go mbeidh an Bhrasaíl i measc an deich dtír is mó a tháirgeann ola.

Is é *Petrobras* an comhlacht is mó sa leathsféar theas agus go stairiúil bíonn rath air sna stocmhargaí. Ach ní dea-scéal do lucht an rachmais amháin atá san olleisiúint seo scaireanna. Tá scéim curtha ar bun a chuirfidh ar chumas gach duine sa Bhrasaíl a bhfuil post lánaimseartha aige scaireanna a cheannach. Tá 'cuntas leasa shóisialta' ag gach oibrí Brasaíleach a n-íoctar sciar dá phá isteach ann go míosúil. D'fhéadfá an cuntas seo a chur i gcomparáid le córas PRSI na hÉireann, ach gur leis an oibrí an t-airgead i gcónaí - níl ann ach nach féidir leis é a úsáid ach i gcásanna áirithe: ceannach tí nó dífhostaíocht. Tá cead tugtha ag an rialtas anois airgead as an gcuntas seo a úsáid chun scaireanna *Petrobras* a cheannach.

Ní haon iontas é sin: comhlacht leathstáit é *Petrobras*. Tá 55% de na scaireanna i lámha an stáit. Agus ní haon iontas ach an oiread gur anois díreach atá na scaireanna luachmhara seo á neisiúint: aimsir thoghcháin atá ann. Toghfar uachtarán nua ar 3 Deireadh Fómhair.

Tá *Petrobras* i measc na samplaí is fearr de pholaitíocht eacnamaíoch Pháirtí na nOibrithe (PT) - lena mbaineann an t-uachtarán reatha, Lula - ina bhfuil leathphríobháidiú déanta ar chomhlachtaí stáit ach ina bhfanann móramh na vótaí i lámha an rialtais. Má thoghtar iarrthóir Pháirtí na nOibrithe, Dilma Rousseff, leanfaidh sí ar aghaidh sa treo seo.

Bíonn scuainí fada sna bainc sa Bhrasaíl; tá siad a dhá oiread níos faide faoi láthair agus beidh go dtí go mbeidh deireadh leis an eisiúint scaireanna ag deireadh na seachtaine seo chugainn. "Theip orm ceann a cheannach an uair dheireanach. Níl mé chun an deis seo a scaoileadh tharam arís," a deir Nilton Reis, oibrí as cathair Salvador in oirthuaisceart na tíre.

Ach ní dea-scéal ar fad é. Tá saineolaithe airgeadais ag tuar go gcuirfidh an ollshruth airgid seo i dtreo na Brasaíle le luach airgeadra na tíre, an real, arís - rud a fhágfaidh go mbeidh earraí Brasaíleacha níos daoire thar lear.

Tharla an laghdú i ngach cuid den earnáil phríobháideach. B'iad an tógáil agus an miondíol ba mheasa a buaileadh. Is dá earnáil iad seo a bhíonn ag brath go mór ar an ghnó trasteorann. Buaileadh an earnáil mhiondíola go háirithe de dheasca titim ar luach an euro ó 90p Lá Cinn Bliana go 83p Dé Máirt.

Laghdú gan stop le 33 mí anuas

Anton Mac Cába

DEN 33ú mí as a chéile, bhí laghdú, i mí Lúnasa, ar an ghnó nua a bhí ag comhlachtaí in earnáil phríobháideach an Tuaiscirt.

B'shin a deimhníodh san eagrán is déanaí den tuarascáil ar innéacs na mbainisteoirí ceannaigh ó Bhanc Uladh.

Tharla an laghdú i ngach cuid den earnáil phríobháideach. B'iad an tógáil agus an miondíol ba mheasa a buaileadh. Is dá earnáil iad seo a bhíonn ag brath go mór ar an ghnó trasteorann. Buaileadh an earnáil mhiondíola go háirithe de dheasca titim ar luach an euro ó 90p Lá Cinn Bliana go 83p Dé Máirt.

Ní ag miondíoltóirí amháin atá lagú seo an euro ina fhadbh. Anois, ó tharlaíonn nach bhfuil an Tuaisceart chomh saor sin ag lucht an euro agus a bhíodh, tá laghdú tagtha ar na horduithe nua a fuarthas as taobh amuigh den Tuaisceart i ngach earnáil. Bhí laghdú ar orduithe ón Phoblacht go háirithe.

An mhí seo caite, ghearr fostóirí an líon ba mhó post ó bhí mí Aibreáin ann anuraidh. Dúirt 19% de chomhlachtaí gur ghearr siad poist. Ní dúirt ach 4% go ndearna siad oibrithe nua a earcú.

Dúirt Frank McGlone, comhairleoir gnó as Tír Eoghain, gur luigh an t-innéacs lena thaithí féin. "Níl iomrá ar bith ann go bhfuil feabhas ag dul a theacht ar chúrsaí," ar seisean. "Níl soirbhíochas ar bith le mothú. An chuid is mó de na gnólachtaí go bhfuil mise ag obair leo, tá siad ag gearradh siar le maireachtáil. Is beag gnólacht atá ag leathnú amach."

Google Nua agus Sochraid Microsoft

Diarmuid Ó Muirgheasa

Tórramh a reáchtáil Microsoft don *iphone* ar na mallaibh.

BRAITHEANN daoine uaireanta go bhfuil an tIdirlíon anois "curtha i gcrích" sa tslí chéanna a mbraitheann siad uaireanta go bhfuil an fhormáid bhunúsach de *Microsoft Word* nó de Windows féin iomlán buan agus nach bhfuil gá le haon athrú eile.

Bíonn ionadh ar dhaoine nuair a athraíonn *Google* nó *Facebook* gné éigin dá suímh, agus is minic a mhothaíonn daoine go bhfuil na comhlachtaí úd ag scriosadh rud éigin nuair a théann siad i mbun na n-athruithe sin.

Ach is í an fhírinne ná nach bhfuil an tIdirlíon ann ach le b'fhéidir cúig bliana déag nó mar sin. Níl *Google* bunaithe fiú chomh fada sin. Tá a lán athruithe le déanamh go fóill sula sroichfear aon saghas críochphointe.

Tá *Google* féin ag obair i gcónaí ar mhodhanna nua le heolas a eagrú, ó gurb é sin sprioc an chomhlachta - eolas uilig an domhain a eagrú.

Ar ndóigh, is ina n-inneall cuardaigh a dhéantar an chuid is mó de seo, agus díreach cúpla seachtain ó shin d'athraíodar an chuma atá ar an leathanach a fheictear nuair a dhéantar cuardach íomhánna.

Muna gcuardaíonn tú pictiúir ar *Google* go minic is fiú dul agus féachaint air. Téigh chuig www.google.ie, cuardaigh pé rud is mian leat agus ansin roghnaigh "*pictures*" ón liosta ar clé. Áit a raibh méid áirithe pictiúr in aghaidh an leathanaigh roimhe seo, taispeántar anois níos mó pictiúr de réir mar a bhogann tú an leathanach síos. Athrú beag, ach athrú cliste, agus bheadh sé deacair anois filleadh ar an seanmhodh.

Tá athrú níos mó ag teacht go luath, áfach, ar an dóigh ina ndéanann tú an cuardach féin an uair seo. Go dtí seo - agus tá sé seo fíor faoi aon inneall cuardaigh, ní *Google* amháin - brúnn tú isteach an téarma atá le cuardach agus brúnn tú "Cuardaigh". Nuair a thiocfaidh an t-athrú seo i bhfeidhm, áfach, (agus tá an-seans ann go mbeidh *Google* i ndiaidh é a chur ar líne faoin am a léann tú seo), feicfidh tú torthaí de réir mar a bhíonn tú ag scríobh.

Mar a bhíonn i gcónaí, beidh na torthaí bunaithe ar an iliomad píosaí eolais éagsúla, agus is féidir bheith ag súil leis go mbeidh an toradh atá uait le feiceáil go minic gan ach dhá nó trí litir a bhrú isteach. Samhlaigh bheith i do chónaí i mBaile Átha Cliath, agus gan ach "Dub" a bhrú isteach lena fheiceáil láithreach torthaí d'aimsir na cathrach!

Tá na hathruithe seo níos suimiúla arís mar gheall ar an gcúlra a bhaineann leo. I mí Lúnasa, den chéad uair riamh, chaith muintir na Stát Aontaithe níos mó ama ar *Facebook* ná mar a chaitheadar ar sheirbhísí uile *Google*, YouTube san áireamh.

41.1 milliún nóiméad san iomlán a chaith siad ar Facebook, agus díreach 39.8 milliún nóiméad ar *Google*. Tá *Google* fós ag tuilleamh i bhfad níos mó airgid ná *Facebook*, ach mar sin féin is athrú é seo a gcuirfear suntas ann, gan cheist ar bith. Lasmuigh den stíl chuardaigh nua, a fheicfear go luath, tá *Google* i ndiaidh seirbhís nua a lainseáil chomh maith ar GMail darb ainm an "*Priority Inbox*" a fhoghlaimíonn cad iad na ríomhphoist lena mbaineann an tábhacht is mó agus iad sin a scagadh amach ón iliomad nuachtlitreacha agus eile a bhíonn sa ghnáth-inbhosca na laethanta seo.

Tá clú agus cáil ar an "*spam filter*" a bhí ar GMail ón tús, agus cé nach bhfuil an "*Priority Inbox*" díreach chomh cliste céanna go fóill beag, is féidir bheith ag súil leis go mbeidh *Google* ag obair go dian air agus nach fada go mbeidh sé deacair smaoineamh ar an lá nach raibh sé ann.

Tá cogadh na bhfón soghluaiste go mór i mbéal an phobail faoi láthair, le *Google* agus *Apple* chun tosaigh le *Android* agus an *iPhone*, agus *RIM (Blackberry)* agus comhlachtaí eile fós go mór san iomaíocht chomh maith.

Díreach cúpla bliain ó shin ba le Microsoft an margadh úd, nach mór, ach anois tá siad ag brath go mbeidh suim ollmhór sa *Windows Phone 7* agus go mbainfidh siad amach a seanáit sa mhargadh arís. Tá an córas oibriúcháin úd beagnach réidh, agus le ceiliúradh a dhéanamh air, shocraíodar ar bhréagshochraid a bheith acu don *iPhone* agus don *Blackberry*, rud atá ait fiú sa domhan teicneolaíochta, áit a bhfuil an iomaíocht go minic i bhfad níos craiceáilte ná mar a thuigeann daoine. Níos aite fós, áfach, ná nach ndéarna siad aon tagairt do Google nó *Android*.

N'fheadar an botún a bhí ansin, nó nach gcreideann siad gur féidir leo buachan ar Android. Pé scéal é, ba chomhartha é go bhfuil Microsoft ullamh chun troda, agus iontach muinineach ar fad maidir lena gcóras oibriúcháin nua. Eiseofar é 11 Deireadh Fómhair, agus beidh le feiceáil ansin an féidir leis dul srón le srón san iomaíocht ghéar. Beidh an nuacht uile againn anseo de réir mar a tharlaíonn sé.

Coláiste Phádraig,
Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9.
COLÁISTE DE CHUID OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Scríbhneoir Cónaithe i Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig 2010-2011

the arts council / chomhairle ealaíon

comhurraithe ag an gComhairle Ealaíon agus ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach

Fáilteofar roimh iarratais ó scríbhneoirí Gaeilge ar an bpost mar Scríbhneoir Cónaithe don bhliain acadúil 2010-2011. Beidh an Scríbhneoir Cónaithe ag obair i Roinn na Gaeilge sa Choláiste agus tabharfaidh sé/sí léachtaí, ranganna agus ceardlanna ar ghnéithe éagsúla de scríbhneoireacht chomhaimseartha na Gaeilge. Chomh maith leis sin, cuirfidh an scríbhneoir le hobair Roinn an Oideachais, Roinn an Bhéarla, agus Léann Litríocht na bPáistí, de réir mar is cuí. Tabharfaidh an scríbhneoir tacaíocht do scríbhneoirí cruthaitheacha phobal an Choláiste agus déanfar teagmháil leis an bpobal áitiúil agus le pobal na tíre trí léamha poiblí agus rannpháirtíocht in imeachtaí litríochta eile a eagrófar. Tá sé i gceist go gcuirfeadh an tréimhse mar Scríbhneoir Cónaithe deis luachmhar ar fáil don scríbhneoir a s(h)aothar cruthaitheach féin a fhorbairt agus a chur chun cinn i suíomh tacúil oideachais.

Íocaíocht: €20,000 sa bhliain.

Modh Iarratais: Le cur isteach ar an bpost mar Scríbhneoir Cónaithe i gColáiste Phádraig, níor mhór d'iarratasóirí litir iarratais, in éineacht le Cúrsa Beatha ina mbeidh cur síos ar thaithí an iarratasóra i suíomh oideachasúil, a sheoladh chuig:

Mary Donnelly, Bainisteoir Acmhainní Daonna,
Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9.

Teil: 01-8842023, Facs: 8842243, R-phost: Mary.Donnelly@spd.dcu.ie

Tuilleadh eolais le fáil ag: **www.spd.dcu.ie/vacancies**

Níor mhór don iarratas a bheith istigh faoi:
12.00 meán lae ar an Aoine 8 Deireadh Fómhair 2010.

D'fhéadfadh sé go gcuirfí iarratasóirí faoi agallamh mar chuid den phróiseas roghnaithe.
Glacfaidh an Chomhairle Ealaíon páirt sa phróiseas roghnaithe.

Fostóir comhionannais is ea Coláiste Phádraig

St Patrick's College,
Drumcondra, Dublin 9.
A COLLEGE OF DUBLIN CITY UNIVERSITY
DCU

Comhar na nOileán Teo

Comhar na nOileán Teoranta ag lorg duine atá spreagach agus cumasach le post a ghlacadh mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin den Grúpa Forbartha Áitiúil Comhtháite do na hoileáin amach ón gcósta.
Tá an post lonnaithe ar oileán Inis Oírr, Oileáin Árann, Co na Gaillimhe.

Fiosrúcháin trí ríomhphost amháin. Ba chóir d'iarrthóirí tuiscint iomlán a bheith acu ar phobal na n-oileán chomh maith le taithí ag obair ar an gClár Forbartha Tuaithe (LEADER) agus le tionscnaimh Cuimsithe Sóisialta.
Chun paca eolais a fháil déan teagmháil le do thoil le fios@oileain.ie roimh 27 Meán Fómhar 2010

Comhar Na nOileán Teoranta, is looking for a dynamic and capable person to take up a position as Chief Executive Officer of the Integrated Local Development Group for the offshore islands.
The position is based on the island of Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. Galway.

Enquires by email only.
Applicants should have a thorough understanding of island communities, be fluent in Irish and have experience of working on the Rural Development Programme (LEADER), management of staff and on Social Inclusion initiatives.
For an information pack please contact fios@oileain.ie before 27th of September 2010

An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
Department of Community, Equality and Gaeltacht Affairs
NDP NATIONAL DEVELOPMENT PLAN
EUROPEAN UNION STRUCTURAL FUNDS
LEADER
pobal government supporting communities

6 COMHSHAOL

Trí thrilliún tonna de CO 2 os ar gcionn!

Pléann **Conn Ó Muineacháin** an eolaíocht taobh thiar d'athrú aeráide



TRÍ thrilliún tonna. Sin é an méid dé-ocsaíd charbóin (CO2) atá os ar gcionn! Fós féin, níl ann ach codán fíor-bheag de thoirt an atmaisféir: 0.04%.

Ach, fan nóimeád! Nuair a bhí mise ag dul ar scoil, agus níl sé chomh fada sin, bhí an figiúr sin níos cóngaraí do 0.03%.

Cad as ar tháinig an 0.01%?

Chuireas an cheist ar an Ollamh Matt Hussey, iar-stiúrthóir ar Dhámh na hEolaíochta in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, agus údar leabhair i nGaeilge dar teideal, '*An Forthéamh Domhanda*'.

Mhínigh sé dom go bhfuil tiúchan an CO2 san atmaisféar ardaithe le 105 cuid sa mhilliún (csm), nó thart ar 0.01%, ón mbliain 1800 i leith.

Cad atá suntasach faoi 1800? Níl an bhliain sin féin róshuntasach, ach is iad na blianta a lean í atá suntasach. An 19ú haois, ré Victoria, agus an Réabhlóid Thionsclaíoch.

Sin é an uair a thosaíomar ag dó an ghuail, agus níorbh fhada go raibh breoslaí eile aimsithe againn chomh maith agus dhómar iadsan chomh maith!

Tá stair scríofa againn don tréimhse sin, agus taifead maith sonraí meitéareolaíocha don 20ú haois ach go háirithe. Ach tá sonraí staire le léamh in áiteanna eile seachas i leabhair.

Gach bliain titeann sneachta ar bhuanreo na Graonlainne, agus fanann sé ann. Gach bliain, leagtar sraith eile sneachta a reoann, agus an bhliain ina dhiaidh leagtar sraith eile anuas air.

Agus ar nós fáinní crainn, is féidir iad a chomhaireamh agus an stair a léamh iontu. Stair a théann siar 120,000 bliain go tús na hoighearaoise deireanaí.

Déanann na heolaithe anailís ar na bolgáin aeir atá iata isteach i ngach sraith agus fuair siad rud éigin suntasach amach faoi CO2: níor athraigh tiúchan an CO2 san atmaisféar thar thréimhse 10,000 bliain, ó chríoch na hoighearaoise go dtí tús an 19ú haois.

Ceart go leor, táimid ag dó breoslaí iontaise anois le 200 bliain. Bheifeá ag súil leis go mbeadh tionchar éigin aige is dócha. Ach ní mór an méid é 0.01%? Ní dhéanfadh sé sin aon difríocht?

Ní mór an méid é 0.01% i gcomhthéacs an 100% den atmaisféar ar fad, cinnte. Ach is ardú 33% é 0.01% ar an 0.03% a bhí gan athrú ar feadh 10,000 bliain. Agus tá sé tar éis tarlú i dtréimhse atá fíorghearr ar fad: 200 bliain.

Rud eile, tá an ráta méadaithe ag géarú le blianta beaga anuas. Má thóg sé 200 bliain chun tiúchan an CO2 a ardú ó 0.03% go dtí 0.04%, ní thógfaidh sé ach 40 bliain chun 0.05% a shroicheadh.

Má leanann cúrsaí ar aghaidh tá sé tuartha go líonfaidh CO2 0.08% den atmaisféar ag deireadh an chéid seo, 2100.

Mar sin, cad é faoi iarmhairt an gháis seo? Cad atá i gceist leis an "iarmhairt cheaptha teasa"?

Mar a tharlaíonn sé, is Éireannach a d'aimsigh é. Ba é John Tyndall a fuair amach go bhfuil gáis áirithe ann nach ligeann radaíocht infridhearg, i. teas tríd.

Tá go leor de na gáis seo san atmaisféar ach is é an ceann is tábhachtaí ná dé-oscaíd charbóin.

Feidhmíonn siad ar nós "teach gloine" ag coinneáil theas na gréine isteach. Agus is maith an rud é, nó bheadh an domhan seo i bhfad níos fuaire.

Ach anois is cosúil go bhfuil an iarmhairt cheaptha teasa imithe ó smacht. Tá sé le léamh sna croíleacáin oighir: ní raibh an tiúchan CO2 riamh chomh hard, ná meánteocht an domhain ach an oiread.

Anois, tá na heolaithe agus na hinstitiúidí go léir nach mór ar aon intinn faoi na fíricí seo a leanas:



- Tá teocht an domhain a bhí seasmhach ar feadh 10,000 bliain ag ardú.
- Is é an "iarmhairt cheaptha teasa" is cúis leis, de bharr ardú leibhéal an CO2 san atmaisféar.
- Is iad gníomhartha an chine dhaonna is cúis leis an ardú sa CO2. Tugtar athrú "antrapaigineach" air seo.
- Níor tharla a leithéid seo d'athrú ó tháinig an cine daonna ar an saol. Tá sé deacair a rá cad iad na hiarmhairtí ar leith a bheidh ag an athrú aeráide, ach is cinnte go bhfuil sé ag tarlú, agus tá sé ag tarlú go tapaidh. Beidh an tOllamh Hussey ina aoi againn maidin amárach ar an gclár raidió. Tá a leabhar "An Forthéamh Domhanda" foilsithe ag Coiscéim.

Pléifear trí cheist ar chlár na seachtaine seo: An bhfuil sé ag tarlú? An sinne is cúis leis? An féidir é a stopadh? Is beag amhras atá i measc an phobail faoi cheist a haon (Tá).

Is beag amhras i measc na n-eolaithe faoi cheist a dó (Is ea). Agus b'fhéidir gur in ithe na putóige a bheidh an freagra ar cheist a trí?

"Ar Strae sa tSaotharlann", sraith eolaíochta agus timpeallachta ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, Dé Sathairn, 10:30rn.

Baol salmonella le huibheacha lachan

Treasa Bhreathnach

TÁ an briseadh amach is mó le blianta beaga anuas tarlaithe i *salmonella* in uibheacha lachain. Tá fiosrúcháin ar bun mar go raibh cúig chás úra i mí Lúnasa na bliana seo de bharr daoine a bheith ag ithe uibheacha lachan. Ciallaíonn sé seo go bhfuil 24 cás daingnithe sa tír agus is é an briseadh amach is mó le blianta é.

Tá an seans ann go bhfuil an briseadh amach seo ag tarlú mar gheall go bhfuil níos mó daoine ag coinneáil lachan sa chúlghairdín ná mar a bhí riamh cheana. Dá bharr, tá Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) ag iarraidh ar dhaoine gan ach uibheacha lachan atá go hiomlán bruite a ithe agus gan aon amhuibheacha a úsáid nach bhfuil go hiomlán cócaráilte. Meabhraíonn siad chomh

maith do dhaoine faoin tábhacht atá le do chuid lámha a ní agus na dromchlaí réitithe a ní roimh duit uibheacha lachan a láimhseáil. Deir an tOllamh Alan Reilly, príomhfheidhmeannach an FSAI, "Tá muid ag moladh do lónadóirí agus miondíoltóirí uibheacha lachan a láimhseáil sa bhealach céanna is a dhéanfadh siad le hamhsicín. Tá an seans ann go bhfuil dearmad déanta ag daoine go raibh nasc idir uibheacha lachan agus salmonella cheana agus dá bharr nach bhfuil siad chomh cúramach agus a bhí. Fiú má bhreathnaíonn uibheacha lachan glan tá an seans ann go bhfuil salmonella ar an taobh amuigh den bhlaosc nó fiú in amanna taobh istigh den ubh."

"Is iad seandaoine, leanaí agus mná torracha atá go mór i mbaol ó nimhiú bia. Bíonn éagsúlacht airí i gceist, ó chur amach go buinneach, agus in amanna is féidir leis an tinneas a bheith níos tromchúisí ná mar a bhíonn in amanna eile. Má thugann aon duine faoi deara go bhfuil na hairí seo acu, agus go raibh siad i dteagmháil le huibheacha lachan le déanaí, b'fhiú dóibh dul i dteagmháil lena ndochtúir ginearálta féin," a deir an tOllamh chomh maith.

Tá Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ag obair leis an mBord Bia agus leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus iad ag iarraidh céimeanna smachta a chur i bhfeidhm d'fheirmeacha cumarsáide agus dóibh siúd a bhfuil ealta acu ar chúl an tí. Tá an Bord Bia ag obair ar chóras árachaithe caighdeán don todhchaí sa chaoi is gur féidir le daoine a bheith cinnte cérbh as ar tháinig an ubh lachan atá á hithe acu.

Comórtas Náisiúnta agus Eorpach Treabhdóireachta

Treasa Bhreathnach

Beidh an Comórtas Náisiúnta agus Eorpach Treabhdóireachta ar siúl i mBaile Átha Í i gCill Dara an tseachtain seo chugainn ón Mháirt go dtí an Déardaoin. Seo é an dara bliain as a chéile gur roghnaíodh Baile Átha Í mar shuíomh agus tá súil le timpeall 200,000 duine a bheith ag freastal ar an fhéile. Tá suíomh de 700 acra i gceist don chomórtas agus beidh 26 iomaitheoir san iomaíocht sa chomórtas Eorpach ó thrí thír déag éagsúla. Le linn na dtrí lá beidh 25,000 stéig ite ar an suíomh chomh maith le 12,000 lítear bainne. **Beidh Gaelscéal i láthair chun na scéalta is suimiúla agus an nuacht uile a aimsiú agus chun blas na féile a thabhairt daoibh. Coinnígí súil amach d'eagrán na seachtaine seo chugainn.**

COMHSHAOL BLÚIRÍNÍ

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

'Environment in focus'

SHEOL an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) a suíomh nua idirlín *Environment in Focus* an tseachtain seo. Tríd an suíomh seo is féidir leis an phobal amharc ar eolas atá bailithe ag an EPA agus ag eagraíochtaí eile. Déanann cur síos ar ár dtimpeallacht de réir seacht dtáscaire éagsúla: athrú aeráide, aer, uisce, dramhaíl, talamh, an nádúr agus socheacnamaíocht. Deir an Dr Mary Kelly, Ard-Stiúrthóir an EPA, "Tabharfaidh na táscairí seo eolas tábhachtach dóibh siúd atá ag forbairt polasaithe nua agus ag déanamh athbhreithniú ar pholasaithe atá ann cheana féin."

Uain an Tuaiscirt á marú ó dheas

Dé réir figiúirí ó Choimisiún Beostoic agus Feola Thuaisceart Éireann rinneadh iompórtáil ar níos mó ná 10,000 uan ó Thuaisceart Éireann go dtí an deisceart gach seachtain i mí Lúnasa. Maraíodh sa Deisceart 66% de na huain uile a rugadh sa chéad choicís de mhí Lúnasa sa Tuaisceart. Tá an comhlacht Dunbia i nDún Geanainn ag iarraidh stad a chur leis na huain dul ó dheas agus táthar ag ofráil £4 sa bhreis ar uain a d'fhan ar fheirm ar chaighdeán árachaithe ar feadh 30 lá ar a laghad.

Lady Gaga agus a gúna feola

BHUAIGH Lady Gaga 8 ngradam ag Gradaim MTV d'Fhíseáin Cheoil i mbliana ach is í an chulaith a bhí sí ag caitheamh a tharraing an aird is mó. Bhí gúna, hata agus bróga déanta as feoil á gcaitheamh aici. Tá sí cáinte ag eagraíochtaí um chearta ainmhithe as a cinneadh ainmhí marbh a chaitheamh mar fhaisean. Mar chosaint ar a gúna dúirt Lady Gaga, "Ní raibh sé i gceist agam masla a thabhairt d'éinne, ach creidim mura seasann muid suas dár gcearta ní bheidh againn sa deireadh ach an méid céanna ceart is atá ag an fheoil ar ár gcnámha."

IFA ag lorg tacaíocht an rialtais

TÁ Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann ag iarraidh ar Fhianna Fáil tacaíocht a léiriú do scéimeanna feirmeoireachta sula bhfógrófar an Buiséad. Caithfidh an rialtas tacaíocht a léiriú do scéimeanna feirmeoireachta chun poist agus easpórtálacha a sheachadadh. Is í sin an teachtaireacht atá ag an IFA mar chuid dá bhfeachtas póstaer a seoladh i nGaillimh Dé Luain, le linn laethanta de dhiansmaointheoireacht ag Fianna Fáil. Dúirt Uachtarán an Chumainn, freisin, go bhfuil sé riachtanach an praghas ar bhó dhiúil a athbhunú ag €80 an bhó.

Seachtain Náisiúnta Orgánach an tseachtain seo chugainn

NÍL ach an deireadh seachtaine seo fágtha i 'Seachtain Náisiúnta Orgánach' na bliana seo. Seo é an séú bliain den tseachtain a bhfuil sé mar aidhm léi aird a tharraingt ar bhia orgánach agus ar áiteanna lena cheannach. Tá imeachtaí éagsúla ar siúl ar fud na tire: margaí, féilte agus neart deiseanna ann blaiseadh den bhia orgánach. Faoi láthair tá 1,400 táirgeoir orgánach ceadaithe in Éirinn agus cheannaigh os cionn 90% de theaghlaigh bia orgánach anuraidh.

7 BEATHA

Crann Beag na nEalaíon

Spléachadh ar Fhéile Ealaíon Pobail an Chlocháin

Dearbhaile Flynn

"Féile í a d'fhás, is a d'fhás is a d'fhás, cosúil le crann beag." Is é sin a dúirt an Stiúrthóir, Brendan Flynn, ar 16 Meán Fómhair, tráth ar sheol Máire Ní Ainiféin, an tAire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, an 33ú Féile Ealaíon sa Chlochán i gContae na Gaillimhe.

Cuireadh tús leis an bhféile phobail seo in 1977 i bPobalscoil an Chlocháin, nuair a shocraigh an príomhoide, an Bráthair Killian Kearney, nach maireann, tráthnóna sa tseachtain a chur ar leataobh do na healaíona. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, bogadh an fhéile isteach sa bhaile mór agus níor cuireadh srian uirthi dul chun cinn, forbairt agus neartú ó shin i leith. Anois, is í an fhéile ealaíon pobail is mó sa tír í. Maireann sí deich lá agus bíonn réimse iontach imeachtaí ar bun ann ó thaobh ceoil, filíochta, litríochta agus amharclannaíochta de.

Dúirt Breandán Ó Scanaill, comhalta ar Bhord na Féile, gurb iad muintir an Chlochán, i ndáiríre, atá freagrach as fairsingiú na féile. "Cuireann siad go leor oibre isteach, ag tógáil ardán, ag freastal ar dhoirse, gach rud." Aithníonn sé an tábhacht a bhaineann leis an bhféile do mhuintir na háite chomh maith. "Cuireann an fhéile sceitimíní ar dhaoine, bíonn daoine ag tnúth léi mar bíonn an samhradh chomh gnóthach sin sa Chlochán. Is seans í an fhéile do gach uile dhuine chun sos a ghlacadh agus ceiliúradh le chéile."

Bíonn caighdeán an-ard ag an bhféile. Cuirtear fáilte roimh chuid de na healaíontóirí is mó ar domhan, agus, dar le Ó Scanaill, is gné an-speisialta den fhéile an tslí go mbíonn na healaíontóirí seo ag meascadh leis an bpobal. "Cé go bhfuil an fhéile mór, bíonn atmaisféar dlúth agus fáilteach ag baint léi," dar leis.

Seasann an fhéile amach mar cheann de na féilte is fearr sa tír mar gheall ar an éagsúlacht a bhaineann le Clár na Féile. Déantar freastal ar gach uile ghné de na healaíona.

Liz agus Yvonne Kane

Julie Feeney

John O'Connor

Chlann Uí Chuinneagáinn

I mbliana mar shampla, d'fhéadfá éisteacht le ceol le Shaun Davey agus Rita Connolly, Christy Moore agus Declan Sinnott, Julie Feeney, John O'Conor, the Irish Chamber Orchestra, John Faulkner, Matt Cranitch agus Jackie Daly, Liz agus Yvonne Kane, agus Brendan Begley agus Caoimhín Ó Raghallaigh. Beidh clann Uí Chuinneagáin agus Fidget Feet ag bualadh cois air. Bainfear sult as léitheoireacht le Paul Durcan, Carol Ann Duffy, Edna O'Brien agus Rita Ann Higgins. Beidh léachtaí ann chomh maith le daoine cosúil le David McWilliams. Beidh léirithe amharclannaíochta, fuirseoireacht, drámaíocht sráide, taispeántais, turais agus go leor, leor eile ann. Is léir ón gclár nach bhfuil an meathlú geilleagrach ag dul i bhfeidhm ar an bhféile seo.

Tá 'Clifden Community Arts Festival' speisialta chomh maith mar gheall ar shár-áilleacht nádúrtha na háite ina bhfuil sé suite, cairdiúlacht an phobail a chónaíonn ansin agus an saibhreas tallainne - áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta – atá le fáil ann. Dar leis an bhfile, Michael Coady, is í an difríocht idir an fhéile sa Chlochán agus féilte eile ná, "go bhfuil an ceantar go hálainn ar fad. Ceantar speisialta i gConamara é, leis na sléibhte ag breathnú ar an bhfarraige." Dúirt sé chomh maith leis sin go bhfuil, "féilte eile ann atá fíorphroifisiúnta, ach tá rud éigin fuar ag baint leo - cé go bhfuil siad éifeachtach tá rud éigin in easnamh, is é sin an chairdiúlacht atá le fáil sa Chlochán, áit a bhfuil páirt san fhéile ag gach uile dhuine sa cheantar. Is rud fíorluachmhar é sin nach bhfaigheann tú in áiteanna eile." Sin an chúis a dtagann na sluaite ó chian is ó chóngar gach bliain, le taitneamh a bhaint as an bhféile chruthaitheach, bhríomhar seo.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar www.clifdenartsweek.ie nó tabhair cuairt ar "An Carbhán" ar Shráid an Mhargaidh, an Clochán.

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

"Tógann tú an fhírinne, agus baineann tú di, nó cuireann tú léi"

Seoladh leabhar úr le **Mícheál Ó Ruairc**, Daoine a Itheann Daoine, i mBaile Átha Cliath inné. Cnuasach gearrscéalta atá ann a thugann aghaidh ar cheisteanna conspóideacha sóisialta agus a bhfuil féith an ghrinn fite fuaite iontu. Tá ábhar scríbhneoireachta foilsithe ag Ó Ruairc do dhaoine óga agus do dhaoine fásta, idir úrscéalta, gearrscéalta, filíocht agus eile. Labhair sé le **Meadhbh Ní Eadhra** faoin leabhar nua.

Maítear gur cnuasach gearrscéalta do dhaoine fásta atá sa leabhar seo, ach ceistíonn Ó Ruairc an ráiteas seo.

"Céard is duine fásta ann?" ar sé.

Mar iarmhúinteoir, is léir nach ndéanann sé deighilt idir daoine óga agus daoine níos sine ar an ngnáthbhealach. Tá meas le cloisteáil ina ghlór agus é ag caint faoi na daltaí a bhíodh aige agus an sult a bhain sé as caidreamh a chothú leo.

"Bheinn lánsásta ligean do dhaltaí Ardteiste nó mic léinn ollscoile an leabhar seo a léamh," ar sé.

Ní chloíonn Ó Ruairc le lipéid nó níl sé éasca cur síos a dhéanamh ar an bhfear seo. Céard a thugann sé air féin? "Scríbhneoir," a deir sé, agus an ceart ar fad aige. Scríobhann sé i nGaeilge, scríobhann sé d'aois-ghrúpaí éagsúla, scríobhann sé prós agus filíocht. Agus mar sin is scríbhneoir é, agus is leor mar lipéad é sin.

"Is dóigh liom go bhfuil an oiread sin lipéad ann anois. Tá sé an-choitianta - Scríbhneoirí Óga na Gaeilge agus Scríbhneoirí Úra na Gaeilge, mar shampla."

Síleann Ó Ruairc gur smaoineamh maith a bhí ann Cumann na Scríbhneoirí Óga a bhunú sa chéad dul síos.

"Ag an am, bhí sé maith aird a tharraingt ar dhaoine agus iad ag tosú amach ag scríobh, spreagadh a thabhairt dóibh agus a rá leis an domhan mór go raibh siad ann. Ach anois, tá sé in am bogadh ar aghaidh. Tá cuid de na scríbhneoirí sin nach bhfuil chomh hóg sin a thuilleadh."

As an 16 scéal atá sa chnuasach seo, cuireadh go leor acu i gcló cheana féin in *Comhar* agus *The Irish Times* agus craoladh cuid eile acu ar an raidió.

"Táim ag scríobh gearrscéalta le breis agus 20 bliain," a deir Ó Ruairc. "Seo na scéalta a roghnaíodh le dul sa chnuasach."

Mícheál Ó Ruairc

Bhuaigh cuid de na scéalta duaiseanna aonair san Oireachtas agus, ar ndóigh, bhuaigh an leabhar féin an chéad duais anuraidh don chnuasach gearrscéalta ab fhearr.

"Is dóigh liom go bhfuil claonadh ionamsa chun fantaisíochta agus chun aortha (satire)," ar sé. "Is aortha iad cuid mhaith de na scéalta seo, iad ag díriú isteach ar ghnéithe áirithe de shaol na hÉireann, abair. Tá siad bunaithe ar na hathruithe a tharla sa tsochaí ó thús an chéid seo, ó chuir an rialtas rompu bac a chur ar anchuid rudaí, mar shampla ar thobac. Táimse ag tarraingt as an tobar sin sna scéalta seo. Dírím ar rudaí nár thaitin liom go pearsanta a tharla sa tsochaí."

Creideann Ó Ruairc gur cuireadh an iomarca rialacha i bhfeidhm go róthapa.

"Nuair a tharlaíonn sin, tá sé de nós ag an gcine daonna rialacha a bhriseadh," ar sé. "I gceann de mo chuid scéalta, cuirtear bac ar fheoil, ar iasc agus ar éanlaith a ithe, agus mar sin níl an dara rogha ag daoine ach tosú ag ithe a chéile."

Ina chuid scéalta, tógann sé carachtar as an mbéaloideas nó scéalaíocht agus cuireann sé cruth nua air. Tá cuid de na scéalta bunaithe sa chathair agus cuid eile faoin tuath, agus tá dearcadh Uí Ruairc ar shaol an lae inniu fite fuaite sna scéalta ar bhealach caolchúiseach.

Creideann sé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh againn ach ag an am céanna go bhfuil "dochar" á dhéanamh don tsochaí, don teanga agus don chultúr.

"Bíonn saol gach scríbhneora istigh ina gcuid scéalta, ní féidir sin a cheilt nó tú féin a choinneáil amach as do chuid scríbhneoireachta," ar sé. "Éinne a deireann nach bhfuil, tá siad ag insint bréige.

"An rud faoin scríbhneoireacht ná go dtógann tú an fhírinne, agus go mbaineann tú di, nó go gcuireann tú léi. Sin mar a oibríonn an scríbhneoireacht chruthaitheach is fearr," a deir Ó Ruairc.

"Má chloíonn tú leis an bhfírinne, de ghnáth bíonn sé suimiúil ach ní oibríonn sé sa scríbhneoireacht. Caithfidh tú é a lúbadh agus a mhúnlú le do shamhlaíocht féin chun cur leis nó chun baint de. Taitníonn an claochlú (metamorphosis) go mór liom mar scríbhneoir," ar sé.

Agus é ag caint faoina chuid scéalta agus faoi chúrsaí an tsaoil go ginearálta, is léir go mbaineann an fear seo sult as a bheith ag gáire.

"Ní fhéadfainn scríobh mura mbeadh an greann ann," ar sé. Úsáideann sé an greann ar bhealach cliste agus is bealach éifeachtach é chun léitheoirí a mhealladh agus scéalta taitneamhacha a chur ar fáil dóibh.

D'éirigh Mícheál as an múinteoireacht bliain go leith ó shin, agus tá sé sásta a bheith ina scríbhneoir lánaimseartha anois. "Tá sé tuirsiúil a bheith i do mhúinteoir," ar sé, "agus úsáideann tú do chuid fuinnimh go léir sa seomra ranga, má tá tú ag déanamh do phoist i gceart."

Tá sé mar ionadaí Gaeilge in Áras na Scríbhneoirí i mBaile Átha Cliath le bliain anuas, post a bhí ag an bhfile Nuala Ní Dhomhnaill roimhe.

"Táim gafa leis sin," ar sé. "Tá an Ghaeilge i bhfad níos mó chun tosaigh san Áras ná mar a bhíodh. Is féidir anois dul isteach agus bíonn imeachtaí Gaeilge ar siúl ann."

Tá Mícheál ar bhord *Comhar* freisin, agus tá sé ag obair leis ar mhórán rudaí eile nach iad. Tá Daoine a Itheann Daoine ar fáil sna siopaí anois. Reáchtálfar ceardlann scríbhneoireachta le Mícheál Ó Ruairc agus Micheál Ó Conghaile amárach i gColáiste na Tríonóide.

Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 593307 cic@iol.ie www.cic.ie



BUILLE MARFACH
Anna Heussaff
Úrscéal; €12 (bog)

Dúnmharú agus mistéir – úrscéal nua ó údar móréilimh. Scéal bleachtaireachta a gcoinneoidh an léitheoir greim an duine bháite air go deireadh

DAOINE A ITHEANN DAOINE
Mícheál Ó Ruairc
Gearrscéalta; €12 (bog)

Ina chéad leabhar do dhaoine fásta, tugann Mícheál Ó Ruairc aghaidh ar cheisteanna conspóideacha sóisialta ina bhealach éagsúil áibhéileach féin.

Bhain an cnuasach seo an chéad duais amach i gComórtais an Oireachtais do chnuasach gearrscéalta i 2009.



Tá catalóg iomlán ar www.cic.ie

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Féach ar:

TG4: 'Seachtar na Cásca' - Sraith ina mbreathnaítear ar an seachtar fear a shínigh Forógra an Éirí Amach, seachtar ó chúlraí éagsúla a bhí gafa, daortha agus curtha chun báis ag na Sasanaigh taobh istigh de chúpla seachtain. Le meascán faisnéise agus míreanna drámaíochta, eachtraíonn gach clár sa tsraith scéal duine éagsúil acu. Ag tosú Dé Céadaoin le Thomas Clarke @ 9.30in.

RTÉ: ' ICA Boot Camp' - Ar feadh tréimhse seachtaine beidh triúr ó Bhantracht na Tuaithe ag iarraidh múineadh do cheathrar ban sna fichidí faoin bhféindóthain. Beidh siad ag múineadh scileanna bunúsacha dóibh mar chócaireacht, deisiúchán agus buiséadú. Dé Máirt @ 10in.

Channel 4: 'Seven Days' - Sraith nua fhaisnéise drámaíochta (docu-soap) a thugann léargas ar an saol ag daoine áirithe as Notting Hill i Londain. Beidh an lucht féachana in ann breathnú ar eachtraí atá díreach tar éis tarlú i saol na ndaoine seo agus, tríd an suíomh idirlín, comhairle a chur orthu. Dé Céadaoin @ 10in.

Rátaí pá úra aontaithe ag an SPI

Treasa Bhreathnach

TÁ rátaí pá úra aontaithe ag Bord Stiúrtha Screen Producers Ireland dar teideal SIPTU/SPI Shooting Crew Agreement for the Feature Film, both TV & Cinema, and Television Drama Industry in Ireland.

Cuirfear an comhaontas i bhfeidhm i ngach ceann de na comhlachtaí atá mar bhaill de Screen Producers Ireland a thosaigh príomhscannánaíocht tar éis an 2 Meán Fómhair. Tá bunrátaí pá chomh maith le liúntas laethanta saoire agus coinníollacha oibre i gceist sa chomhaontas.

Tá sé i gceist go mbeidh lá eolais ann go luath chun sonraí an chomhaontais a nochtadh do léiritheoirí agus bainisteoirí léiriúcháin. Beidh na rátaí pá i bhfeidhm ar feadh tréimhse bliana agus beidh athbhreithniú á dhéanamh orthu ar bhonn bliantúil amach anseo. Mar shampla íocfar €2000 le ceamaradóir ar thogra mór agus €1200 le stiúrthóir ealaíon ar thogra beag.

Ní bhaineann an comhaontas seo ach le drámaíocht teilifíse agus tograí scannán ar theilifís agus sa phictiúrlann agus níl ach gráid áirithe san áireamh.

Tá sé ráite sa chomhaontas chomh maith go mbunófaí Screen Producers Ireland agus SIPTU 'Fóram comhpháirtíocht scannánaíochta' a thiocfaidh le chéile ar a laghad uair amháin gach ráithe. Beifear ag plé ceisteanna a bhaineann leis an tionscal féin, maoiniú 481, forbairt treochtaí sa tionscal agus athbhreithniú ar na cleachtais oibre is fearr.

'*The Pipe*' in Toronto

Treasa Bhreathnach

BEIDH an scannán 'The Pipe' leis an stiúrthóir Ristéard Ó Domhnaill le feiceáil go hidirnáisiúnta. Cuirfear tús leis an gcamchuairt ag Féile Idirnáisiúnta Scannánaíochta Toronto.

Is scannán atá ann faoin bpíobán gáis in iarthuaisceart Mhaigh Eo agus an t-achrann a tharraing an píobán féin sa cheantar sin.

Bhuaigh 'The Pipe' an duais don Scannán Fada Faisnéise is Fearr ag Fleadh Scannán na Gaillimhe in 2010, agus beidh sé á thaispeáint ag Féile Scannánaíochta Londain chomh maith.

Beidh an scannán le feiceáil go forleathan i bpictiúrlanna na hÉireann amach anseo agus tá sé i gceist ag TG4 é a chraoladh chomh maith.

Is í Rachel Lysaght léiritheoir an scannáin agus rinne Nigel O'Regan agus Stephen O'Connell an eagarthóireacht.

Céimeanna Beaga

SEOLADH an scéim forbartha 'Short Steps' an tseachtain seo. Is scéim í seo chun cabhair a thabhairt do scannánóirí agus iad ag iarraidh gearrscannán a dhéanamh gan mhaoiniú nó le maoiniú. Beidh lá eolais ag Scáileáin Thuaisceart Éireann inniu ó 12in go dtí 3in sa Black Box, Sráid Hill i mBéal Feirste.

Beidh deis ag iarratasóirí a gcuid ceisteanna a chur ag an ócáid agus aiseolas a fháil ar a gcuid tograí sula ndéanfaidh siad iarratas oifigiúil. Díríonn an scéim ar scríbhneoirí agus ar stiúrthóirí den chuid is mó agus beidh fáilte ar leith roimh iarratais ó choláistí agus ó dhaoine nach bhfuil ach tosaithe amach sa tionscal. Glacfar le hiarratais don scéim seo suas go dtí 8 Deireadh Fómhair.

Téigh chuig www.northernirelandscreen.co.uk chun na foirmeacha iarratais a íoslódáil.

Éist le:

RTÉ Raidió na Gaeltachta: 'Ar Scáth a Chéile' - Labharfaidh Seosamh Ó Braonáin le Gearóid Breathnach faoin obair a dhéanann sé leis an nGarda Cósta. Is fear óg gnó é Gearóid a bhfuil ollmhargadh nua agus garáiste aige i gCasla, Contae na Gaillimhe, ach fós féin tá am aige cabhair dheonach a thabhairt don Gharda Cósta. Amárach @ 6.30in.

2fm: 'Arthur's Day 2010 Live' Ar fud an domhain beidh ceiliúradh á dhéanamh ar Arthur's Day ag tosú ag 17.59. Tar éis gur éirigh chomh maith sin leis an lá anuraidh, tá Arthur's Day linn arís agus beidh scoth an cheoil ó Arthur's Day in Éirinn le cloisteáil ar 2fm ó 7in ar aghaidh. Déardaoin @ 7in.

Radio Nova: 'Luascadh Dé Domhnaigh' - Clár Gaeilge á chur i láthair ag Robbie Foy le roinnt ceoil chomh maith. Gach maidin Dé Domhnaigh ar 6-8rn.

Ár gcultúr, ár n-oíche chultúir

Labhraíonn **Treasa Bhreathnach** le **Ger Wolfe** mar gheall ar a chéad albam a bheas beagnach go hiomlán trí Ghaeilge

Treasa Bhreathnach

MÁ tá an cultúr in easnamh i do shaol ní gá go mbeadh mar gur ar an Déardaoin seo chugainn a bheidh 'Oíche Chultúir' na bliana seo. Is ócáid bhliantúil í seo ina mbeidh imeachtaí cultúrtha ar siúl fud fad na tíre, idir cheol, ealaíon, dhrámaíocht agus lachtanna. Den chéad uair riamh beidh Gaeltachtaí na tíre páirteach agus tá 50 imeacht eagraithe ar fud na Gaeltachta agus iad uile saor in aisce don phobal.

Mar chuid den Oíche seo beidh clár faisnéise ar shaol an ealaíontóra cónaithe á thaispeáint acu san Ionad Cultúrtha i mBaile Mhúirne i gCorcaigh. Is é an ceoltóir clúiteach Ger Wolfe a bheidh faoi chaibidil sa chlár faisnéise 'Ó Bhéal Guth Béal' agus a bheidh i gceolchoirm i dteannta Chonail Uí Ghráda, Geraldine O'Callaghan, Fiona Kelleher agus cairde eile ón 8.30in go dtí an 10in ar an 24ú lá den mhí seo.

Mar thoradh ar obair Shíle Uí Chróinín agus Bhríd Cranitch agus smaoineamh a bhí ag Ionad Cultúrtha Bhaile Mhúirne tá Ger anois i lár an taifeadta ar a séu ceirnín a mbeidh 95% de i nGaeilge. Is togra é 'Ó Bhéal Guth Béal' a thosaigh san Earrach 2009. "An dúshlán a bhí romham ná amhrán a chumadh tar éis dom labhairt le seanóirí na háite agus bailiúcháin a dhéanamh ar a gcuid tuairimí agus ar a gcuid smaointe ar an saol atá inniu ann i gcomparáid leis na seanlaethanta," a deir Ger. "Fuaireas an-chabhair leis an bhfoghraíocht ó Julia Uí Chróinín agus ó Pheadar Ó Riada agus an-chabhair ó na seanóirí féinig ó thaobh na Gaelainne de. Bhí roinnt scéalta a scríobh na seanóirí féin sna 30idí i gcomhair bailiúcháin béaloideas a bhí á dhéanamh don rialtas: filíocht, seanfhocail agus scéalta óna muintir. Mar shampla bhí bean iontach, Nóiní Ó Loingsigh ó Chill na Martra, a thaispeáin scéal dom a scríobh sí nuair a bhí sí ocht nó naoi mbliana d'aois agus a fuair sí, is dócha, óna seanathair, agus rinne mé cúpla amhrán astu san uile."

Deir Ger go mbíonn sé i mbun an phróisis scríbhneoireachta an t-am uile agus go mbíonn sé ag scríobh píosaí beaga an t-am ar fad. "Bím ag féachaint amach i gcomhair smaointe, nó b'fhéidir cúpla focal ó amhrán nó cúpla nóta ceolmhara agus iad ar nós splanc dom is dócha. Bhíos ag caint le comharsa a d'inis dom go raibh a bhean chéile ag imeacht go Meiriceá i gcomhair obair; an-fíor rud go deo mar go bhfuil páistí óga acu. Níl an t-amhrán sin scríofa agam fós, ach tá sé ag obair i m'aigne. Bím ag obair sách tapaigh i ndáiríre, ní hé go dtógaim na blianta ag obair ar amhrán agus tar éis duit bheith i mbun do cheirde ar feadh 20 bliain nó mar sin ceapaim go mbeadh próiseas agat," arsa Ger.

Tá Ger sáite sa cheol ón uair a thosaigh sé ag gigeáil i gceart in 1990, agus fiú lena chéad seic ón obair cheannaigh sé fidil ach is le tionlacan giotáir is mó a chloistear Ger. "Ní théann mo chuid ceoil go héasca isteach in aon chruth, pop nó ceol traidisiúnta. Tá suim agam in éagsúlacht ceoil, ó cheol na hAfraice, ska, jazz agus reggae. Sílim gur ceol traidisiúnta gach ceol, agus ceapaim i mo cheol féinig go bhfuil dúchas ann agus go bhfuil sé i mo genetics, cé go bhfuil a lán le foghlaim agam go fóill ó ar fud na tíre ó na háiteanna ina bhfuil an ceol traidisiúnta láidir."

Mar aon le gach ceantar Gaeltachta eile ar fud na tíre beidh an cultúr go láidir i Múscraí ar an Déardaoin seo chugainn. Síleann Ger, "tabharfaidh an 'Oíche Chultúir' seans do gach éinne a bheidh páirteach ann mar ealaíontóir nó mar éisteoir. Tugann sé seans an saibhreas atá mórthimpeall orainn a thaispeáint agus cé go mbíonn daoine ag dul chuig na gigs móra, atá go deas chomh maith, tá sé go maith spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'ealaín an pobal." Téigh chuig www.ealain.ie chun eolas a fháil faoina mbeidh ag tarlú i do cheantar féin ar an Déardaoin agus bí páirteach in Oíche Chultúir na Gaeltachta.

8 OIDEACHAS

Ardmharcanna sa Teastas Sóisearach do Ghaelcholáiste Luimnigh

Meadhbh Ní Eadhra

EISÍODH torthaí an Teastais Shóisearaigh Dé Céadaoin agus cé go raibh neart cainte ann faoin líon ard daltaí ar theip orthu sna teangacha eachtrannacha, ní hamhlaidh a bhí an scéal i nGaelcholáiste Luimnigh. D'éirigh thar barr leis an 63 dalta a fuair a gcuid torthaí Teastais Shóisearaigh an tseachtain seo.

"Bhain siad grádanna anarda amach i ngach ábhar," a deir Donncha Ó Treasaigh, Príomhoide na Scoile. "Shroich daltaí caighdeán atá i bhfad níos airde ná meán na tíre, sna teangacha go háirithe."

D'éirigh le dalta amháin, Shane Ó Ceallaigh, 10 A a fháil sna scrúduithe, éacht ar leith.

Fuair 12 dalta ón nGaelcholáiste grád A sa scrúdú Fraincise, fuair 23 dalta grád B agus 17 dalta grád C. As an naonúr a bhí sa rang Spáinnise, bhain gach duine acu A nó B amach.

Sa chuid eile den tír, theip ar os cionn 11% de dhaltaí sa Fhraincis agus sa Spáinnis, sna scrúduithe gnáthleibhéil. Chomh maith leis sin, theip ar 6% de dhaltaí ardleibhéil sa Fhraincis. Theip ar líon ard daltaí san Iodáilis freisin. Bhí 7% de dhaltaí nár éirigh leo pas a bhaint amach ag gnáthleibhéal ná ardleibhéal.

As an 56,000 dalta a rinne an Teastas Sóisearach i mbliana, rinne os cionn 23,000 dalta an scrúdú Ardleibhéil Gaeilge, an líon is airde le trí bliana anuas. Astu siúd, bhain 10.9% grád A amach agus fuair 81.5% grád A, B nó C. Sa scrúdú gnáthleibhéil, bhí ardú beag ar an líon daltaí a fuair grád A, B nó C, le os cionn 79% díobh ag baint na marcanna sin amach. Áfach, níor éirigh ach le 4% de na daltaí a rinne an scrúdú gnáthleibhéil grád A a bhaint amach, figiúr an-íseal ar fad. Rinne níos mó ná 22,000 dalta an scrúdú gnáthleibhéil i mbliana agus shocraigh beagán os cionn 2,000 an scrúdú bonnleibhéil a dhéanamh.

Cé go raibh torthaí díomácha ann sa mhata agus san eolaíocht san Ardteist i mbliana, bhí ardú ar na marcanna san eolaíocht i measc dhaltaí an Teastais Shóisearaigh. Rud atá spéisiúil ná gur theip ar 15% de dhaltaí in ábhair phraiticiúla ag gnáthleibhéal. Bhí ráta teipe de 15% ann sa mhiotalóireacht, 9% sa ghrafaic theicniúil agus 9% freisin sa teicneolaíocht. Bhí an-imní ann faoi na torthaí sa Staidéar Gnó mar gheall ar bhotúin sa scrúdú, ach tógadh é sin san áireamh agus na scrúduithe á gceartú agus bhí na torthaí beagán níos airde ná anuraidh. I mbliana, d'éirigh le 15 dalta 12 A nó níos mó a bhaint amach in ábhair ardleibhéil, agus bhain 120 dalta 11 A amach.

Rinne níos mó ná 88% de dhaltaí an scrúdú eolaíochta, agus d'éirigh le 83% díobh siúd A, B nó C a bhaint amach sa scrúdú ardleibhéil. Tháinig ardú freisin ar an líon daltaí a rinne an scrúdú ardleibhéil mata, go 45%.

Tá an eagraíocht gnó IBEC ag iarraidh go gcuirfear deireadh leis an Teastas Sóisearach agus go mbeidh curaclam nua ann nach bhfuil bunaithe chomh mór sin ar scrúduithe, ach go mbeadh níos mó béime ar réimse scileanna níos leithne.

Beidh moill ann maidir leis an Teastas Sóisearach athbhreithnithe.

Dheimhnigh an Roinn Oideachais oíche Dé Máirt go mbeidh siad i mbun comhairle leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) go dtí tús na bliana seo chugainn, rud a chiallaíonn go bhfuil seans nach mbeidh an scrúdú nua le bheith ann go ceann cúpla bliain eile.

Tháinig an Teastas Sóisearach i bhfeidhm in 1989 agus tá torthaí na bliana seo mórán i gcomhréir le torthaí ó bhlianta eile.



Shane Ó Ceallaigh as Gaelcholáiste Luimnigh a fuair 10 A sa Teastas Sóisearach i mbliana.

MA sa Ghaeilge Fheidhmeach

Scoil na dTeangacha, Dámh na nEalaíon Feidhmeach, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i gcomhar le Gaelchultúr

Cúrsa páirtaimseartha dhá bhliain.
An chéad chúrsa eile ag tosú Feabhra 2011.

- Cúrsa dírithe orthu siúd ar mian leo ardleibhéal cumais a bhaint amach sa Ghaeilge scríofa agus labhartha
- Oiriúnach d'fhostaithe na hearnála poiblí, daoine atá ag obair sna meáin, múinteoirí, aistritheoirí agus daoine eile a bhíonn ag obair trí mheán na Gaeilge

Spriocdháta d'iarratais: 22 Meán Fómhair 2010

DIT - céim chiallmhar i dtreo na todhchaí www.dit.ie

Tuilleadh eolais:
Suíomh: http://gaeilgefheidhmeach.dit.ie
Ríomhphost: gfheidhmeach@dit.ie
Teileafón: 01-4022828

Dublin Institute of Technology · Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath · D·I·T

Cúrsa Speisialta do Mhúinteoirí Gaeilge

Meadhbh Ní Eadhra

REÁCHTÁLFAR sainchúrsa cúig seachtaine do mhúinteoirí Gaeilge, ag tosú ar an 22 Meán Fómhair. Is é aidhm an chúrsa seo ná snas a chur ar Ghaeilge na múinteoirí agus tabharfaidh an cúrsa deis dóibh bualadh le múinteoirí eile freisin.

Beidh na ranganna ar siúl gach Céadaoin i lár chathair Bhaile Átha Cliath ó 6.30in go 8.00in. Cuirfear béim ar leith ar labhairt na Gaeilge ach beidh béim chomh maith ar chúrsaí gramadaí agus ar shaibhriú foclóra.

Beifear ag díriú ar chanúintí na Gaeilge san obair ghrúpa agus sna cleachtaí éisteachta. Chomh maith leis sin, beidh plé sna ranganna ar chúrsaí reatha agus ar chúrsaí oideachais.

Tá an cúrsa seo á thairiscint ag Comhar na Múinteoirí Gaeilge do mhúinteoirí Gaeilge a bhfuil líofacht acu cheana ach a bhfuil ceisteanna acu fós ó thaobh cruinnis de ar mhaith leo díriú isteach orthu. Beidh táille €20 ar an gcúrsa seo do bhaill chláraithe Chomhar na Múinteoirí Gaeilge ach tá líon na n-áiteanna atá ar fáil teoranta.

Mar sin, ní mór teagmháil a dhéanamh le Lároifig CNMG le clárú roimh 20 Meán Fómhair 2010. Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Lároifig ag (01) 639 8448/5 nó eolas@cnmg.ie.

Crosfhocal 17.09.2010



NODANNA

TRASNA

1 Fásann oisín go dtí seo nuair atá sé aibí (3)
3 Ábhar nó scéal a chuireann fonn gaire orainn (5)
6 Teach, tigh sa ghinideach (2)
7 Timpeall na taoibhe is faide ón lár (6)
9 Na héadaí a chaitheann gardaí nó saighdiúirí (4)
11 Cuir trí thine (2)
13 Ábhar dubh i gcomhair tine a fhaightear i mianach (4)
14 Tugtha do throideanna (7)
16 Ceap, casúr mór (3)
18 Móid, gealltanas go bhfuil an fhírinne ann (5)
21 Tanaí ó thaobh spás de (4)
23 Seomra agus leaba don oíche (7)
25 Fios, eolas (3)
27 Lár na láimhe (3)
29 Is ------, is cosúil (6)
30 Scornach oscailte (5)
31 Tabhair suas, tabhair isteach, stop ó throid chogaidh mar shampla (5)
32 Ospidéal (9)

SÍOS

1 Aisling, radharc san intinn (3)
2 Duine a bhfuil cuireadh uait chun fanacht leat (3)
4 An t-éan a cheaptar a bheith i rí na n-éan (5)
5 Imithe thar sáile ó do thír dúchas (6)
6 Ag dul ó taobh amháin go dtí an taobh eile, agus an lár ar an bhealach (4)
8 Tomhas fad an bhóthair a bhí in úsáid anseo roimh an chiliméadar (4)
10 Aimsir nach bhfuil te, an geimhreadh mar shampla (4)
12 Clúdaigh le craiceann tanaí de mhiotal buí luachmhar (3)
14 Turas, aistear (6)
15 Druid (3)
17 Píosa filíochta (3)
19 Muiníneach, duine gur féidir leat muinín a chur ann (8)
20 Cnámh a cosnaíonn na horgáin is tábhachtaí (5)
21 Céasadh, imir drochíde ar dhuine (6)
22 Sclabhaí, freastalaí (6)
24 Na daoine atá sa teach leat (4)
26 Airgead a dhéantar mar bhrabús ar aisíocaíochtaí iasachta (2)
28 Comhartha contae nó tíre, déanta as éadach, a chrochtar ar chuaille (4)
29 Ainmhí a chónaíonn i gcrann, a itheann cnónna agus a chodlaíonn an geimhreadh ar fad (4)

Crosfhocal 10.09.2010

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Seán Ó Braoin
Cathair na nArd, Oileán Chiarraí
Co Chiarraí

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 22 Meán Fómhair, 2010 chuig: Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

Tuí na háithe a chur ar an muileann

Ach spendometer.ie ann chun cabhrú leat do chaiteachas a mheas

Róisín Ní Éalaí

CEADAÍONN an banc AIB rótharraingt bhainc suas le €1500 gan ús do mhic léinn. Bíonn iasachtaí ar fáil ag ráta laghdaithe, 1.5% níos lú ná an gnáthráta ar iasachtaí pearsanta. Más mac léinn thú, tá tú in ann an cárta dochair AIB a fháil, rud a deir siad a chabhraíonn chun smacht a choinneáil ar chaiteachas, mar gheall nach bhfuil rochtain ag an té ach ar an méid atá sa chuntas acu.

Tá fáil ar bhaincéireacht idirlín anois agus is féidir 'top-up' creidmheasa a fháil ach téacsteachtaireacht a sheoladh.

An bhfuil sé ag éirí ró-éasca do mhic léinn teacht ar airgead 'saor in aisce'?

Bíonn go leor costais i gceist nuair a théann mic léinn as baile le freastal ar an gcoláiste nó an ollscoil. Idir chíos, bhillí leictreachais, bhruscar, athchúrsáil, bhia, thaisteal agus táillí, cad as a dtagann an t-airgead? Bíonn ar mhic léinn brath ar dheontais, na tuismitheoirí nó post páirtaimseartha le haghaidh tacaíocht airgeadais nuair a bhíonn siad i mbun staidéir, ach an bhfuil an t-airgead seo ag cur le caighdeán maireachtála an mhic léinn, nó leis an gcaighdeán saoil shóisialta atá acu?

Tóg mar shampla cíos €75 sa tseachtain, billí leictreachais €30, €50 ar bhia agus €20 ar bhus nó peitreal. Sin os cionn €600 sa mhí ar mhaireachtáil as baile. Má théann an mac léinn amach 3 oíche i rith na seachtaine agus má chaitheann siad €40 in aghaidh na hoíche, ciallaíonn sé sin go gcaitheann siad beagnach €500 sa mhí ar an saol sóisialta.

An bhfuil airgead na dtuismitheoirí agus an stáit ag dul amú ar phiontaí agus tacsaithe?

Dar le hÉadaoin Ní Mhocóir, mac léinn in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ní fheadfaí bheith ag brath ar na tuismitheoirí an t-am ar fad nuair a bhíonn tú gann ar airgead.

"Nuair atá tú i do mhac léinn, ní féidir éalú ó na fadhbanna airgid, agus ní féidir a bheith ag brath ar na tuistí an t-am uilig. Is é do rogha féin an rótharraingt a fháil ach ba cheart smaoineamh faoi go fadtéarmach. An mbeidh mé in ann an t-airgead seo a íoc ar ais agus cén t-am? Ceapaim, in go leor cásanna, go n-íocann na tuismitheoirí as an rótharraingt sa deireadh mar gheall nach bhfuil an mac léinn in ann. Ach bíonn siad cabhrach ag na huaireanta práinneacha a bhfuil tú faoi bhrú. Agus arís níl sé chomh dona le hiasacht a fháil."

In ainneoin go bhfuil muid i ngreim cúlú eacnamaíochta, síleann Éadaoin go bhfuil sé ró-éasca chun airgead a fháil ón mbanc.

"Do mhic léinn amháin tá sé an-éasca - cosúil le mo chás féin, ghlaoigh mé ar maidin agus fuair mé tráthnóna é. Níl muid ag iarraidh iasacht €10,000, tá muid ag iarraidh a bheith ábalta an cíos a íoc agus bia a bheith inár mbéal chuile lá!"

Tá gléas ar fáil anois ar líne, Spendometer a ghlaoitear air, a chabhraíonn leat chun do chaiteachas ar rudaí nach bhfuil riachtanach a mheas.

Cuirtear isteach eolas ar nós cé mhéad a chaitheann tú ar chaife go laethúil, cé mhéad a chosnaíonn sé toitíní a chaitheamh in aghaidh an lae, cé mhéad canna nó buidéal alcóil a cheannaíonn tú ar oíche shóisialta agus faoi dheireadh taispeántar an méid airgid a chaitheann tú (nó a chuireann tú amú) agus a d'fhéadfá a shábháil. Tógann an quiz seo thart ar 5 nóiméad ach d'fhéadfadh sé geit a bhaint asat maidir leis an méid airgid a chuirtear amú ar nósanna.

Líon Éadaoin Ní Mhocóir an quiz seo amach agus chuir na torthaí ionadh uirthi.

"Baineadh an-gheit asam nuair a chonaic mé torthaí an spendometer! Bhí faitíos orm mar gheall go gcaithim níos mó airgid ar rudaí ar nós alcóil ná mar a chaithim ar bhia agus éadaí! Ach is dóigh gur b'in saol an mhic léinn!" a deir sí.

Más suim leat do chaiteachas féin a traiceáil, breathnaigh ar www.spendometer.ie

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar na poist seo a leanas:

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh

Ollamh Bunaithe le Seandálaíocht

Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí

Ollamh Bunaithe le Cuntasaíocht
Ollamh Bunaithe le Córais Faisnéise Gnó
Ollamh Bunaithe le Dlí Tráchtála
Ollamh Bunaithe le Margaíocht

Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte

Ollamh Bunaithe / Ollamh Pearsanta le Bitheolaíocht na nGascheall Bunúsach

Coláiste na hEolaíochta

Ollamh Bunaithe le Domhaneolaíocht agus le hAigéaneolaíocht
Ollamh Bunaithe le Bithfhionnachtain Mhuirí
Ollamh Bunaithe le Matamaitic
Ollamh Pearsanta le Bithcheimic (Géineolaíocht Mhóilíneach)

Tuarastal:

Ollamh Bunaithe:	€113,604 - €145,952 sa bhliain
Ollamh Pearsanta:	€133,001 sa bhliain

Spriocdháta: 5.00 i.n., 22 Deireadh Fómhair 2010

Sonraí / nós imeachta le haghaidh iarratais:

Tá tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais do na poist thuas ar fáil ó láithreán gréasáin Acmhainní Daonna:

http://www.nuigalway.ie/vacancies

An Oifig Acmhainní Daonna, OÉ Gaillimh, Gaillimh.

T: 353 91 492151; **R**: hr@nuigalway.ie

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009-10

www.nuigalway.ie

9 I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **nuacht@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Sa Phictiúr ó chlé tá Micheál Ó Muircheartaigh, a dheirfiúr Kathleen Barry, Eileen Devane, Donal Ó Muircheartaigh, Maire Davis agus a mhac Eamonn Ó Muircheartaigh i rith an chláir. Bhí siad i láthair ag craoladh speisialta a bhí ag Raidió na Gaeltachta ag tabhairt ómóis don tráchtaire Micheál Ó Muircheartaigh agus a bhí curtha i láthair ag Seán Bán Breathnach.

Tá Heidi Ann McCormack, Ornaith Ní hIarnáin agus Roisín Breathnach, ón Ionad Tacaíochta Teaghlaigh in Indreabhán, Co na Gaillimhe, réidh chun míreanna mearaí a chur le chéile le hAire na bPáistí Barry Andrews. Thug an tAire cuairt ar an Ionad, Dé Luain. (PIC SEÁN Ó MAINNÍN)

Mairéad Ní Nuadháin RTÉ, Áine Walsh ILBF, agus Anne Stirling, Stirling Television ag an gcéad taispeántas poiblí den seó damhsa "Nochtú."

Imram - Oíche Ómóis don Snodach. Píobaire Eoin Dillon le Rossa, Colm agus Rónán Ó Snodaigh. (PIC. JIM BERKELEY)

Ag baint sásaimh as scléip, ceol agus bia Fhéile Oisrí Dhroichead an Chláirín i nGaillimh Dé Sathairn seo caite bhí An Seanadóir Fidelma Healy Eames in éineacht le mná Droichead an Chláirín, Marie Donoghue, Marie Walsh agus Marie Cloonan.

Na fir sinsearacha ag dul i mbun tonnmharcaíochta i rith na Craobhacha Tonntharthála Náisiúnta i Ros Neamhlach i nDún na nGall an deireadh seachtain seo caite. (PIC.THOMAS GALLAGHER)

Babhta 3 de Shraith Mhagner

Gráinne McElwain

Is beag nár éirigh le Connacht cluiche a bhuachan as baile den chéad uair le dhá bhliain go leith an deireadh seachtaine seo caite in aghaidh na Scarletts (35-33) ach, cé gur éirigh le Fionn Carr trí úd a aimsiú agus go raibh Ian Keatley go maith leis na ciceanna éirice, níor éirigh leo ar deireadh thiar.

Caithfidh sé go bhfuil seans anmhaith ag Carr áit a fháil ar phainéal na hÉireann. Beidh siad as baile arís an deireadh seachtaine seo chun aghaidh a thabhairt ar na Glasgow Warriors ach níl buaite ag Connacht in Albain ó Mheán Fómhair 2006.

Ní bhíonn sé éasca ar an bhóthar acu ach faoi Eric Elwood agus an bua iontach a bhí acu ar na Newport Gwent Dragons coicís ó shin tá spiorad iontach sa champa. Bhuaigh na Warriors ar Chúige Laighean i mBabhta 1 in Firhill, ach ní raibh aon chuma ar fhoireann Schmidt sa dara leath.

An deireadh seachtaine seo caite bhí na Warriors ar an mbóthar ag na Dragons agus theip ar bhuachaillí na hAlban (23-11). Cé go bhfuil na trí chluiche dheireanacha eatarthu buaite ag na Warriors tá deis iontach anseo ag Connacht, ach beidh Glasgow go maith sa bhaile.

Bua: Glasgow Warriors

Dhá chluiche as a chéile atá buaite ag Cúige Uladh agus i mBabhta 3 beidh siad sa bhaile in Ravenhill ag tabhairt aghaidh ar Edinburgh. Bhuaigh siad ar Aironi an tseachtain seo caite agus b'iontach an cúnamh dóibh é gur bronnadh dhá chárta bhuí ar fhoireann na hIodáile agus fuair siad greim ar an chluiche dá bharr (15-22). Dhá chluiche as a chéile atá caillte ag Edinburgh.

D'imir an dá fhoireann faoi dhó anuraidh agus bhuaigh na hUltaigh an cluiche in Ravenhill (16-13) ach chaill siad as baile. Leis na himreoirí nua ón Afraic Theas agus an misneach atá tagtha ar an fhoireann Ultach tá daoine ag súil le go leor uathu i mbliana. An uair dheireanach gur bhuaigh siad na chéad trí chluiche sraithe as a chéile i dtús an tseasúir bhuaigh siad an comórtas, sin in 2005/06.

Bua: Cúige Uladh

John Hayes agus Wian du Preez suaimhneach agus iad ag traenáil roimh an chluiche in aghaidh na hOspreys. (PIC. DIARMUID GREENE / SPORTSFILE)

Ba cheart go mbeadh an bua ag Cúige Laighean san Iodáil ach ní bheidh sé éasca. Deich n-uaire atá Benetton Treviso tar éis aghaidh a thabhairt ar fhoirne as an tír seo agus níl aon cheann acu buaite acu. Ach tá ceisteanna le freagairt ag foireann Chúige Laighean fós agus ag an oiliúnóir nua atá orthu, Joe Schmidt. Cé gur bhuaigh siad sa bhaile in aghaidh Cardiff (32-23) an deireadh seachtaine seo caite, ligeadar foireann na Breataine Bige ar ais san imirt sa dara leath mar ag leath ama bhí siad i bhfad chun cinn (20-6). D'imir siad a chéile i gCorn Heineken in 2004/05 faoi dhó agus bhuaigh Cúige Laighean an dá chluiche, 25-9 in Trevis agus 57-17 i mBóthar Lansdúin, ach tá na hIodálaigh feabhsaithe ó shin.

Bua: Cúige Laighean

An cluiche is fearr i mBabtha 3 ná an ceann seo idir na hOspreys, seaimpíní na sraithe, agus iad ar cuairt i bPáirc Thomond do Bhabhta 3 in aghaidh Chúige Mumhan. Ba cheart go mbeadh fonn díoltais ar na Muimhnigh mar bhuaigh na hOspreys faoi dhó orthu anuraidh agus chríochnaigh an cluiche eatarthu in Thomond in Aibreán 19-14 i bhfabhar na gcuairteoirí. Is iad Cúige Mumhan atá ina suí ar bharr an tábla, ach níl na hOspreys i bhfad taobh thiar sa cheathrú háit agus tá siad contúirteach. Bhí an-taispeántas ag páca Chúige Mumhan an deireadh seachtaine seo caite in aghaidh Edinburgh, ach leis an méid seilbhe a bhí acu bheadh díomá orthu nach raibh níos mó do bhearna eatarthu ag a dheireadh (13-16) thall in Murrayfield. Chaill na hOspreys in aghaidh Chúige Uladh an chéad seachtain, ach bhuadar in aghaidh Benetton Treviso le pointe bónais an tseachtain seo caite (32-16). Ba cheart go mbeadh anchluiche eatarthu.

Bua: Cúige Mumhan

Dé hAoine, 17 Meán Fómhair

Warriors v CONNACHT
Firhill Stadium @ 7.30
CÚIGE ULADH v Edinburgh
Ravenhill @ 8.05 - Beo ar RTÉ/BBC NI
Dé Sathairn, 18 Meán Fómhair
Benetton Treviso v CÚIGE LAIGHEAN
Stadio di Monigo @ 7.05

CÚIGE MUMHAN v Ospreys
Páirc Thuamhan @ 8.00

Roche i measc uasal-aicme na rothaíochta

Páidí Ó Lionáird

TÁ dúchas a athar agus a chúlra ag briseadh trí throitheáin a rothair ag Nicolas Roche. Le gach *Grand Tour*, tá feabhas agus misneach an rothaí ag dul i méid ní hamháin ó thaobh a chur chuige phearsanta ach freisin ó thaobh a cheannaireachta ar fhoireann AG2R. Nuair a chonaiceamar ag rothaíocht anuraidh é, bhí sé soiléir go raibh scil aige ach bhí sé soiléir freisin go raibh feabhas de dhíth ar ghnéithe áirithe dá scileanna dá dteastódh uaidh bheith ina bhagairt do na léinte daite. Dreapadh go háirithe. Chaith sé Fómhar agus Geimhreadh ag obair go crua agus é i mbun traenála ar shléibhte i sliabhraonta na nAlp agus na bPiréan.

Nuair a thosaigh sé *Tour De France* na bliana seo, ba léir cén obair a bhí déanta aige agus, go huaillmhianach, shocraigh sé mar aidhm dó féin críochnú sa chéad chúig áit déag. Ní sprioc phríobháideach a bhí anseo. D'fhógair sé a mhianta go poiblí ina chuid agallaimh mheáin agus ina dhialann laethúil san Irish Independent. D'éirigh leis agus, lena chríoch san aonú háit déag, bhí mí-ádh air nach i measc an chéad deichniúir a bhí sé fiú.

B'údar dóchais d'Éireannaigh é toisc gur lóchrann aonair é sa Tour le blianta beaga anuas. Bheadh brat na hÉireann ar foluain le mórtas an athuair ag ócáid

Nicholas Roche i rith Rás Bóthair na Fir Shinsir. PIC. SPORTSFILE

sméar mullaigh an spóirt. Níor lig sé síos é féin ná a thír ach an oiread.

Is mar a chéile atá sé agus é ag baint stangadh as pobal na Spáinne sa *Vuelta A Espagne*. Seo an tríú *Grand Tour* agus an ceann deireanach den bhliain agus tá sé ag eitilt. Agus mé ag scríobh tá sé san ochtú háit, gan ach 4'03" idir é agus an tIodálach Vicenzo Nibali (Liquigas) atá ar ais sa ngeansaí dearg i ndiaidh na trialach ama.

Tá sé soiléir go bhfuil Roche uaillmhianach agus ag lorg tuilleadh feabhais a chur ar a stór rothaíochta. Tá a bhaill foirne ag léiriú níos mó measa agus dílseachta dó anois ná mar a bhí cheana, a gcuid ómóis agus misnigh ag fás lá i ndiaidh lae.

Tá roinnt mhaith den chruatan caite anois ag na rothaithe, seachas an Bolo Del Mundo, sliabh atá le dreapadh amárach (Dé Sathairn) acu agus iad ag díriú ar na trí lá dheireanacha agus bíodh is nach bhfuil na bearnaí eatarthu siúd chun cinn chomh gar is a bhí idir Schleck agus Contador sa TdeF, níl an rás seo buaite ná caillte ag éinne as an gcéad deichniúr fós.

Le staid an-fhada agus an-chnocach inniu, tá dreapadh de chatagóir 2 go luath sa staid suas trí ghleann álainn *Sierra De Gredos*. Beidh Roche sa tóir ach ar éigean a fheicfimid aon ghaiscíocht seachas na fir ráibe i mbun lán-luais ag deireadh an lae.

Is dána an tairngreacht a bheadh ann agus a rá go bhféadfadh Roche críochnú ar an ardán i Maidrid Dé Domhnaigh ach d'fhéadfadh sé sin tarlú. Má éiríonn leis fanacht slán agus rothaíocht ag barr a mhaitheasa, d'fhéadfadh sé éacht eile a dhéanamh fós.

Comórtaisí Peile Seachtar a' Taobh

DÉ Sathairn reáchtálfar an 38ú comórtas de Chraobh Peile na hÉireann seachtar a' taobh ar pháirceanna Chrócaigh Chill Mochuda i Stigh Lorgan i mBaile Átha Cliath. Trí chlub as Corcaigh a bheidh ann, Fánaithe Aidhleann, na Dubhchonnaigh agus Cumann Uí Dhonnabháin Rossa. Ceithre fhoireann a bheidh ag teacht aduaidh as an Dún, tánaistí ón chomórtas anuraidh, an Chloch Fhada, Cumann Chluain Dáimh, an Ríocht agus Caisleán an Mhuilinn. Tá foirne go leor eile as contaetha eile le páirt a ghlacadh ann chomh maith.

Beidh an comórtas seachtar a' taobh do na foirne idirmhéanacha ar siúl an lá céanna i Ráth Tó i gContae na Mí. Beidh suas le 40 foireann ag imirt sa chomórtas a bheidh ar siúl ar na naoi bpáirc atá ag Cumann Ráth Tó.

Tugtar cuireadh do na foirne a bhuann craobh an chontae chuig an dá chomórtas agus cuireadh speisialta do chlubanna eile as na contaetha a bhíonn ag imirt i gCluiche Ceannais Peile na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh an lá dár gcionn. Is iomaí duine a fhaigheann ticéad don lá mór ag na comórtais seo chomh maith

An tAthair Oliver Hughes

BHÁSAIGH duine de laochra peile Choláiste Iarfhlatha agus Chomórtas Chorn Uí Ógáin Dé Máirt nuair a ghlaoigh Dia chuige féin an tAthair Oliver Hughes. 66 bliain d'aois a bhí sé agus bhí sé tinn le fada.

As Cill Fhir Iarainn ó dhúchas é agus chaith sé blianta fada mar scoláire agus múinteoir i gColáiste Iarfhlatha i dTuaim. Dhá uair déag atá Corn Uí Ógáin buaite ag an Choláiste agus bhí baint ag an Athair Hughes le sé cinn acu sin, mar imreoir in 1961 agus '62, agus mar oiliúnóir/bainisteoir in 1978, '82, '84 agus 2002. Is iomaí réalta peile as Gaillimh, Maigh Eo agus contaetha eile a thraenáil sé i rith na mblianta sin agus chuaigh go leor acu ar aghaidh chun Craobh na hÉireann a bhuachaint. Bhí sé mar shagart paróiste ar Chorra Finne nuair a bhásaigh sé.

Ar dheis Dé go raibh a anam uasal.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 17 Meán Fómhair, 2010

Ag súil leis an nDomhnach!

John Allen

Ag tosach na bliana bhí Corcaigh i measc rogha na n-údar do Chorn Sam Maguire. Déanta na fírinne, tá mórán cainte fúthu le cúpla bliain anuas ach fós níl an beart déanta acu.

Faraor, ní raibh mórán ráite faoi fhoireann an Dúin go luath sa bhliain agus iad ag treabhadh leo i roinn a dó na sraithe . Agus cé gur chríochnaíodar ar barr, fós níor tugadh mórán seans dóibh bheith i measc na mboc mór i mí Lúnasa. Fuaireadar bata agus bóthar as Craobh Uladh sa leathchraobh i gcoinne Thír Eoghain, ceann des na foirne a bhíonn ar ghearrliosta na seaimpíní gach bliain anois .

Ach leanadar leo tríd an chúldoras go dtí Tír na nÓg mar a scríobh file cáiliúil na Gaeilge, Seán Ó Ríordáin, *"tá Tír na nÓg ar chúl an tí, tír álainn trína chéile."* Bhuel tá an tír álainn sroichte acu ach ní haon mhaitheas dul ann gan an corn a thabhairt abhaile as.

Mar sin ar an Domhnach beag seo tugann Corcaigh agus an Dún aghaidh ar a chéile don duais is mó sa Pheil Ghaelach.

Agus a leithéid de choimhlint atá amach romhainn.

Tá foireann Chorcaí feicthe againn go minic le cúpla bliain anuas ach tá leaids seo an Dúin tar éis teacht aniar aduaidh orainn. Ach dár ndóigh is i ndiaidh a chéile a dhéantar na caisleáin agus tá an fhoireann seo ag feabhsú an t-am ar fad.

Tá an t-ádh ar bhainisteoir an Dúin, James McCartan, gur fhill Martin Clarke ar ais chuig a chontae dúchais i ndiaidh tamall a chaitheamh ag plé le Peil na hAstráile mar is iontach an t-imreoir é .

Is mór an buntáiste é d'fhoireann má bhíonn '*playmaker*' oilte, cliste acu agus is imreoir den scoth é Clarke chun imreoirí a phiocadh amach. Mar an gcéanna le leithéidí Danny Hughes, Kevin McKernan, Benny Coulter, Peter Fitzpatrick agus Mark Poland atá an-chompordach agus cliste ar an liathróid.

Sa leath-chraobh i gcoinne Chill Dara thosaíodar go mall go dtí gur chuir Benny Coulter an liathróid isteach san eangach agus é istigh sa chearnóg ach sheas an cúl agus diaidh ar ndiaidh chas an cluiche i bhfabhar fhir an Dúin.

An rud faoin fhoireann seo ná go bhfuil siad ag feabhsú an t-am ar fad. Beidh sé deacair iad a bhualadh.

Céard faoi Chorcaigh? Bhuel tá craobh tuillte ag an ngrúpa imreoirí seo. Faraor, ní bhuann mothúcháin na cluichí agus caithfidh siad an beart a dhéanamh ar pháirc na himeartha.

I mo thuairim tá painéal níos láidre ag Conor Counihan agus iad go léir ag teastáil mar tá a fhios againn go léir nach gcríochnaíonn an cúigear déag a thosaíonn i gcluichí le blianta beaga anuas.

Sprioc uimhir a haon atá ag Corcaigh ná Clarke a choimeád ar fhíorbheagán liathróide. Sprioc a dó ná an liathróid a sheoladh isteach chuig an line lántosach chomh tapaidh agus chomh díreach agus is féidir.

Caitheann Corcaigh an iomad liathróide ar fad trasna na páirce in ionad é a ligean isteach díreach chuig na tosaithe dainséaracha atá istigh acu.

Fadhb mhór atá acu, dár ndóigh, ná easpa ceannairí . Tá súil agam go seasann Shields, Miskella ,O'Neill agus O'Connor suas go luath sa chluiche agus gan ligean don Dún an *"pace"* a dhéanamh. Is dócha go mbeidh dabht mór faoi Graham Canty go dtí caitheamh isteach na liathróide ar an Domhnach.

Mar Chorcaíoch ba bhreá liom go mbuafaidís, go háirithe ar son Canty , Anthony Lynch agus Nicholas Murphy atá ag imirt leis na blianta agus gan Craobh na hÉireann a bheith buaite acu fós .

Ta a fhios agam nach mbeidh se éasca ach ceapaim go mbeidh an lá leo an uair seo.

Bhí oíche go maidin in Óstán an Galway Bay i mBóthar na Trá sa Ghaillimh seachtain ó shin nuair a rinne Raidió na Gaeltachta agus Glitterati na Gaeilge ómós a thabhairt don chraoltóir iomráiteach, réchúiseach, iontach Micheál Ó Muircheartaigh. Rinne Seán Bán Breathnach agus Dara Ó Cinnéide sár-jab ag láithriú agus tá ardmholadh tuillte acu . Bhaineas antaitneamh as an oíche i measc mhóruaisle na Gaeilge ag ceiliúradh shaol agus obair Uí Mhuircheartaigh a bhí ceithre scór bliain le déanaí. Go maire sé céad.

D'athraigh tírdhreach na hiomána go mór taobh istigh de sé lá an tseachtain seo caite. Chuir iománaithe faoi fiche haon Thiobraid Árann corn an chomórtais sin leis an gceann sinsir agus iad i bhfad róláidir do leaids na Gaillimhe i nDúrlas Éile .

Bhí atmaisféar iontach sa staid i ndiaidh an chluiche agus an lucht féachana dílis ag sú isteach ghathanna an bhua agus gach a mbaineann leis. Bhí sé ar nós Fhéile Rio De Janeiro ar Mháirt na hInide gach bliain.

Ar an oíche chéanna bhuaigh beirt iománaithe óga ón nDaingean boinn chraobh na hÉireann faoi 21 B nuair a chroch Ciarraí leo an corn sin le bua cuimsitheach i gcoinne na Mí .

Sea rinne Daire Ó Súilleabháin agus Pól Ó Géanaigh a phíosa stair iomána féin i ndúiche atá lán de stair peile.

Beir Bua.

Cad a cheapfá? An Dún nó Corcaigh?

Gráinne McElwain

I dtús na bliana is beag duine a thuar go mbeadh an Dún ag imirt i gCluiche Ceannais na hÉireann. Tharla an rud céanna le Dún na nGall in 1992 agus le Gaillimh in 1998 agus d'éirigh leis an dá fhoireann sin an cluiche ceannais a bhuachan. Labhair Gaelscéal le beirt a bhí ar na foirne sin faoi chluiche an Domhnaigh.

John Joe Doherty - Dún na nGall 1992

An Dún nó Corcaigh?

Is dóigh liom go mbeidh sé cóngarach ach mar gurb iad an Dún is fearr atá ag imirt táim ag piocadh an Dúin. Tá an-mhuinín acu agus bíonn siad go maith i gcónaí i bPáirc an Chrócaigh. Ag an am céanna tá Ciarraí imithe anois agus b'fhéidir nach mbeidh deis eile mar seo arís acu nach mbeidh orthu aghaidh a thabhairt ar Chiarraí. Níl Corcaigh ag imirt go maith i mbliana ach tá na torthaí bainte amach acu agus nuair a fuair siad an deis in aghaidh Átha Cliath thóg siad go maith é. Má imríonn siad chomh maith agus a d'imir siad anuraidh tá an-seans acu, ach níor tharla sé sin fós i mbliana.

Cad iad na rudaí is tábhachtaí do Chontae an Dúin?

Caithfidh Martin Clarke a bheith go maith. Má éiríonn le Corcaigh é a stopadh beidh leath dá gcuid oibre déanta acu. Beidh seilbh i lár na páirce an-tábhachtach, mar an fhoireann a mbíonn a gcuid lámha acu ar an pheil, is iad is mó a bheidh in ann seans a thabhairt dá gcuid tosaithe. In aghaidh Chill Dara níor thosaigh siad go maith agus is é an cúl sin a fuair Benny Coulter a thug isteach san imirt iad. Ní dóigh liom go mbeidh siad chomh fada ag teacht isteach san imirt an uair seo. An t-aon eagla a bheadh orm faoin Dún ná nár chríochnaigh siad go maith in aghaidh Chill Dara agus bíonn Corcaigh go maith ag teacht le deireadh na himeartha.

Cad faoi Chorcaigh?

Caithfidh na tosaithe atá acu oibriú níos déine agus caithfidh an liathróid a dhul isteach ag na tosaithe níos tapúla, mar a chuaigh sé isteach ag Colm O'Neill sa dara leath in aghaidh Átha Cliath. Níl cosantóirí chun an pheil a imirt isteach ag tosaithe má cheapann siad nach bhfuil na tosaithe chun an seilbh a bhuachan mar beidh sé ag teacht amach arís chucu chomh tapaidh céanna. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh na tosaithe oibriú níos déine agus an liathróid a éileamh uathu siúd atá ag imirt níos faide amach. Go minic le Corcaigh bíonn an pheil ag an duine mícheart agus iad ag tabhairt faoi scóranna, níl aon Cholm Cooper nó Stephen O'Neill acu. Caithfidh siad a

bheith cúramach faoi sin agus na daoine atá ag iarraidh na scóranna a thógáil. Buntáiste amháin atá ag Conor Counihan ná go bhfuil níos mó rogha aige ón bhinse ná mar a bheidh ag James McCartan.

Cad a bheidh eatarthu ag an deireadh?

Is dóigh liom go mbeidh sé cosúil leis an chluiche ceannais anuraidh, ní bheidh ann ag an deireadh ach cúilín nó dhó agus gur ag an Dún a bheidh an bua.

Seán Óg de Paor - Gaillimh 1998

An Dún nó Corcaigh?

Má bhreathnaíonn tú ar na foirne a bhuaigh Craobh na hÉireann bíonn tosaithe maithe acu a sheasann amach. Colm Cooper, Declan O'Sullivan le Ciarraí, Brian McGuigan le Tír Eoghain. Tá Martin Clarke agus Benny Coulter ag an Dún ach ní fheicim go bhfuil siad ag Corcaigh. Tá Paddy Kelly agus Daniel Goulding go maith ach níl siad ar an leibhéal céanna leis na himreoirí eile a luaigh mé agus ceapaim, mar gheall air sin, go mbeidh an bua ag an Dún.

Tá féinmhuinín acu. Cuimhneoidh siad air nach bhfuil aon chluiche ceannais caillte acu riamh, go bhfuil traidisiún láidir sa chontae agus fágann sin go bhfuil meon aigne áirid acu. Creideann siad nach mbuailfear iad. Chabhraigh an traidisiún agus meon sin go mór liomsa in 1998 nuair a chuimhnigh mé siar ar fhoireann na Gaillimhe sna seascaidí. Má bhí siad sin in ann é a dhéanamh cén fáth nach mbeadh mise.

Cad iad na rudaí is tábhachtaí do Chontae an Dúin?

An chéad rud go gcaithfidh siad a dhéanamh ná seilbh a bhuachan i lár na páirce le go mbeidh siad in ann í a thabhairt do Mhartin Clarke agus Benny Coulter. Tá Corcaigh láidir ansin agus caithfidh an Dún díriú isteach ar an áit sin. An dara rud ná caithfidh siad imirt ar feadh seachtó nóiméad agus tuilleadh. Lig siad Cill Dara ar ais sa chluiche leathcheannais agus chuir sé sin faitíos orthu. Chonaic muid in aghaidh Átha Cliath go raibh an chuma air go raibh Corcaigh buailte ach léirigh Corcaigh an meon aigne atá acu agus ní ghéillfidh siad go dtí go mbeidh an cluiche thart.

Cad faoi Chorcaigh?

Níor imir Corcaigh go maith fós agus tá gach duine ag rá go bhfuil an taispeántas is fearr uathu fós i mbliana ag teastáil don chluiche seo. Cuireann caint den chineál sin brú ar imreoirí. Labhair Dinny Allen, a chaill dhá chluiche ceannais le Corcaigh in 1987 agus '88, faoin mbrú a bhí orthu in 1989. Cuimhnigh ar Nicholas Murphy a bhfuil trí chluiche ceannais caillte aige agus go leor eile ar an bhfoireann a bhfuil dhá cheann caillte acu. Beidh siad ag cuimhneamh air sin agus cruthaíonn sé sin brú. Má chailleann Corcaigh ceann eile, agus ní theastaíonn uaim a bheith maslach ag rá seo, ach is gearr go mbeidh daoine ag caint orthu mar a labhraíonn said faoi Mhaigh Eo. B'fhéidir go n-éireoidh le Corcaigh an brú sin a choinneáil faoi smacht ach ní bheidh a fhios againn é sin go dtí go bhfeicfidh muid an toradh, ach sin é an bac is mó a bheidh le sárú acu. Ceist eile ná cé chomh maith is a bheidh ceannaire Chorcaí, Graham Canty. Níl an méid traenála déanta aige agus atá ag daoine eile mar gheall ar ghortú. Níl a fhios agam an mbeidh sé céad faoin gcéad réidh don chluiche, go háirithe má chuirtear ar Martin Clarke é.

Cad a bheidh eatarthu ag an deireadh?

Trí nó cheithre chúilín ar a mhéid. Tá Corcaigh láidir agus aclaí agus beidh siad ann go dtí an deireadh, ach tá an X-factor sin sna tosaithe ag an Dún agus beidh siad níos suaimhní ina n-intinn, ní bheidh an brú orthu mar atá ar Chorcaigh.

Cluiche Ceannais Peile na hÉireann F18

Gráinne McElwain

Nuair a thabharfas Corcaigh agus Tír Eoghain aghaidh ar a chéile i gCluiche Ceannais Peile Mionúir na hÉireann ar an Domhnach, beidh a fhios ag an dá fhoireann go bhfuil a gcéile comhraic go maith ag teacht ar ais má bhíonn siad taobh thiar agus gan ach cúpla nóiméad fágtha.

Sa Chluiche Leathcheannais a bhí ag Tír Eoghain in aghaidh Mhaigh Eo, bhí siad seacht gcúilín taobh thiar ag pointe amháin ach tháinig siad ar ais le cúil ó Richard Donnelly agus Laoch na hImeartha, Ronan O'Neill agus bhuaigh siad amach é 3-10 i gcoinne 0-16.

Is mó taithí atá ag Corcaigh ar a bheith ag teacht ar ais ón bhás mar tharla sé dóibh go minic i mbliana. I gCluiche Ceannais na Mumhan in aghaidh Chiarraí shábháil Brian Hurley iad le scór ag deireadh na himeartha agus bhuaigh siad le cúilín amháin. In aghaidh Ard Mhacha sa Chluiche Ceathrú Ceannais ba é Stephen Mahony a scóráil an cúl chun na hUltaigh a chloí, cé gur aimsigh siad 19 cúilín sa chluiche.

Sa Chluiche Leathcheannais a bhí ag Corcaigh in aghaidh na Gaillimhe bhí siad taobh thiar le naoi gcúilín agus scóráil Gaillimh cúig chúl ach mar sin féin tháinig Corcaigh ar ais agus sna sé nóiméad déag dheireanacha den chluiche scóráil siad 1-9. Bhuaigh siad an cluiche le cic saor ag deireadh na himeartha ar fad le haon chúilín amháin, 3-15 in aghaidh 5-8.

Rud amháin a rachas chun tairbhe Chorcaí ná go bhfuil siad tar éis dhá chluiche a imirt i bPáirc an Chrócaigh i gcomparáid leis an chluiche amháin a bhí ag Tír Eoghain ansin. Ach cuimhnigh ar an meaisín atá i dTír Eoghain agus an cleachtadh atá ag na foirne faoi aois ansin ar a bheith ag buachan.

Tá siad ag lorg a dara craobh mhionúir le trí bliana anuas ach beidh a gcuid deacrachtaí féin acu. Tá an cúl báire, Mark Reynolds, gortaithe agus ní bheidh sé ar fáil.

Níor thraenáil an leatosach láir, Thomas Canavan, ón Chluiche Leath-cheannais in aghaidh Mhaigh Eo agus ballnasc ina rúitín gortaithe aige, ní fios an mbeidh sé ar ais in am agus tá gortú gualainne ag cur as do Enda McGahan. Níl aon dabht faoi ach go gcaithfidh siad imirt go dtí an deireadh ar fad mar sin é a dhéanann Corcaigh.

Seo é an chéad bhliain ag Brian Cuthbert mar bhainisteoir ar Chorcaigh ach chaith sé dhá bhliain mar roghnóir leo roimhe sin. Deir sé go bhfuil grúpa iontach aige agus nach bhfuil aon réalta ar an fhoireann ach go bhfuil siad uilig ag obair dá chéile. Fiú agus é sin ráite tá roinnt imreoirí a sheasann amach ar nós Alan Cronin ó Nemo, Damien Cahalane (mac le Niall) agus Matthew O'Shea as an Ghleann Garbh, an chéad duine ón gclub sin i ngeansaí an chontae le breis agus trí scór bliain. Lá mór do na buachaillí óga é seo, go háirithe d'imreoirí Chorcaí mar go mbeidh slua dá gcuid lucht tacaíochta thuas do chluiche na sinsear. Ba cheart go mbeadh an-chluiche ann agus scór réasúnta ard le roinnt cúl, cosúil leis an dá chluiche leathcheannais.

Cé acu ag a mbeidh an corn, Shea McGarrity, Captaen Thír Eoghain, ar chlé, nó Daniel Fitzgerald, Captaen Chorcaí?.
(PIC. DAVID MAHER / SPORTSFILE)

Bua: Tír Eoghain

Micheál Ó Muircheartaigh ag éirí as



Treasa Bhreathnach

"Tá gach aon rud dá mbeadh suim agam a dhéanamh déanta agus déanta go minic. Tá rudaí seachas sin nár éirigh liom a dhéanamh chomh mór agus a d'fhéadfainn ach táim sásta mar atá cúrsaí faoi láthair," a deir Micheál Ó Muircheartaigh an tseachtain seo. D'fhógair an tráchtaire clúiteach inné go raibh sé chun éirí as an tráchtaireacht tar éis Chluiche Ceannais peile na bliana seo idir an Dún agus Corcaigh.

Is Ciarraíoch é Micheál ó Dhún Síon in aice leis an Daingean ó dhúchas agus deir sé, "Tá sé anashuimiúil go bhfuil an Dún sa chluiche ceannais, mar níor bhuaigh Ciarraí riamh ar an Dún. Tá Craobh na hÉireann buaite acu cúig huaire go dtí seo agus i gceithre cinn de na comórtais sin bhuaigh siad ar Chiarraí, faoi dhó sa chluiche ceannais agus faoi dhó sa chluiche leathcheannais. Sin rud atá le maíomh as, níor theip ar an Dún riamh i gcluiche ceannais."

Tá traidisiún láidir peile i gCiarraí ach síleann Micheál gur fearr go mór mar chluiche é an iomáint. "Má fhéachainn tú ar cluiche ceannais na bliana seo agus anuraidh is léir gur cluiche ar leith é. Ní bhíonn an oiread san calaois á dhéanamh sa chluiche iomána. An cúis atá leis seo a deir na daoine a dhein staidéar air ná go mbíonn na lámha gafa. I ngach aon chluiche eile bíonn na lámha saor agus is leis na lámha a dhéantar an chalaois, imreoirí a chaith go talún agus iad á shárú ó dhul ar aghaidh is mar sin de. Bíonn béim i bhfad níos mó ar an imirt de réir na rialacha san iomáint. Ní bhíonn imreoirí iomána riamh ag iarraidh na rialacha a shárú, nó ag iarraidh scil na ndaoine a bhíonn á imirt ina aghaidh a chur ar ceal. Sin a dhein Tiobraid Árann agus iad ag iarraidh buachan ar Cill Chainnigh le caighdeán níos airde iomána. Tá an t-uafás scileanna san iomáint, os cionn 100 scil ar leith i gcluiche iomána, ní bheadh a leithéid in aon sórt cluiche peil, rugbaí, sacar nó peil ghaelach, déarfainn dá mbeadh 20 scil ar bharr an liosta agat go mbeadh an t-iomlán agat leis na cluichí sin."

Tá ainm Mhichíl Uí Mhuircheartaigh agus ainm an Chumainn Lúthchleas Gael fite fuaite lena chéile ón uair a thosaigh sé ag tráchtaireacht in 1949 ach tá neart spórt eile ann go bhfuil suim aige iontu. "Tá spórt ann do gach aon duine, is cuma cé hiad féin," a deir sé. "Sílim go bhfuil rugbaí an-taitneamhach le féachaint air ach domsa bíonn an sacar róleamh mar nach mbíonn a dóthain scór ann. Tá an-suim agam sa ghalf agus sna capaill agus na madraí." Ní hé go gcaitheann sé a chuid airgid uaidh ar an ngeallghlacadóireacht mar deir sé "is é an gnáthnós agus an riail is fearr ná gan ach an méid atá le spáráil agat a chaitheamh, ós rud é go n-imíonn sé ar strae - rud a tharlaíonn ó am go ham."

Cháiligh Micheál mar mhúinteoir, d'oibrigh sé mar mhúinteoir meánscoile agus bhí sé mar chathaoirleach ar Bhord na Gaeilge (Foras na Gaeilge) agus ar ?Ghaelscoileanna áirithe. Níl sé in aon chaoi amhrasach faoi thodhchaí na Gaeilge. "Tá slí an-simplí le hathbheochan an-mhór a dhéanamh ar an nGaeilge, sin é ná na daoine atá Gaeilge acu, í a labhairt. Sílim go bhfuil muid ag brath rómhór ar pholaiteoirí, is fearr dul ar aghaidh agus an Ghaeilge a úsáid. Ní dóigh liom go bhfuil aon bhaol ann don Ghaeilge, beidh sí á labhairt i gcónaí."

Tar éis Chluiche Ceannais peile na hÉireann beidh Micheál ag taisteal chuig Hong Cong i gcomhair chluichí na hÁise agus dar leis beidh neart Gaeilge á labhairt ansin chomh maith mar gheall ar an méid Éireannach a bheidh ag teacht chuig na cluichí ó Singeapór, ón tSín agus ó thíortha eile agus fonn orthu an Ghaeilge a labhairt. Tá an-suim ag Micheál i dtaisteal agus tá roinnt dá n-ochtar clainne scaipthe ar fud an domhain.

Rud amháin a thug sé faoi deara faoi na difríochtaí idir muide agus tíortha eile i dtaobh an spóirt ná go mbíonn i bhfad níos mó suime againne sa phearsa ná mar a bhíonn i dtíortha eile. "In Éirinn bíonn suim ar leith againn sna daoine a bhíonn á imirt an pheil in áit conas a bhíonn siad ag imirt, i dtíortha eile ní bhíonn mórán suime sa phearsan féin. Is breá linn aithne a chur ar na himreoirí agus eolas a fháil amach fúthu. Ó thaobh na capaill i dtíortha eile bíonn an chaint ar fad faoin airgead agus is beag caint a bhíonn faoin úinéir nó an traenálaí ach is dóigh liom go bhfuil sé go maith an dá rud a bheith measctha le chéile."

Tá ré órga tráchtaireachta Mhichíl anois ag teacht chun deiridh agus mar is iondúil tá sé umhal agus é glan in éadan a rá gurb é 'glór na tíre' é. "Bhíodh peileadóirí ag teacht chugamsa in amanna agus d'iarraidís comhairle ormsa cathain is cóir éirí as. An chomhairle a bhíodh agamsa i gcónaí ná 'tá tú fada a dhóthain fós ón bpointe nach mbeidh éinne ag iarraidh go mbeadh tú ag imirt, so lean ort go dtí go dtagann an pointe sin'. Sin an chomhairle a thabharfainn do dhaoine, leanacht orthu go dtí go bhfuil siad féin sásta.

Ó fhoireann Gaelscéal ar fad, ba mhaith linn buíochas mór a ghabháil le Micheál Ó Muircheartaigh as na cluichí iontacha a chruthaigh sé dúinn thar na blianta agus guímid gach rath air sa todhchaí.

Tuairim

Sam ag brath ar mheon Chorcaí

Gráinne McElwain

"FAITÍOS a bhí orainn go gcaillfeadh muid, in áit a bheith ag cuimhniú ar an bhua a fháil". Tá sé tráthúil go gcuimhneodh muid ar an té a dúirt an méid sin agus muid ag féachaint chun cinn ar Chluiche Ceannais na hÉireann an deireadh seachtaine seo.

Ba é laoch Ros Comáin, Dermot Earley, a bhásaigh níos luaithe i mbliana, a dúirt an méid sin nuair a bhí sé ag tagairt don chaoi ar chaill siad in aghaidh Chiarraí ar an tríú Domhnach de Mheán Fómhair 1980, an t-aon uair gur imir sé sa Chluiche Ceannais.

Is dóigh liomsa gur cheart an cheist a chur anois, an bhfuil an seans ann go bhféadfadh an rud céanna tarlú do Chorcaigh i mbliana?

Cé go bhfuil an t-uafás bainte amach acu mar fhoireann agus go bhfuil dul chun cinn déanta acu, níl barr an tsléibhe bainte amach fós acu. Shroich siad Cluiche Leathcheannais na hÉireann gach bliain ó 2005 agus seo é an tríú Cluiche Ceannais acu le ceithre bliana anuas.

Ba iad an fhoireann ab fhearr iad sa chomórtas anuraidh ach tharla sé arís, den chúigiú bliain as a chéile, go bhfuair Ciarraí an lámh in uachtar orthu nuair is mó a bhí tábhacht ag baint leis. Ó thaobh na síceolaíochta de ní raibh siad in ann ag foireann na Ríochta arís.

Ag tús na bliana seo, bhuaigh siad Comórtas na Sraithe gan mórán stró, bhreathnaigh siad níos láidre agus an uair seo bheadh an lá leo, ach an mbeadh siad ábalta seasamh le Ciarraí? B'fhéidir gur imir siad go maith in aghaidh Chiarraí agus ar feadh tamaill i gCraobh na Mumhan agus in aghaidh Luimnigh agus iad ag úsáid an chúldorais, ach ó shin is beag duine a déarfadh gur bhain siad sult as a bheith ag féachaint ar pheil Chorcaí, seachas lucht tacaíochta Chorcaí ar ndóigh.

Cé go raibh siad bacach go maith ina dhiaidh sin, nuair a bhuail an Dún Ciarraí sa Chluiche Ceathrú Ceannais, bhí pobal Chorcaí ag rá nach raibh aon rud eile chun iad a choimeád siar. Ní bheadh orthu an cheist sin a chur orthu féin arís faoi Chiarraí agus cúrsaí síceolaíochta.

Ach le Ciarraí curtha go leataobh ar tháinig an tsíceolaíocht ar ais arís le ceist eile? An bhfuil faitíos orthu anois go gcaillfidh siad an deis seo? Agus má tá, an bhfuil an faitíos sin á gcoimeád siar? An é sin an fáth go bhfuil an stíl pheile atá acu chomh mall cúramach gearr agus go léiríonn sé nach bhfuil an oiread féinmhuiníne acu agus ba cheart.

Tá a fhios againn go bhfuil an pheil iontu. Ba cheart dóibh a bheith ag cuimhneamh ar an mbua. Ba cheart dóibh greim a fháil ar an chluiche agus a bheith dearfach ina gcuid imeartha. B'fhéidir nach raibh siad ró-mhaith go dtí seo, ach tá siad fós ann agus níl eatarthu agus Corn Mhic Uidhir ach 70 nóiméad peile.

Is féidir leo rudaí maithe a phiocadh as na deich nóiméad dheireanacha in aghaidh Átha Cliath nuair a tháinig siad ar ais ón bhás, nár chaill siad smacht orthu féin agus gur oibrigh an binse go maith.

Tá fulaingt go leor déanta ag an fhoireann seo agus dá gcaillfidís arís ní fios cén tionchar a bheadh aige sin orthu. Chuirfeadh sé leis na deacrachtaí síceolaíochta, níl aon dabht faoi sin, ach dá n-éireodh leo an bua a fháil ar an Dún, bheadh na slabhraí caite díobh acu agus bheadh cúpla bliain eile le baint as an fhoireann seo. Tá toradh an chluiche seo ag brath ar mheon Chorcaí, níor cheart go mbeadh faitíos orthu an cluiche a chailleadh, ba cheart dóibh a bheith dearfach agus díriú isteach ar an bhua a fháil.

An féidir le Corcaigh fáil réidh leis an fhaitíos Dé Domhnaigh? (PIC. BRENDAN MORAN / SPORTSFILE)